

Torthaí foghlama: Dearcadh Idirnáisiúnta

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Bealtaine
2019

An Clár Ábhar

Nóta Buíochais 4

Achoimre Fheidhmeach 5

Réamhrá 7

Cúlra 9

Torthaí Foghlama in oideachas in Éirinn 9

Cás-staidéar 1. Singeapór 14

An comhthéacs sochpholaitiúil 14

Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama 15

Torthaí foghlama i gcleachtas 19

Torthaí Foghlama a Bhainistiú 20

Múinteoirí agus Torthaí Foghlama 22

An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile 23

Torthaí Foghlama agus cultúr scoile 26

Cás-staidéar 2. Ontario 28

An comhthéacs sochpholaitiúil 28

Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama 29

Torthaí Foghlama a Bhainistiú 31

Torthaí foghlama i gcleachtas 32

Múinteoirí agus Torthaí Foghlama 33

An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile 34

Torthaí Foghlama agus cultúr scoile 36

Cás-staidéar 3. British Columbia 37

An comhthéacs sochpholaitiúil 37

Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama 37

Torthaí Foghlama a Bhainistiú 40

Torthaí foghlama i gcleachtas 42

Múinteoirí agus Torthaí Foghlama 44
An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile 45
Measúnú agus Tuairisciú sa Seomra Ranga 46
Measúnú Cúige 50
Torthaí Foghlama agus cultúr scoile 50
Cás Staidéir 4. An Nua-Shéalainn 51
An comhthéacs sochpholaitiúil 51
Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama 51
Torthaí Foghlama a Bhainistiú 54
Torthaí foghlama i gcleachtas 55
Múinteoirí agus Torthaí Foghlama 56
An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile 57
Torthaí Foghlama agus cultúr scoile 58
Cás Staidéir 5. Hong Cong 60
An comhthéacs sochpholaitiúil 60
Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama 62
Torthaí Foghlama a Bhainistiú 66
Torthaí foghlama i gcleachtas 67
An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile 69
Torthaí Foghlama agus cultúr scoile 73
Plé 75
Téamaí 75
Tátail 76
Nótaí Buíochais 82
Tagairtí 83

Nóta Buíochais

Ba mhaith leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) buíochas a ghabháil leis an Ollamh Mark Priestley, University of Stirling, a bhí ina phríomhrannpháirtí san athbhreithniú seo, a scríobhadh i gcomhar le foireann CNCM, agus a ndearna taighdeoirí ó na dlínsí cás-staidéir; Singeapór, Ontario, British Columbia, an Nua-Shéalainn agus Hong Cong piarmheasúnú air.

Achoimre Fheidhmeach

Is é is cuspóir leis an dearcadh idirnáisiúnta seo ar na Torthaí Foghlama tacaíocht a chur ar fáil do lucht déanta beartas, d'oifigigh tacaíochta curaclaim agus do chleachtóirí a thacaíonn le forbairt agus cur i bhfeidhm na dTorthaí Foghlama i suíomhanna oideachais in Éirinn. Fiosraítear eispéiris foghlaimeoirí, múinteoirí agus oideachasóirí ó cúig dhlínse oideachasúla le linn tréimhse athchóirithe shuntasaigh san oideachas ann. Roghnaíodh na dlínsí seo mar shamplaí ar éirigh leo athchóirithe curaclaim dea-fhorbartha, inar úsáideadh Torthaí Foghlama, a chur i bhfeidhm. Aithnítear gur táirge uathúil gach córas oideachais agus go mbíonn tionchar ag neart gnéithe lena n-áirítear cultúr, eispéireas, an pholaitíocht agus an tsocheolaíocht air. Tugtar léargas sa pháipéar seo ar na bealaí ina n-úsáidtear Torthaí Foghlama i ndlínsí eile ionas go mbeidh an taithí sin mar bhonn eolais ag conas a úsáidtear Torthaí Foghlama i gcomhthéacs na hÉireann agus nuair a bheifear ag breathnú ar cheachtanna amach anseo.

Tá an t-athbhreithniú leagtha amach mar shraith cásanna staidéir, úsáidtear cáipéisí beartais, litríocht taighde agus taithí na bpáirtithe leasmhara sa tsraith sin chun scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bhaineann le Torthaí Foghlama a úsáid sna cúig dhlínse.

Tráth a n-aistríonn beartas curaclaim in Éirinn ó shonraíocht saintreorach ar an inneachar a ndéantar staidéar air chuig cur chuige atá bunaithe ar scileanna agus a chuirtear in iúl trí Thorthaí Foghlama, léirítear i bhfianaise ón athbhreithniú go mbíonn roinnt príomhimpleachtaí ag an gcur chuige seo

- Tábhacht nádúr an eolais agus na pleanála a chur in iúl le haghaidh cothromaíocht mhaith sa churaclam maidir le heolas tairiscintiúil nó cuimsitheach (fios go bhfuil), agus eolas gnásúil (fios conas).
- Má táthar ag súil go mbainfidh múinteoirí leas as cineálacha cuiditheacha den oideolaíocht chun an scoláire a spreagadh le bheith gníomhach i dtuiscint dhomhain agus chumhachtach, teastóidh aistriú suntasach i mbarúlacha pearsanta agus gairmiúla, mar aon le méadú ar an eolas ar inneachar oideolaíoch agus ar an eolas disciplíneach, chun an t-athrú seo a chur i gcrích.
- Ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar an gcineál forbartha gairmiúla a bheidh riachtanach do mhúinteoirí chun an t-athchóiriú a thuiscint.
    - Tá ról ríthábhachtach ann don idirphlé gairmiúil fairsing idir gach gníomhaí in athchóiriú an oideachais chun na Torthaí Foghlama a aithint agus ciall a bhaint as na

naisc a d'fhéadfadh a bheith idir eolas cumhachtach agus luachanna, dearcthaí agus inniúlachtaí, agus conas a thugtar na nithe seo isteach sa teagasc.

  - Caithfidh idirphlé gairmiúil ar an athchóiriú a bheith leanúnach agus atriallach, le déantóirí beartas agus múinteoirí ag foghlaim go leanúnach ó na nithe a oibríonn agus iad sin nach n-oibríonn.

- Ní mór aon fhormhíniú a dhéantar ar Thorthaí Foghlama a scríobh ar bhealach cúramach ionas go dtacóidh siad le rannpháirtíocht dhíreach leis na 'smaointe móra' agus na teachtaireachtaí agus le cuspóirí an oideachais. Bíonn tionchair neamhbheartaithe ann nuair a dhéantar an iomarca formhínithe ar na Torthaí Foghlama agus ní úsáidtear iad ach mar thicbhoscaí don mheasúnú nó don chur i gcrích dá bharr.

- Cuidíonn athbhreithniú leanúnach ar an gcuraclam le leanúnachas a choinneáil agus coinnítear suas an plé idir múinteoirí agus an córas maidir le cuspóirí an churaclaim.

Réamhrá

Tá na Torthaí Foghlama uileláithreach i mbeartas curaclaim ar fud an domhain le cúpla bliain anuas. Baineann neart buntáistí féideartha leis an aistriú seo, mar aistríonn an bhéim ón soláthraí oideachais chuig an úsáideoir oideachais leis, tugtar teanga choiteann isteach leis, teanga ina dtéitear i ngleic le fadhbanna dul chun cinn, trédhearcachta agus cothromais (CEDEFOP, 2009). Aontaítear go ginearálta gur 'ráitis iad ar cad atá ar eolas ag an bhfoghlaimeoir, cad a thuigeann an foghlaimeoir agus cad is féidir leis an bhfoghlaimeoir déanamh tar éis dó an fhoghlaim a chur i gcrích' (ibid, l.9). Léirítear leo aistriú i dtreo samhail a chruthú ar an oideachas i dtéarmaí na bhfoghlaimeoirí agus a bhforbartha, seachas i dtéarmaí na nithe a mhúinfear (Biesta & Priestley, 2013). Baineann an t-aistriú seo le teannais idir curaclam atá bunaithe ar eolas agus curaclam ina bhfuil an foghlaimeoir ina chroílár/atá bunaithe ar inniúlacht. Bhí tionchar ag na teannais seo ar dhéanamh beartas curaclaim i neart dlínsí oideachais idirnáisiúnta, i ndéanamh curaclaim atá scoil-bhunaithe, mar tá múinteoirí i dtaithí ar churaclaim atá treoraithe ag inneachar agus anois iarrtar orthu a gcleachtas a athchóiriú, agus sa scríbhneoireacht acadúil ar an gcuraclam (m.sh. Young agus Muller, 2010). Neartaigh foilsiú na gcreat inniúlachta a d'fhoilsigh eagraíochtaí fornáisiúnta amhail ECFE agus an tAontas Eorpach ó thús na mílaoise leis an aistriú seo chuig samhail oideachas atá bunaithe ar Thorthaí Foghlama.

Úsáidtear na Torthaí Foghlama ag gach céim den scolaíocht in Éirinn ó na luath 2000idí anuas agus rinneadh neart plé ar an ábhar. Mar shampla, áit a mbreathnaíonn múinteoirí ar na Torthaí Foghlama trí scrúduithe tábhachtacha, díríodh ar an gcaidreamh idir na Torthaí Foghlama agus an measúnú; áit a mbreathnaítear orthu trí mheasúnú scoile nó trí chórais chuntasachta, díríodh ar an gcaidreamh idir na Torthaí Foghlama agus torthaí scolaíochta eile atá níos ginearálta a bhaint amach. Ag dul thar shonraíocht an churaclaim agus ag díriú ar na seomraí ranga, lorgaíodh athbhreithniú ar an gcineál tacaíochta a theastaíonn ó na múinteoirí chun a gcleachtas a léirmhíniú agus a fhorbairt agus na Torthaí Foghlama mar chuid den chleachtas sin.

Tá fréamhacha ag an dá fhadhb seo in dhá theannas phríomhúla atá le fáil i tsamhail na dTorthaí Foghlama.

- Tá an chéad fhadhb sin le feiceáil i bhfeidhm na dTorthaí Foghlama. Cé mhéad a úsáidtear iad mar chaighdeáin don mheasúnú – mar ráitis ar conas a thomhaistear torthaí agus a bhfuil nasc acu le cuntasacht thábhachtach? Nó an mbreathnaítear orthu mar ráitis chuspóra amháin, mar threoir don phleanáil oideachasúil? Sa chéad chás sin, ní measúnuithe suimitheacha ar an scoláire amháin iad ach féadfar iad a úsáid mar mheasúnú ar na múinteoirí agus ar na scoileanna chomh maith, leis na rioscaí a bhaineann le gníomhúlacht an chórais (m.sh. féach: Keddie, Mills, & Pendergast,

2011; Tiberghien, 2000; Leat, D. Livingstone & Priestley, 2013). Tá cur síos forleathan déanta ar na tionchair a bhíonn aige seo, lena n-áirítear cuir chuige na dticbhoscaí chun na Torthaí Foghlama uile a chumhdach, teagaisc atá treoraithe ag an measúnú, agus araile (m.sh. Priestley & Minty, 2013). Sa dara cás, féadfar breathnú ar na Torthaí Foghlama mar phointe tosaigh don phleanáil oideachasúil, agus iad nasctha leis an machnamh a dhéantar ar chuspóirí, agus ag éascú roghnú inneachair agus modhanna chun na cuspóirí seo a bhaint amach.

- Luíonn an teannas sa chás seo sa mhéid is a shonraítear na Torthaí Foghlama. Bíonn cleachtóirí ag gearán go bhfuil na torthaí doiléir mura dtugtar dóthain sonraíochta maidir leo, agus nach bhfuil treoracha soiléire don churaclam le fáil iontu le cláir a phleanáil don fhoghlaim agus don teagasc. Is minic a chruthaítear córais atá an-mhaorlathach agus nach féidir a úsáid, fiú nuair a thugtar an iomarca sonraíochta sa Torthaí Foghlama, a bhfuil mapáil chasta don teagasc mar chuid den tsonraíocht sin. Baineann sé seo le nósanna amhail rudaí a dhéanamh ar mhaithe le tic a chur i mbosca amháin, comhlíonadh straitéiseach le beartas, an iomarca measúnaithe agus méadú ar an ualach oibre atá ar mhúinteoirí (CEDEFOP, 2009) Is deacair an rud é an chothromaíocht seo a bhaint amach, agus go minic is é an 'réiteach' a bhíonn ag daoine sonraíocht bhreise a chur ar fáil mar fhreagra ar éilimh ó mhúinteoirí ar son tuilleadh sonraí, agus bíonn fáinne fí den tsonraíocht mar thoradh air sin (Wolf, 1995).

Táthar ag tabhairt faoi athchóiriú ar churaclam ar fud an chórais in Éirinn faoi láthair, mar sin is tráthúil an rud é athbhreithniú a dhéanamh ar nádúr agus ar úsáid na dTorthaí Foghlama sa churaclam in Éirinn. Déanfar úsáid Torthaí Foghlama thar raon dlínsí a scrúdú mar chuid den athbhreithniú seo. Cé go mbíonn difríochtaí idir córais oideachais sna dlínsí éagsúla, tá deiseanna agus dúshláin chomhchoiteanna ag baint le húsáid Torthaí Foghlama i ngach ceann de na dlínsí; tarraingeofar aird ar roinnt de na fadhbanna sin sa pháipéar seo agus fiosrófar na bealaí inar láimhseáladh iad chomh maith. Is é is cuspóir leis an athbhreithniú seo tacaíocht a chur ar fáil do dhéantóirí beartas, d'oifigigh tacaíochta curaclaim agus do chleachtóirí a thacaíonn le forbairt agus cur i bhfeidhm na dTorthaí Foghlama i suíomhanna oideachais trí mhachnamh a dhéanamh ar thaithí na ndlínsí oideachasúla a d'fhorbair curaclam atá bunaithe ar Thorthaí Foghlama.

Breathnaítear ar cúig dhlínse mar chásanna staidéir agus fiosraítear úsáid Torthaí Foghlama faoi na ceannteidil seo a leanas iontu: Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama; Torthaí Foghlama i gcleachtas; Torthaí Foghlama a Bhainistiú; Múinteoirí agus Torthaí Foghlama; an Caidreamh a bhíonn idir Torthaí Foghlama agus codanna eile den churaclam; Torthaí Foghlama agus cultúr scoile. Roghnaíodh na cásanna seo mar shamplaí d'athchóirithe curaclaim dea-fhorbartha ar éirigh go maith leo, inar úsáideadh Torthaí Foghlama, a chur i bhfeidhm. Bhí cáipéisí beartais ar fáil i mBéarla i ngach

cás agus bhí rochtain ar raon litríochta léinn/taighde ina ndéantar léirmheas ar na hathchóirithe. Bhíothas in ann anailís chriticiúil a dhéanamh ar gach cás mar gheall go raibh an litríocht bheartais agus léinn ar fáil, agus breathnú ar shamplaí agus ar cheachtanna a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn eolais faoin mbeartas agus faoin gcleachtas in Éirinn.

Cúlra

Tá aistriú i bhforbairt churaclaim in Éirinn ó thús na 2000idí i dtreo cur chuige atá bunaithe ar thorthaí foghlama, ina ndéantar an fhoghlaim a mhíniú trí na nithe ba cheart a bheith ar eolas ag an scoláire faoi dheireadh an chúrsa. Úsáideadh Torthaí Foghlama den chéad uair i siollabais athchothromaithe an Teastais Shóisearaigh go luath sna 2000idí. Ó shin i leith, is gnéithe lárnacha iad den athchóiriú ar an tsraith shóisearach agus ar an tsraith shinsearach agus i bhforbairtí ar an gcuraclam bunscoile. Sa bhliain 2011, éilíodh sa Straitéis Náisiúnta don Litearthacht agus don Uimhearthacht go nglacfar le samhail bunaithe ar "Thorthaí Foghlama" i ráitis churaclaim ag gach céim den scolaíocht, agus go sonrófar na Torthaí Foghlama atáthar ag súil a bhaint amach ar bhealach sonrach.

> *Ní mór cur chuige atá bunaithe ar "Thorthaí Foghlama" a ionchorprú i ngach ráiteas curaclaim ag leibhéal na bunscoile agus i ngach siollabas nua ag leibhéil iar-bhunscoile de réir mar a bheidh siad ar fáil. Ba cheart go leagfaí na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhfuiltear ag súil leo ón bhfoghlaimeoir ag sé chéim dá fhorbairt (ag deireadh na luathbhlianta/na naíonán, ag deireadh rang a dó, ag deireadh rang a ceathair, ag deireadh na bunscolaíochta, ag deireadh na sraithe sóisearaí agus ag deireadh na sraithe sinsearaí).* (ROS, 2011)

Cuireadh béim ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na dearcthaí a fhoghlaimeoidh an scoláire agus dírítear ar ábhar an chúrsa nó an tsiollabais le húsáid Torthaí Foghlama i bhforbairt churaclaim nua.

Torthaí Foghlama in oideachas in Éirinn

I gcuraclaim na hÉireann, is ráitis ghairide, shoiléire, shonracha iad na torthaí foghlama ar an eolas, an tuiscint, na scileanna, na luachanna agus na meonta atáthar ag súil ó fhoghlaimeoirí a bheith ábalta a léiriú de thoradh na foghlama a bhaineann leis an tsonraíocht. Cumadh iad chun treoir maidir leis an teagasc agus leis an measúnú a chur ar fáil do mhúinteoirí agus chun cabhrú leis an scoláire tuiscint a fháil ar na nithe atáthar ag súil a bheidh ar eolas aige agus a bheidh sé in ann a dhéanamh faoi dheireadh an chúrsa. Tá ról suntasach ag Torthaí Foghlama i gcinntiú go bhfuil leanúnachas idir

aidhmeanna an oideachais, cuspóirí comhpháirteanna den churaclam, na straitéise teagaisc/foghlama a ghlactar, agus an measúnú a úsáidtear. I mbeagán focal, is é is cuspóir leo cur leis an iarracht go n-ailíníonn gnéithe éagsúla den churaclam lena chéile. Tá sé mar aidhm ag úsáid Torthaí Foghlama a shonraítear ar bhealach soiléir, agus ag leibhéil arda a choinneáil maidir le hailíniú curaclaim, cuidiú leis an scoláire maidir leis na nithe seo a leanas:

- tuiscint shoiléir a bheith aige faoi cad ba cheart dó a fhoghlaim
- monatóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn féin
- níos mó smachta a bheith aige ar a fhoghlaim féin

Tá sé mar aidhm acu cuidiú le múinteoirí maidir leis na nithe seo a leanas:

- na modhanna teagaisc agus na tascanna foghlama is oiriúnaí a roghnú
- modhanna measúnuithe a fheabhsú trí theicnící measúnaithe a nascadh leis an Toradh Foghlama atáthar ag iarraidh a bhaint amach, mar sin ag cinntiú go mbeidh measúnú níos barántúla ann
- aiseolas níos fearr a chur ar fáil don scoláire
- rogha a dhéanamh maidir le cad a theagascfar agus an ord is fearr lena theagasc

Glacadh le Torthaí Foghlama in Éirinn mar fhreagra ar an dúshlán a bhaineann le cinntiú go ndéanfar an córas oideachais, ar dearadh i dtosach é le freastal ar scothaicme bheag, a athchóiriú le freastal ar riachtanais grúpa foghlaimeoirí atá níos leithne agus níos éagsúla. Áirítear sa ghrúpa sin foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu; foghlaimeoirí a dteastaíonn cláir fhoghlama níos pearsantaithe uathu agus foghlaimeoirí ar cheart cur ar a gcumas eolas agus scileanna a chur i bhfeidhm ar bhealach ní ba dhoimhne.

Is é bunbhrí rúin beartais CNCM go gcuirfear tuiscint shoiléir ar fáil sna Torthaí Foghlama don scoláire ar gach a bhfuiltear ag súil uaidh agus cad ar féidir leis a bheith ag súil leis ionas go nglacfaidh sé páirt níos lárnaí ina fhoghlaim féin agus go mbeidh sé in ann glacadh le straitéis inmhianaithe éifeachtach atá oiriúnach dá láidreachtaí agus dá riachtanais féin agus chun naisc a dhéanamh ar fud na foghlama.

Mar sin féin, baineann dúshlán amháin leis an tsamhail seo, is é sin, bealach a aimsiú le tacaíocht a thabhairt do gach duine a úsáideann na Torthaí Foghlama ionas go mbeidh comhthuiscint ann faoi conas a threoraíonn na Torthaí Foghlama an próiseas teagaisc agus foghlama, agus conas a bhainistítear Torthaí Foghlama i dtéarmaí a bhfeidhm i leith aschuir (measúnú) agus a bhfeidhmeanna ionchuir (pleanáil le haghaidh teagaisc).

Fiosraítear úsáid Torthaí Foghlama faoi roinnt ceannteideal (tábla 1) mar bhonn agus mar thaca leis an athbhreithniú ar oideachas thar gach earnáil. Aithnítear gur táirge uathúil gach córas oideachais agus go mbíonn neart gnéithe lena n-áirítear cultúr, eispéireas, an pholaitíocht agus an tsocheolaíocht mar chuid den phróiseas sin. Is é is aidhm leis na cásanna staidéir bonn eolais a chur faoi athbhreithnithe CNCM ar churaclam; ní iarracht é seo beartas a ghoid, nó aithris a dhéanamh ar straitéis atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

Ceantar	Fadhbanna & ceisteanna
Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama	▪ Sainmhíniú (sainmhínithe) ar na Torthaí Foghlama – Cad is cuspóir leo? – Cad iad na focail a úsáidtear leis na Torthaí Foghlama a chur in iúl? – Cad iad na míthuiscintí agus an comhbhréagnú is coitianta? – An bhfuil na Torthaí Foghlama éagsúil thar ábhair agus thar earnálacha? ▪ Cathain a bhaintear na Torthaí foghlama amach? ▪ Cén leagan amach atá ar na Torthaí Foghlama agus cad is cuspóir leo?
Torthaí Foghlama a Bhainistiú	▪ Cad iad na saintréithe a bhíonn agTorthaí Foghlama/ cén tsamhail de Thorthaí Foghlama atá in úsáid? ▪ Cad iad na tomhais atá i bhfeidhm le cinntiú go bhfuil na torthaí soiléir, leanúnach agus gonta faoi mar a theastaíonn ó mhúinteoirí? ▪ Conas a chuireann na Torthaí Foghlama le comhleanúnachas sa churaclam? ▪ An bhfuil formáidí na dTorthaí Foghlama leanúnach thar na hearnálacha éagsúla? Mura bhfuil siad leanúnach conas a chuirtear iad in oiriúint agus cén fáth a ndéantar amhlaidh?
Torthaí Foghlama i gcleachtas	▪ Cad iad na cleachtais a bhaineann leis na Torthaí Foghlama? ▪ Cén tionchar atá ag na Torthaí Foghlama ar an oideolaíocht?

Ceantar	Fadhbanna & ceisteanna
	▪ Cén dearcadh atá ag múinteoirí ar na torthaí foghlama i dtéarma a ngairmiúlachta féin? ▪ Conas a thacaítear le múinteoirí a gcleachtas a léirmhíniú agus a fhorbairt leis na Torthaí Foghlama? ▪ Cad iad na teannais a chruthaíonn na Torthaí Foghlama do mhúinteoirí/ don scoláire/ don chóras? Cén chaoi a sáraítear na teannais seo?
An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile	▪ Cén caidreamh atá idir na Torthaí Foghlama agus comhpháirteanna curaclaim eile, cuir i gcás measúnú? ▪ Cad iad na fadhbanna ar leith a bhaineann leis na Torthaí Foghlama nuair a bhreathnaítear orthu trí scrúduithe tábhachtacha? ▪ Conas a chuidíonn na Torthaí Foghlama leis an scoláire torthaí níos ginearálta na scolaíochta a bhaint amach? ▪ Cad iad na cineálacha tacaíochta agus scaflála a theastaíonn ó chleachtóirí agus ón bpobal i gcoitinne chun oibriú leis na Torthaí Foghlama?
Torthaí Foghlama agus cultúr scoile	▪ Cén cumas atá ag na scoileanna/na múinteoirí chun dul i ngleic leis na Torthaí Foghlama? ▪ Cé na hionchais a chuirtear in iúl maidir le conas a oibreoidh múinteoirí leis na Torthaí Foghlama?

Tábla 1- Príomhréimsí agus ceisteanna tábhachtacha

Baintear úsáid as téarmaíocht éagsúil i leith leibhéil éagsúla na dTorthaí Foghlama sna dlínsí difriúla. Déantar cur síos ar na torthaí a bhaineann leis na cásanna staidéir a phléitear sa cháipéis seo faoi na ceannteidil i dTábla 2.

Téarma	Cur síos
Príomhinniúlachtaí Ardleibhéil	Na scileanna ba cheart don scoláire a fhorbairt le linn na tréimhse a chaitheann sé san oideachas. Is scileanna arda iad seo agus baineann siad le gach réimse foghlama. Cuimsítear an t-eolas, na scileanna, na dearcthaí agus an t-iompar a chuideoidh leis an scoláire agus é ina chónaí agus ag obair san 21ú aois. Sonraítear iad seo ag gach céim den oideachas i roinnt dlínsí, agus i ndlínsí eile breathnaítear orthu mar thorthaí ar an bpróiseas oideachais iomláin.
Torthaí traschuraclaim	Cuireann torthaí traschuraclaim ar chumas an scoláire tuiscint a fhorbairt faoi shaincheisteanna comhaimseartha agus dul i ngleic leo; mar shampla, inbhuanaitheacht nó, saincheisteanna a bhaineann le haitheantas cultúrtha i Singeapór.
Torthaí a bhaineann go sonrach le hábhar	Is torthaí sonracha iad seo a bhaineann le réimse foghlama amháin ag céim amháin, cuir i gcás na Torthaí Foghlama sna sonraíochtaí Éireannacha
Caighdeáin ghnóthachtála	Baineann comhpháirt 'déanamh' agus comhpháirt 'fios' le Torthaí Foghlama de ghnáth, ach nascann caighdeáin ghnóthachtála iad seo le caighdeán measúnaithe

Tábla 2 - Téarmaíocht

Cás-staidéar 1. Singeapór

An comhthéacs sochpholaitiúil

Tá Singeapór rialaithe ag an bpáirtí polaitiúil céanna ó bhain sé a neamhspleáchas amach sa bhliain 1965. Chuir sé seo go mór le comhsheasmhacht sa chóras oideachais. Bhí ceithre phríomhchéim athchóirithe oideachais ann agus spreag cúinsí polaitiúla gach ceann de na céimeanna sin.

- Córas oideachais iarchoilíneach a thógáil: comhtháthú sóisialta agus scileanna a fhorbairt – Oideachas atá Treoraithe ag an Marthanas (1965-1978)
- Córas a thógáil do gheilleagar tionsclaíoch – Oideachas atá Treoraithe ag an Éifeachtúlacht (1979-1997)
- Córas a thógáil do gheilleagar atá bunaithe ar an eolas – Oideachas atá Treoraithe ag Inniúlacht (1997-2011)
- Córas a thógáil i gcomhair comhtháthú sóisialta – Oideachas ina bhfuil an Scoláire ina chroílár agus atá Treoraithe ag Luachanna (2012-an lá atá inniu ann)

Is táirge é córas oideachais Shingeapór ar thionchair shonracha, uathúla, stairiúla, institiúideacha agus cultúrtha. Is é an tuilleamhlathas an prionsabal a rialaíonn an córas oideachas i Singeapór. Cuirtear scoláirí iar-bhunscoile i gcosáin acadúla agus ghairmiúla atá an-éagsúil óna chéile i Singeapór, braitheann na cosáin seo ar conas a d'éirigh leis an scoláire sna scrúdaithe náisiúnta ag deireadh na bunscolaíochta (Primary School Leaving Examinations) a dtugann siad fúthu nuair atá siad 12 bhliain d'aois. Cuirtear scoláire i gceann amháin de na ceithre chosán seo. Téann na scoláirí is fearr ar an gClár Comhtháite, clár leanúnach a mhaireann sé bliana agus ina bhfuil díolúine ó na scrúduithe meánscoile náisiúnta. Téann thart ar 55-60% de scoláirí ar an gcosán atá níos dúshlánaí ó thaobh cúrsaí acadúla de gach bliain agus a mhaireann ceithre bliana, agus sanntar ceathrú de na scoláirí don Ghnáthchlár Acadúil a mhaireann cúig bliana ach nach bhfuil an meas céanna air. Ullmhaíonn na trí chosán scoláirí chun dul ar aghaidh chuig an ardoideachas ag na hollscoileanna nó ag na coláistí polaiteicnice. Sanntar thart ar 13% de scoláirí gach bliain don Ghnáthchosán Teicniúil gairme a mhaireann ceithre bliana. Ag deireadh an chláir ceithre bliana leanann na scoláirí seo ar aghaidh lena n-oiliúint ghairmiúil ag Institiúidí Ceardoideachais.

Bhí cáil ar chóras oideachais Shingeapór roimhe seo as a bheith daingean maidir le cúrsaí acadúla, múineadh go díreach agus rinne na scoláirí aithris ar a gcleachtas arís is arís eile (Lee, 2008). Cuireadh

béim ar an gcuraclam a chlúdach agus ar an teagasc ar son na scrúduithe. Bhunaigh an Roinn Institiúid um Fhorbairt Curaclam Shingeapór sa bhliain 1980 agus d'fhorbair an institiúid seo sraith ábhar tacaíochta le haghaidh teagaisc a d'fhéadfadh múinteoirí, nach raibh an taithí chéanna acu agus a raibh níos lú scileanna acu, a úsáid leo féin. Baineadh úsáid as téacsleabhair agus cleachtais chaighdeánaithe sna scoileanna. Bhíothas ag súil go leanfadh múinteoirí curaclam ar tugadh sainordú lárnach dóibh é a leanúint.

Tá athbhreithniú suntasach ar an oideachas ar bun ón mbliain 1998 agus aistríodh le béim láidir a chur ar scileanna, luachanna agus dearcthaí a fhorbairt sna cáipéisí curaclaim. Tugadh faoin athbhreithniú atá ar bun faoi láthair le cinntiú go mbeidh rath ar na scoláirí i measúnuithe idirnáisiúnta ag leibhéal domhanda, mar aon le lucht saothair a sholáthar a chinnteoidh fás geilleagrach leanúnach Shingeapór.

Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama

Tá sraith siollabas a mhaireann tréimhse 12 bhliain déag, ón mbunscolaíocht suas go dtí an t-oideachas réamhollscoile, mar chuid de cháipéisí curaclaim Shingeapór. Dearadh an curaclam ar bhealach bíseach ina dtéitear siar ar choincheapa agus ar scileanna a fhoghlaimítear i ngach snáithe inneachair arís agus ina dtógtar orthu ag gach leibhéal ar mhaithe le doimhneacht agus tuiscint níos fearr a bhaint amach. Liostáiltear na coincheapa a mhúinfear go sonrach ag gach grád, agus tá béim láidir ar fud cáipéisí an churaclaim ar úsáid na gcur chuige oideolaíochta cuí chun cuidiú leis an scoláire scileanna inaistrithe a fhorbairt.



Fíor 1-Struchtúr na dTorthaí Foghlama, Singeapór



Fíor 2-Scileanna san 21ú haois, Singeapór

Tá na Torthaí Foghlama ag gach céim den oideachas faoin gcóras oideachais i Singeapór bunaithe ar shraith luachanna, agus tá na luachanna sin i gcroílár na foghlama. Tógtar ar na luachanna seo leis na hInniúlachtaí Sóisialta agus Mothúchánacha agus cuireann siad le Torthaí Foghlama i réimsí ábhar éagsúil ag gach céim. Léirítear Torthaí Inmhianaithe an Oideachais (fíor 2) mar chiorcal cuimsitheach; is iad seo 'tréithe ar mhaith le hoideachasóirí a bheith ag gach scoláire i Singeapór faoin am a chuireann sé a oideachas foirmiúil i gcrích'[1].

[1] https://www.moe.gov.sg/education/education-system/desired-outcomes-of-education

ba cheart go mbeadh na tréithe seo ag gach scoláire i Singeapór faoin am a chuireann sé a oideachas foirmiúil i gcrích:

- duine a bhfuil muinín aige agus a bhfuil tuiscint shoiléir aige ar cad is ceart agus cad is mícheart, atá inoiriúnaithe agus athléimneach, a bhfuil tuiscint aige air féin, atá géarchúiseach sa bhreithiúnas a dhéanann sé, a smaoiníonn go neamhspleách agus go criticiúil, atá in ann cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh;
- foghlaimeoir féintreoraithe a ghlacann freagracht as a fhoghlaim féin, a cheistíonn, a dhéanann machnamh agus a leanann ar aghaidh ar mhaithe leis an bhfoghlaim a bhaint amach;
- duine a chuireann go gníomhach le díospóireachtaí, atá in ann oibriú go héifeachtach i bhfoirne, a léiríonn tionscnaíocht, a thógann rioscaí meáite, atá nuálach agus a fhéachann le barr feabhais a bhaint amach; agus,

Fíor 3-*Torthaí Inmhianaithe an Oideachais*

Beachtaítear Torthaí Inmhianaithe an Oideachais i dTorthaí Foghlama níos ginearálta le haghaidh gach céim den oideachas agus tá feidhm ag na torthaí sin thar gach ábhar. Tá creat ag na réimsí ábhar lena nasctar Torthaí Foghlama an Oideachais le heolas ábhair dhisciplínigh. Tá creatchuraclam ann do gach Réimse Foghlama ina ndéantar cur síos ar na príomhghnéithe ar a bhfuil na Torthaí Foghlama don ábhar sin bunaithe. Úsáidtear an Creatchuraclam céanna ag gach leibhéal ón oideachas bunscoile suas go dtí an oideachas réamhollscoile. Roinntear gach réimse foghlama i dTéamaí, le Torthaí Foghlama leathana ina ndéantar cur síos ar an eolas, na scileanna agus na dearcthaí ba cheart do gach scoláire a fhorbairt. Cé go bhfuil na Torthaí Foghlama leathan, agus go moltar do mhúinteoirí iad a úsáid mar threoir chun Torthaí Inmhianaithe an Oideachais a phleanáil, tá 'Foghlaim Riachtanach agus Ceisteanna Treorach' ann le haghaidh gach téama chun na múinteoirí a threorú ina gcuid pleanála.

Cuirtear na Torthaí Foghlama i láthair i siollabais, ina dtéitear siar ar choincheapa agus ar scileanna ag leibhéil éagsúla agus ag leibhéal níos doimhne, de réir mar a dhéanann an scoláire dul chun cinn ar scoil. Tá tréimhse ama, ar a dtugtar *spás bán,* mar chuid den siollabas chomh maith. Tá an t-am seo ann chun deis a thabhairt do mhúinteoirí cuir chuige teagaisc agus foghlama níos nuálaíochta a úsáid mar aon leis na Torthaí Foghlama atá sonraithe nó chun cur leo. Cé go moltar modhanna nuálacha a úsáid, luaitear sa siollabas go gcaithfear gach ní a mhúintear le linn an *spáis bháin* aidhmeanna an tsiollabais a chomhlíonadh.

Tá an siollabas comhleanúnach thar gach leibhéal agus tá dul chun cinn sonrach ann thar gach céim den oideachas. Tógtar na Torthaí Foghlama, ag gach céim den oideachas, timpeall comhthéacsanna ar féidir leis an scoláire iad a aithint óna ghnáth-thaithí féin. (Fíor 4).

Learning Outcomes		
Knowledge, Understanding and Application	**Skills and Processes**	**Ethics and Attitudes**
19. Interactions within Ecosystems • show an understanding of an ecosystem as the interactions between a community and its physical environment • explain the importance of various physical factors like air, water, temperature, light, minerals and acidity/alkalinity, to the life of the organisms • recognise how adaptive traits (structural or behavioural) and changes in environmental conditions can affect the survival of organisms	• investigate an environment using measurement instruments such as datalogger probes to collect data on physical quantities such as pH, temperature and light intensity • compare photosynthesis and respiration • compare respiration and breathing in terms of the roles they play in the interactions between living things and their environment • infer the role of decomposers in recycling of nutrients in the environment	• *show an awareness of how some cultures practise sustainable living through their interactions with the environment • evaluate the impact of human activities and technologies on the environment (e.g. motor vehicles and modern lifestyle)

Fíor 4-Torthaí Foghlama don Eolaíocht sa Mheánscolaíocht Shóisearach

Torthaí foghlama i gcleachtas

Tá dúshlán ann do mhúinteoirí faoin gcóras seo mar thoradh ar an mbrú cultúrtha agus oideolaíochta chun na nuálaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo a chur i bhfeidhm. Tá cleachtais sheanbhunaithe ann faoina dtugtar tosaíocht do shealbhú eolais dhisciplínigh agus d'éachtaí acadúla, ó dhearcthaí na gceannairí scoile, na múinteoirí agus na scoláirí mar ghrúpaí de na príomhpháirtithe leasmhara go háirithe (De Souza, 2018). Déantar athbhreithniú ar an gcuraclam náisiúnta ag gach leibhéal agus ar gach ábhar uair amháin gach sé bliana, agus déantar athbhreithniú lár téarma trí bliana i ndiaidh é a chur i bhfeidhm. Tá próisis i bhfeidhm le cinntiú go n-ailíníonn na téacsleabhair agus na hábhair foghlama a úsáidtear leis an gcuraclam náisiúnta. Déantar athbhreithniú ar an gcuraclam agus ar an oideolaíocht le haghaidh gach réimse ábhair le chéile; forbraíonn pleanálaithe curaclam straitéisí foghlama agus teagaisc cuí leis na siollabais faoi seach.

Cuirtear bearta i bhfeidhm chun tacú le múinteoirí agus iad ag cur a gcleachtas in oiriúint do na hathchóirithe faoin tionscnamh 'Teach Less, Learn More'. Mar shampla, tugann an Oifig um Thaighde Oideachais (Office of Education Research) ag an Institiúid Náisiúnta Oideachais (Institute of education) i Singeapór taighdeoirí, oideachasóirí agus riarthóirí le chéile chun feabhsúcháin atá bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde a chur i bhfeidhm ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Dírítear ar na bealaí ar féidir tacú le múinteoirí agus iad ag aistriú ó dhearcadh teagaisc ina gcuirtear béim ar na scrúduithe chuig cur chuige ina gcuirtear nuálaíochtaí oideolaíochta i bhfeidhm mar chuid de thaighde reatha na hOifige um Thaighde Oideachais. Aistríodh an fócas seo sa taighde le déanaí ón measúnú ar conas a fheidhmíonn an córas iomlán chuig conas is féidir an córas a fheabhsú, ionas go mbeidh sé ar aon dul leis na tionscnaimh 'Teach Less, Learn More(OER-CRPP, 2016).

Bunaíodh an tIonad um Thaighde in Oideolaíocht agus Cleachtas sa bhliain 2003 chun bealaí nua a aimsiú ina bhféadfar foghlaim an scoláire agus an mhúinteora a fheabhsú agus a chothú. Díreoidh na hionaid ar 5 phríomhcheacht (fíor 5) sa tréimhse 2016-2018.



Fíor 5 - Príomhcheachtanna do mhúinteoirí chun curaclam scoilbhunaithe a fhorbairt

Téann gach ceann de na cúig cheacht i ngleic ar bhealach éigin leis an aistriú béime ar an teagasc chuig béim ar an bhfoghlaim.

Torthaí Foghlama a Bhainistiú

Rinneadh athbhreithniú bunúsach ar an oideachas mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais san Áise ag deireadh na 1990idí. Fuarthas amach mar chuid den athbhreithniú sin nach raibh an córas oideachais a chuir Singeapór ar barr na dtáblaí idirnáisiúnta oiriúnach a thuilleadh d'éilimh chasta an domhandaithe ná gheilleagar an 21ú haois, ná chun scoláirí a ullmhú don saol i ndiaidh na scolaíochta (Lee, 2008). Cé go raibh scoláirí an-rannpháirteach sa phróiseas foghlama, ní raibh sé de nós acu páirt

ghníomhach a ghlacadh ina bhfoghlaim, bhí siad spreagtha ag cúinsí seachtracha ach níor spreag an t-oideachas ná an fhoghlaim iad. Sa bhliain 1997, cuireadh tionscnamh ar ar tugadh *Thinking Schools, Learning Nation* (TSLN) i bhfeidhm mar threoir ar an aistriú oideachasúil. Seoladh an tionscnamh *Teach Less Learn More (TLLM)* sa bhliain 2005 mar fhreagra ar an éileamh ar níos mó nuálaíochta agus fiontraíochta sa churaclam, chun cuidiú le daoine óga na scileanna cruthaitheacha agus smaointeoireachta a fhorbairt ar measadh iad riachtanach i gcomhair rath leanúnach gheilleagar Shingeapór. Gearradh na siollabais mar chuid de na hathchóirithe *Teach Less Learn More* seo go mbeadh an scoláire in ann díriú ar an bpríomheolas agus ar na príomhscileanna, agus chun níos mó spáis a chruthú don tsolúbthacht maidir le gníomhaíochtaí scoilbhunaithe atá ar an gcuraclam a chur i gcrích. Síleadh gur cheart do scoileanna tuilleadh deiseanna a chur ar fáil chun pearsantacht agus nuálaíocht a fhorbairt agus gur cheart díriú ar thuiscint, smaointeoireacht chriticiúil agus an cumas le ceisteanna a chur agus freagraí agus réitigh a aimsiú a fhorbairt sa teagasc. Bhíothas ag súil go mbeadh níos mó úinéireachta ag an scoláire ar a fhoghlaim féin trí rogha níos leithne a chur ar fáil dó chun freastal ar a spéiseanna éagsúla, agus ag ligean dó rogha a dhéanamh maidir le conas ar mhaith leis foghlaim. Rinneadh athbhreithniú ar na modhanna measúnuithe le hailíniú leis na hathchóirithe seo agus an spleáchas ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair a laghdú agus foghlaim agus fiosrúchán neamhspleách a spreagadh. Baineadh cumhacht ó cheannairí scoile mar chuid de na hathchóirithe *Teach More, Learn Less*, chun na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do mhúinteoirí chun a n-oideolaíocht a fheabhsú agus chun na scoláirí a spreagadh. Ar leibhéal córasach, b'éigean don Roinn a bheith solúbtha leis an smacht a ghéilleadh agus an úinéireacht a éascú ag tacú le scoileanna ar an aistear seo. Ba é bunchúis na n-athchóirithe seo cleachtais ghairmiúla na múinteoireachta a neartú.

Rinneadh cáineadh toisc nach raibh i gceist leis na hathchóirithe i Singeapór ach iad ' ag tincéireacht timpeall na n-imeall' amháin (De Souza, 2018), mar nár tháinig aon athrú suntasach ar chleachtais oideolaíochta sa seomra ranga mar thoradh ar an bpróiseas. Is é fírinne an scéil, áfach, gur ghlac Singeapór le straitéis a raibh sé mar aidhm aici córas a d'fheidhmigh ag leibhéal ard cheana féin a neartú (Hogan et al., 2013). Níor athraíodh croílár an chórais, amhail na Torthaí Foghlama a bhaineann le measúnú tábhachtach ach cuireadh cláir atá treoraithe ag scoileanna leis ionas go mbeadh nuálaíocht scoilbhunaithe agus solúbthacht ann. Laghdaíodh an tábhacht a bhaineann le measúnú suimitheach seachtrach ag leathnú na gcritéar chun dul chuig institiúidí meánscoile agus iar-mheánscoile, agus trí mhodúil sa bhreis a roghnaíonn an scoláire trína scoil agus atá seachfhoinsithe ó institiúidí iar-mheánscoile, a dhéanann speisialtóireacht san fhoghlaim fheidhmeannach agus a bhfuil sé ar chumas acu na modúil seo a mhúineadh. Sa bhliain 2005, tugadh rogha do mheánscoileanna Ábhair Roghnacha ar Leibhéal O a Threoraíonn an Scoil (O-Level School Initiated Electives) ar bhféidir le scoláirí tabhairt fúthu mar aon leis an siollabas traidisiúnta nó ina ionad, ar

mhaithe le ní ba mhó solúbthachta a chur ar fáil sa churaclam. Tugtar faoi scrúdú mar chuid de na hÁbhair Roghnacha ar Leibhéal O a Threoraíonn an Scoil, agus is féidir na gráid a bhaintear amach a chur leis an scór comhiomlán chun spás a fháil sna Coláistí Sóisearacha agus sna Coláistí Polaiteicnice. Forbraítear na hÁbhair Roghnacha ar Leibhéal O a Threoraíonn an Scoil i gcomhar le coláistí sóisearacha nó le coláistí polaiteicnice agus ní mór don Roinn Oideachais (MOE) iad a fhaomhadh. Ón mbliain 2008 ar aghaidh tá na meánscoileanna agus na coláistí polaiteicnice in ann comhoibriú chun Ábhair Fheidhmeacha a fhreastalaíonn ar scoláirí ar mhaith leo glacadh leis an gconair oideachais fheidhmeach agus atá cleachtas-bhunaithe a fhorbairt. Déanann na coláistí polaiteicnice na hábhair seo a mheasúnú agus féadfar na gráid a úsáid i gcomhair scrúduithe Leibhéal O.

Forlíonann na modúil sheachfhoinsithe na Torthaí Foghlama a bhaineann na scoláirí amach ar scoil, agus na cineálacha foghlama praiticiúla agus teoiriciúla a dtacaíonn na hathchóirithe leo. Baineann na modúil seo le réimsí amhail Gnó, Innealtóireacht, na Meáin Chumarsáide agus Dearadh, Matamaitic agus Eolaíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise de ghnáth. Is cláir thábhachtacha iad na modúil seachfhoinsithe seo, de réir na gcáipéisí curaclaim, agus cuireann siad le feidhmíocht Shingeapór i dtástálacha tagarmharcála idirnáisiúnta; ag cur deiseanna ar fáil don scoláire a spéis i scileanna atá ábhartha don aonú haois is fiche a fhorbairt, agus ag cruthú deiseanna leis an bhfoghlaim a fhaigheann sé sa seomra ranga a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna níos réadúla. (MOE, 2016)

Múinteoirí agus Torthaí Foghlama

Tá níos mó neamhspleáchais ag scoileanna agus ag múinteoirí i Singeapór; mar sin féin, tá líonra atá ceangailte go dlúth ann ina roinneann trí phríomheagraíocht, an Roinn Oideachais, an Institiúid Náisiúnta don Oideachas agus scoileanna, freagracht agus cuntasacht ar bhealach aontaithe (OECD, 2011).

Laghdaíodh inneachar an churaclaim náisiúnta thar na hábhair éagsúla chun 10-20 faoin gcéad den am a caitheadh ar an gcuraclam a chur ar leataobh mar 'spás bán', agus is comhartha é sin ar an leibhéal féin-rialála a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí faoin gcóras nua seo. Féadfaidh múinteoirí an 'spás bán' seo a úsáid chun oideolaíochtaí agus cláir nuálacha a fhreastalaíonn ar bhealach níos fearr do riachtanais a scoláirí a fhorbairt. Is dea-shampla é seo ar ar thug an tAire Oideachais, an tUas. Tharman Shanmugaratnam 'tacaíocht ón leibhéal is airde chun athrú a chur i bhfeidhm ag an leibhéal is ísle'[2]. Sampla eile ná gur laghdaíodh éilimh na measúnuithe seachtracha le feidhm shuimitheach chun níos mó spáis a thabhairt don mheasúnú scoil-bhunaithe ag a bhfuil feidhmiú foirmitheach.

[2] http://www.nas.gov.sg/archivesonline/speeches/view-html?filename=20050922991.htm

Bhí dúshláin mhóra ag na scoileanna maidir le cur i bhfeidhm an athchóirithe, mar teastaíonn athrú suntasach ar an mbealach a dtéann na scoláirí i ngleic lena bhfoghlaim agus an bealach a scaoileann múinteoirí a smacht ar cad a fhoghlaimíonn na scoláirí (Ng Tee, 2008). Ní chiallaíonn athchóiriú athrú san oideolaíocht amháin, ach athrú in aitheantas agus meon an scoláire agus an mhúinteora, mar aon le hathrú sa chaidreamh idir an scoláire agus an múinteoir. Tá fianaise ann go raibh tionchar ollmhór ag struchtúir bheartais roimhe seo ar chleachtais agus ar chreidimh an mhúinteora (Albright & Kramer-Dahl, 2009) agus go bhfuil "oideolaíocht hibrideach ag teacht chun cinn, agus bhfuil an tsamhail sheachadta ina bhfuil ról níos mó ag an múinteoir fós in úsáid go fairsing (Tan, 2013; Gopinathan & Lee, 2013). Tá torthaí scrúduithe fós an-tábhachtach, agus spreagann an rath seo sna scrúduithe múinteoirí agus scoláirí araon. Treoraíonn na rialacha institiúideacha seanbhunaithe múinteoirí le teagasc ar bhealach ina dtugtar tús áite don churaclam a chumhdach, do sheachadadh eolais agus don teagasc chun torthaí arda a bhaint amach sa scrúdú thar "caighdeán" an teagaisc.

Bhí na múinteoirí sa staidéar a rinneadh ar Shingeapór ina ngníomhaithe gníomhacha a léirmhínigh agus a chuir na hathchóirithe curaclaim i bhfeidhm ar bhealach criticiúil. Cé go raibh líon mór múinteoirí rannpháirteach sa staidéar seo, agus gur chomhoibrigh siad lena n-oideolaíochtaí foghlama gníomhacha féin a fhorbairt, shíl siad go raibh na hoideolaíochtaí nua dian agus go raibh fadhbanna leo. Bhí na taighdeoirí den tuairim go raibh sé seo mar thoradh ar an nós atá ann le fada maidir le cleachtais theagascacha inar díríodh ar 'oiliúint agus ar na scrúduithe' amháin. Tá na torthaí seo leanúnach le staidéir eile (Koh, 2004), inar léiríodh go raibh neamhleanúnachas idir meonta na múinteoirí faoin oideolaíocht agus faoin measúnú agus a dtuairimí faoin gcineál teagaisc is fearr dá scoláirí.

An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile

Áirítear i measc na gcomhpháirteanna curaclaim eile Torthaí Inmhianaithe an Oideachais, Creat don Réimse Ábhair, an measúnú agus na modúil sheachfhoinsithe. Tá na Torthaí Foghlama i ngach réimse ábhair bunaithe ar chreat uileghabhálach a chuireann cur síos mionsonraithe ar fáil ar conas is féidir na Torthaí Foghlama a nascadh le haidhmeanna an Réimse Foghlama agus le Torthaí Inmhianaithe an Oideachais. Léirítear go diagramach sa chreat seo an nasc atá idir an tuiscint choincheapúil, na scileanna, an cumas agus an próiseas le luachanna agus meonta. Úsáidtear samplaí chun na naisc seo a chur in iúl ar fud na gcáipéisí curaclaim. Tá cuid chuimsitheach ann ar an oideolaíocht, ar an gcleachtas agus ar an measúnú foirmitheach.

Tá baint ag na Torthaí Foghlama le haghaidh gach ábhar le measúnú trí Chuspóirí Measúnaithe. Tá na Cuspóirí Measúnaithe bunaithe ar Chreata na Réimsí Foghlama, seachas ar na Torthaí Foghlama ar

leith; ní chuireann mionsonraí na dTorthaí Foghlama srian ar an measúnú mar sin. Féach Fíor 6 (thíos) mar shampla.

4.2 ASSESSMENT OBJECTIVES (AO)

In the syllabuses, the geographical knowledge and skills to be assessed are defined in the Assessment Objectives (AOs). These AOs are as shown below.

AO1: Knowledge
Students should be able to:

- demonstrate relevant factual knowledge – geographical facts, concepts, processes, interactions and trends; and
- demonstrate knowledge of geographical inquiry process (formulating questions, gathering data, exercising reasoning and reflective thinking).

AO2: Critical Understanding and Constructing Explanation
Students should be able to:

- select, organise and apply concepts, terms and facts learnt;
- construct explanation and undertake analysis; and
- describe the strengths and limitations of geographical investigation undertaken and of the conclusions reached *(applicable to geographical investigation only)*.

AO3: Interpreting and Evaluating Geographical Data
Students should be able to:

- comprehend and extract relevant information from geographical data (numerical, diagrammatic, pictorial and graphical forms);
- use and apply geographical knowledge and understanding to interpret geographical data in graphs, maps, photographs, sketches, tables and texts/quotes; and
- recognise patterns in geographical data and deduce relationships.

Fíor 6 - Cuspóirí Measúnaithe Tíreolaíochta

Déantar cur síos ar na Cuspóirí Measúnuithe i Siollabais na Scrúduithe Náisiúnta (National Examination Syllabi) atá éagsúil ón siollabas don ábhar. Socraíonn Bord Oideachais agus Measúnaithe Shingeapór (Singapore Education and Assessment Board) na Cuspóirí Measúnuithe. Déantar cur síos ar na Cuspóirí Measúnuithe a bhaineann le Torthaí Foghlama an tsiollabais i ngach Príomhréimse Foghlama sna Siollabais Mheasúnaithe.

Ag leibhéal na bunscolaíochta, cuireann an siollabas Measúnaithe faisnéis faoi Scrúdú Deiridh na Bunscolaíochta ar fáil agus liostáiltear na cuspóirí measúnuithe ann chomh maith. Déantar tagairt do cháipéisí shiollabais bhunscoile na Roinne Oideachais (MOE) sa siollabas. Ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta is iad University of Cambridge International Examinations (CIE), an Roinn Oideachais, Singeapór agus Bord Scrúduithe agus Measúnaithe Shingeapór (Singapore Examinations and Assessment Board) a dhéanann an measúnú.

Liostáiltear Torthaí Foghlama sonracha le haghaidh gach Réimse Foghlama i siollabais na measúnuithe iar-bhunscoile, ach ní shonraítear aon eolas disciplíneach sonrach sna cuspóirí measúnaithe. Bunaítear na míreanna measúnaithe ar fhaisnéis neamhaithnid, comhthéacsúil, ina bhféadfaidh an scoláire a eolas agus a thuiscint choincheapúil a chur i bhfeidhm agus iad a úsáid ar bhealach loighciúil, réasúnta nó déaduchtach chun cás nuálach a réiteach. Cuireann an briathar gnímh sa Toradh Foghlama an t-eolas fíorasach a chaithfidh an scoláire a bheith in ann a thabhairt chun cuimhne nó a mhíniú.

Cé go bhfuil nasc soiléir idir na Torthaí Foghlama sonracha le haghaidh gach réimse agus Torthaí Inmhianaithe an Oideachais agus na hinniúlachtaí atá riachtanach le haghaidh an 21ú haois, tá tionchar fós ag an gcóras scrúduithe tábhachtacha ar an mbealach a n-úsáideann múinteoirí na Torthaí Foghlama. Táthar ag déanamh iarracht an spleáchas seo a laghdú, trí dhian-oiliúint do mhúinteoirí agus trí ligean do scoileanna na modúil sheachfhoinsithe, a ndearnadh tagairt dóibh roimhe seo, a spreagann foghlaim neamhspleách agus lena n-áirítear measúnú don fhoghlaim agus ar an bhfoghlaim (Heng, 2014).

Cuirtear tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí maidir le conas a úsáidtear na *Torthaí Foghlama* sa chaoi ar mhaith le forbróirí curaclaim go n-úsáidfear iad. Cuireann OCR forbairt ghairmiúil atá bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde ar fáil le linn ghairm an mhúinteora, chun tacú le teagasc agus le foghlaim agus chun litearthacht an mhúinteora ar an measúnú a fheabhsú. Mar shampla, ag leibhéal na bunscolaíochta, tá múinteoirí in ann teastas dar teideal Teastas sa Mheasúnú Oideachasúil, a bhaint amach ar thuiscint phraiticiúil ar phrionsabail agus choincheapa an mheasúnaithe agus ar Thorthaí Foghlama churaclam Béarla na Bunscoile, agus sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht ach go háirithe.

Tá gach foirm den fhoghlaim phroifisiúnta dírithe ar thacú le múinteoirí le haistriú ó oideolaíocht thraidisiúnta atá treoraithe ag an múinteoir chuig teagasc atá níos solúbtha ina mbaintear úsáid as Torthaí Foghlama mar threoir seachas an teagasc a stiúradh. Neartaítear na tosaíochtaí oideachasúla go soiléir trí cháipéisíocht an churaclaim agus tugtar mionléiriú ar na Torthaí Foghlama sa cháipéis siollabais, ina bhfuil samplaí a léiríonn teagasc solúbtha agus nuálach agus conas a nasctar *Torthaí Foghlama* sonracha leis na torthaí oideachais níos leithne. In ainneoin na n-idirghabhálacha seo, tá dúshláin theicniúla, chultúrtha, institiúideacha agus pholaitiúla fós ann cothromaíocht inbhuanaithe a bhaint amach idir oideolaíochtaí atá bunaithe ar eolas a thógáil nach gcuireann isteach ar fheidhmíocht ghinearálta an chórais (Toh, Hung, Chua, He, & Jamaludin, 2016; Tan & Ng, 2007; Lim-Ratnam et al., 2016).

Torthaí Foghlama agus cultúr scoile

I Singeapór, aithníodh príomhréimsí don fhorbairt amach anseo lena n-áirítear: an bhéim rómhór a chuirtear ar mheasúnuithe agus ar ghráid a laghdú; cuimsiú sóisialta agus meascadh leanúnach a chinntiú; oideachas do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu a fheabhsú agus rannpháirtíocht an tionscail i gconairí oideachais fheidhmigh. Leanann an tionscnamh Teach Less, Learn More ag spreagadh scoláirí le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí atá níos leithne agus a bhaineann le réimsí seachas an curaclam, agus a bheith níos neamhspleáiche agus níos gníomhaí ina bhfoghlaim.

Tá Singeapór an-tiomanta do chumas a thógáil ag gach leibhéal an chórais, agus maidir le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil príomhoidí agus múinteoirí go háirithe. Tá tacaíocht pholaitiúil láidir ann don fhorbairt oideachais agus gheall an Rialtas go n-infheisteoidh sé shuim mór airgid sa taighde oideachasúil (£109m idir 2003 agus 2017). Tá caidreamh láidir idir an Roinn, an Institiúid Náisiúnta don Oideachas agus scoileanna agus chinntigh sé seo gur tharla beartas, pleanáil agus cur chun feidhme le chéile. Tá tionchar suntasach ag na cúinsí seo ar chaighdeán an teagaisc agus an chórais oideachais; tá tacaíocht láidir ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí ar fud a ngairmeacha. Fuarthas amach mar chuid den Suirbhé Idirnáisiúnta ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim go bhfuil múinteoirí Shingeapór *dea-oilte agus go dtacaítear leo, tá a gcleachtas dinimiciúil agus tá siad tiomanta don ghairm* (OECD, 2013). Tacaítear le múinteoirí san aistriú a dhéanann siad óna n-oiliúint réamhsheirbhíse chuig stádas mar mhúinteoir cáilithe, trí chláir ionduchtúcháin agus mheantóireachta a bhíonn á maoirsiú ag múinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu. Glacann 98% de mhúinteoirí i Singeapór páirt i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla lena n-áirítear cúrsaí agus ceardlanna, piarbhreathnóireachtaí, comhdhálacha ar an oideachas agus líonraí foghlama proifisiúnta.



Fíor 6- Rátaí rannpháirtíochta agus meán-líon na laethanta le haghaidh gach cineál forbartha gairmiúla (OECD, 2013).

Bhí an sprioc maidir le hoideachas a chur ar scoláirí le haghaidh an aonú haois is fiche mar spreagadh do thionscnaimh mhóra leis an mbeartas a athchóiriú le scór bliain anuas. Bhí Singeapór ag brath an iomarca ar shamhail aschuir an oideachais, ag úsáid torthaí scrúduithe mar thomhas ar dhul chun cinn san oideachas. Dírítear níos mó ar ionchur sa bheartas is déanaí, ag cur ar chumas an scoláire scileanna cruthaitheacha agus smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt, agus áirítear sna straitéisí teagasc follasach scileanna cruthaitheacha agus smaointeoireachta criticiúla, laghdú ar inneachar curaclaim, athbhreithniú ar mhodhanna measúnuithe, agus béim níos láidre a chur ar an bpróiseas seachas ar na torthaí sa teagasc(Tan, Koh, Chan, Onishi-Costes, & Hung, 2017). Nascann na *Torthaí Foghlama* creat Inniúlachta san Aonú Aois is Fiche leis an gcuraclam acadúil; is é an dúshlán a bhaineann leis seo múinteoirí a chur ar an eolas faoin mbealach a n-úsáidtear na Torthaí Foghlama mar threoir don teagasc agus don fhoghlaim, agus le tionchar srianta an mheasúnaithe shuimithigh a laghdú.

Cás-staidéar 2. Ontario

An comhthéacs sochpholaitiúil

Sa bhliain 2003, chuir rialtas Ontario tús le sraith athchóirithe a tharraing aird idirnáisiúnta. Díríodh ar roinnt cuspóirí oideachasúla, agus ar ghnóthachtáil an scoláire a mhéadú, ar bhearnaí san oideachas a dhúnadh, agus ar mhuinín an phobail san oideachas poiblí a mhéadú go háirithe. Bhí clár ann inar tógadh ar chumas comhchoiteann, a raibh sé mar aidhm aige comhpháirtíocht fhorchéimnitheach a chruthú le múinteoirí gairmiúla (Fullan, 2013; OECD, 2010; National Public Education Support Fund, 2011), ach tá amhras ann faoi rath an chláir toisc go bhfuil caidrimh achrannacha idir múinteoirí agus an rialtas.

Ón mbliain 2003 anuas, maítear gur tháinig feabhas ar fheidhmíocht ghinearálta an 5,000 scoil sa chúige maidir leis an gcuid is mó de na príomhbhearta, cé go rabhthas in amhras faoi bhailíocht na dtástálacha a hathraíodh de réir a chéile. Aithnítear Ontario mar cheann de na córais scolaíochta is fearr i dtíortha ina labhraítear Béarla, de réir roinnt bearta idirnáisiúnta agus measúnuithe neamhspleácha a rinne saineolaithe (Mourshed, Chijioke, & Barber, 2010a). Bhain an rialtas leas as comhairle Michael Fullan le linn an athchóirithe seo. Dúirt sé an méid seo a leanas ina athbhreithniú ar an tréimhse naoi mbliana a chaith sé mar chomhairleoir speisialta do Phríomh-Aire Ontario:

> *Luíonn fíorchumhacht an ghaisce a baineadh amach le naoi mbliana anuas thar na ngaiscí soiléire a bhaineann leis an bhfeabhas ar an litearthacht, ar an uimhearthacht agus ar na rátaí arda de scoláirí a chuireann a n-oideachas i gcrích, gan trácht ar na buntáistí a bhaineann leis an luath-oideachas, ba é an gaisce ba thábhachtaí a baineadh amach le linn na tréimhse seo an úinéireacht chomhroinnte a bhí ag múinteoirí, scoileanna agus ceannairí ar bhoird scoile ar chlár oibre na n-athchóirithe(Fullan, 2013).*

Bhí Fullan i gcroílár roinnt de na tionscnaimh ón mbarr anuas, ach maíonn sé nach bhfuiltear in ann athruithe doimhne agus fadtéarmacha a bhaint amach sa chleachtas ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear:

- dírítear ar rudaí atá i bhfad ó chroí teagascach an teagaisc agus na foghlama sna hathchóirithe;
- glactar leis sna hathchóirithe go mbeidh a fhios ag múinteoirí le rudaí a dhéanamh nach raibh ar an eolas acu i ndáiríre;
- tá coimhlintí sna hathchóirithe ina n-iarrtar ar mhúinteoirí an iomarca rudaí a dhéanamh ag an am céanna; agus
- ní féidir talamh slán a dhéanamh de go gcreideann na múinteoirí go bhfuil tábhacht leis an straitéis athchóirithe.

Tugann sé le fios go mbíonn rath athchóiriú curaclaim, amhail sin atá le feiceáil i dtíortha cosúil leis an bhFionlainn, agus ar éirigh le Ontario aithris a dhéanamh air i gcomhthéacs an-éagsúil, ag brath go mór ar a bheith in ann gníomhaithe athchóirithe a fháil le brí a bhaint amach tríd an bhfoghlaim chomhoibríoch nuálach, tacaíonn an litríocht leis an smaoineamh seo chomh maith (Hargreaves & Fink, 2006; Pietarinen, Pyhältö, & Soini, 2017; Pyhältö, Pietarinen, & Soini, 2018).

Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama

Úsáidtear an téarma Ionchais, seachas Torthaí Foghlama in Ontario. Roinntear an curaclam in ábhair éagsúla (m.sh. Teanga); i snáithe (m.sh. an Chumarsáid ó Bhéal); ionchais ghinearálta agus ionchais shonracha (atá cosúil leis na Torthaí Foghlama in Éirinn).



Fíor 7 - Struchtúr an churaclaim, Ontario

Aithnítear Bunchoincheapa, Idéanna Móra, ionchais Ghinearálta agus Ionchais Shonracha le haghaidh gach grád sa Churaclam in Ontario. Déantar cur síos ar an eolas agus ar na scileanna a bhfuiltear ag súil leis an scoláire a shealbhú, a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm. Liostáiltear dhá shraith Ionchas le haghaidh gach grád i ngach snáithe; ionchais ghinearálta agus ionchais shonracha. Is torthaí ardleibhéil iad na hIonchais Ghinearálta ina ndéantar cur síos ar an eolas agus ar na scileanna a bhfuiltear ag súil go mbeidh an scoláire in ann a léiriú faoi dheireadh gach grád, agus tá cur síos níos mionsonraithe le fáil sna hionchais shonraithe. Léirítear sonraíochtaí sainordaithe an churaclaim sna hIonchais Ghinearálta agus sna hIonchais Shonracha nuair a chuirtear le chéile iad.

Roinntear an Curaclam in Ontario ina dhá chéim: Cumhdaítear cláir do leanaí ó bheirtear iad go dtí 6 bliana d'aois san oideachas luathóige. Is iad Gráid 1-8 na gráid don bhunscolaíocht agus Gráid 9-12 na gráid don mheánscolaíocht. Tá leibhéal ard leanúnachais thar na ngrád maidir le Bunchoincheapa, Idéanna Móra agus Cuspóirí an chláir, mar aon leis na hIonchais (Fíor 9). Úsáidtear an chairt eagraíochta chéanna ag gach grád ó ghrád 1 suas go dtí grád 12.



Fíor 8 - An caidreamh idir comhpháirteanna an churaclaim Ontario

Is é seo a leanas an frása a úsáidtear leis na hIonchais a chur in iúl sa churaclam in Ontario: *Faoi dheireadh an chúrsa beidh na rudaí seo a leanas ar chumas an scoláire.*

Léirítear cuspóirí ginearálta ábhar ar leith faoi gach snáithe de gach cúrsa sna h*Ionchais Ghinearálta*, agus forbraítear iad seo i sraitheanna comhréire d'*ionchais shonracha* a bhaineann leo. Mar shampla, sa snáithe: **An domhaneolaíocht agus an spáseolaíocht: aeráid dhinimiciúil an domhain,** Cuspóir 1.

Tá Ionchas Ginearálta ann a bhaineann le hEolaíocht, leis an Teicneolaíocht, leis an tSochaí, agus leis an Timpeallacht:

> **D1**. anailís a dhéanamh ar thionchar ghníomhaíocht an duine ar athrú aeráide, agus ar thionchair an athraithe aeráide ar dhúile beo agus ar chórais nádúrtha.

Agus tá dhá Ionchas Shonracha ann don Ionchas Ginearálta seo:

> D1.1 *anailís a dhéanamh, ar bhonn an taighde, ar na bealaí éagsúla a raibh tionchar ag an athrú aeráide ar dhúile beo agus ar chórais nádúrtha*
>
> D1.2 *anailís a dhéanamh ar bhealaí inar mhéadaigh nó inar laghdaigh gníomhaíochtaí an duine táirgeadh gás ceaptha teasa*

Déantar cur síos ar an eolas agus ar na scileanna a bhfuiltear ag súil a fhorbróidh an scoláire agus a bheidh sé in ann a léiriú ina obair ranga agus ina fhiosrúcháin, i scrúduithe agus i ngníomhaíochtaí éagsúla eile ar a ndéantar a ghnóthachtáil a mheasúnú sna *hIonchais Shonracha*.

Torthaí Foghlama a Bhainistiú

Neartaítear an idé nach féidir ábhair a fhoghlaim mar chnuasach fíricí sna cuspóirí agus sa nasc atá acu leis na h*Ionchais.* Cé go gcuirtear na hIonchais i ngrúpaí éagsúla, níltear ag súil go mbaintear na hIonchais Shonracha in aon ghrúpa amháin amach astu féin neamhspleách ó Ionchais Shonracha i ngrúpaí eile.

Tá formhíniú ar fáil maidir le gach Ionchas chun cuidiú le múinteoirí na hIonchais a bhainistiú agus chun leanúnachas agus soiléireacht a chinntiú.

1. Tugtar giorrúcháin i lúibíní cearnacha i ndiaidh lear mór de na hIonchais Shonracha agus nascann na giorrúcháin seo an t-ionchas le réimse scileanna amháin nó níos mó. Táthar ag súil go mbeidh an scoláire in ann na scileanna ón/ó na réimse/réimsí a shonraítear sa ghiorrúchán/sna giorrúcháin i bhfeidhm nuair a bhaineann sé an t-ionchas sin amach.

2. Cuireann na fadhbanna samplacha comhthéacs níos leithne ar fáil do na hIonchais Shonracha. Is samplaí d'fhadhbanna reatha, ábhartha, oscailte iad seo a bhaineann le hábhar an ionchais agus féadfaidh an scoláire na fadhbanna seo a fhiosrú, plé a dhéanamh orthu agus a chonclúidí féin a dhéanamh agus a chosaint.

3. Cuirtear ceisteanna samplacha (ní míreanna measúnaithe samplacha) ar fáil chun cuidiú le múinteoirí tús a chur le plé oscailte ar raon fadhbanna reatha a bhaineann le hábhar na

nIonchas Sonrach. Cuireann siad fócas ar fáil don scoláire chomh maith agus é ag tabhairt faoin bhfiosrúchán agus/nó taighde.

4. Léiríonn na samplaí a théann leis na hIonchais Shonracha an cineál eolais nó na scileanna, an réimse sonrach foghlama, doimhneacht na foghlama, agus/nó an leibhéal castachta a bhaineann leis an ionchas sin. Is léirithe amháin, seachas riachtanais, iad seo.

Cuidíonn na samplaí, na fadhbanna samplacha, na ceisteanna, agus na leideanna leis na riachtanais a shonraítear sna hionchais a shoiléiriú agus tá siad mar shamhail den chleachtas atá oiriúnach don ghrád agus táthar ag súil go n-úsáidfidh múinteoirí iad mar léirithe. Féadfaidh múinteoirí na samplaí atá oiriúnach dá seomra ranga a úsáid, nó a gcuir chuige féin a léiríonn an chastacht chéanna a fhorbairt. Tá contanaim scileanna sna cáipéisí curaclaim chun scileanna forchéimnitheacha atáthar ag súil a fhorbairt i ngach ceann de na réimsí scileanna seo.

CONTINUUM FOR SCIENTIFIC INQUIRY/EXPERIMENTATION SKILLS

Beginning →	Exploring →	Emerging →	Competent →	Proficient
Initiating and Planning				
The student:				
asks questions that demonstrate curiosity about the world around him or her	asks questions that can be answered through tests/experimentation, and chooses one to investigate	asks questions that can be answered through tests/experimentation, and formulates a specific question to investigate	asks questions that arise from practical problems and issues, and formu-lates a specific question to investigate	
with support, follows the steps in a simple,	follows the steps in a simple, teacher-	creates, from a variety of possible methods, a	plans for safe experimentation, showing	

Fíor 9 - Contanam scileanna

Déantar gnóthachtáil an scoláire ar na *hIonchais Ghinearálta* a mheas ar bhonn a ghnóthachtála sna hIonchais Shonracha ábhartha. Úsáideann múinteoirí a mbreith ghairmiúil le cinneadh a dhéanamh maidir le cad iad na hIonchais Shonracha a úsáidfear chun gnóthachtáil na *nIonchas Ginearálta* a mheas agus cad iad na hionchais a chumhdófar sa teagasc agus sa mheasúnú (m.sh. trí bhreathnú díreach) ach nach gá go ndéanfar iad a mheasúnú.

Torthaí foghlama i gcleachtas

Bhí infheistíocht leanúnach ann chun cumas mhúinteoirí Ontario a thógáil chun oibriú go comhoibríoch lena gcleachtais féin a fhiosrú agus tionchar na gcleachtas sin ar cháilíocht saoil an scoláire laistigh den scoil agus taobh amuigh den scoil.

Foilsíonn an Rúnaíocht Litearthachta agus Uimhearthachta irisleabhar dar teideal *Inspire: The Journal of Literacy and Numeracy for Ontario*[3] chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí sa chleachtas agus chun clár oibre dioscúrsach a leagan amach don oideachas poiblí. Is irisleabhar é de chleachtais rathúla do mhúinteoirí, do phríomhoidí, oifigigh mhaoirseachta, stiúrthóirí oideachais agus aon duine a bhfuil spéis acu sa bhealach a gcuirtear le gnóthachtáil an scoláire. Tá sé roinnte in dhá shraith: *Capacity Building (Cumas a Thógáil),* a thacaíonn le héifeachtacht ceannaireachta agus teagaisc agus *Research into Practice (Taighde sa Chleachtas)*, ina n-aibhsítear cleachtas teagaisc atá éifeachtach ag leibhéal an tseomra ranga.

Athraíodh an bhéim sa churaclam, agus i gcóras measúnaithe agus tuairiscithe Ontario ó mháistreacht a fháil ar inneachar chuig tuiscint a fháil ar idéanna móra agus an cumas le heolas a chur i bhfeidhm i gcásanna réadúla. Táthar ag súil go leabaítear measúnú ar fhorbairt scileanna agus nósanna smaointeoireachta i ngach gné den scolaíocht agus go ndéanfaidh an múinteoir iad a mheasúnú agus a thuairisciú. Tá neart léirithe, samplaí, fadhbanna samplacha agus leideanna ann chun cuidiú le múinteoirí na measúnuithe a ailíniú leis na hIonchais Shonracha; mar sin féin, cé go bhfuiltear ag súil go mbeadh siad mar shoiléiriú ar an Ionchas Foghlama agus an nádúr leathan a bhaineann leis na hionchais a léirmhíniú, tá fianaise ann go mbaineann neart múinteoirí úsáid as an gcuraclam chun straitéisí teagaisc agus measúnaithe a fháil agus go mbíonn siad ag brath ar an gcuraclam chun na straitéisí seo a fháil, agus úsáidtear na samplaí atá luaite ar an gcuraclam mar théacsleabhar i neart cásanna agus cúngaítear na hionchais agus bristear an fhoghlaim dá bharr(FitzPatrick & Schulz, 2015).

Múinteoirí agus Torthaí Foghlama

Bhí conspóid in Ontario faoi ról na múinteoirí i bhforbairt cleachtas atá bunaithe ar Thorthaí Foghlama ag léiriú an teannais a shonraítear i réamhrá na tuarascála seo. Ar láimh amháin, chuir déantóirí beartas in Ontario deiseanna ar fáil do chomhpháirtithe oideachais ag gach céim le bheith rannpháirteach san fhoghlaim chomhoibríoch ón mbliain 2003. Dúradh gur éascaíodh úinéireacht agus rannpháirtíocht ghníomhach mar thoradh ar an bpróiseas athchóirithe agus le cur i bhfeidhm tionscnaimh ón mbun aníos agus ón mbarr anuas. Moladh do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile a bheith ina rannpháirtithe nuálacha agus chun tuiscint chomhroinnte a fhorbairt agus le cur leis an tuiscint chomhroinnte sin. Rinneadh na dinimicí a bhaineann le cumhacht a bhainistiú tríd an tréimhse athchóirithe agus bhí sé mar aidhm acu tionscnaimh bheartais a chur i bhfeidhm ar chleachtais scoile le béim ar nuálaíocht agus feabhas atá treoraithe ag an scoile a chothú (Mourshed, Chijioke, & Barber, 2010b). Breathnaítear ar mhúinteoirí in Ontario mar phríomhghníomhaithe laistigh den chomhthéacs

[3] http://www.edu.gov.on.ca/eng/literacynumeracy/inspire/index.html

scolaíochta níos leithne. Mothaíonn múinteoirí go mbaineann gairmiúlacht láidir le bheith rannpháirteach in obair chomhoibríoch agus san fhoghlaim ghairmiúil féin-treoraithe (Osmond-Johnson, 2016). Bhíothas ag súil go n-úsáidfidh múinteoirí a mbreith ghairmiúil leis na hIonchais a úsáid mar threoir agus cinneadh a dhéanamh faoi na gnéithe foghlama, láidreachtaí an scoláire agus na chéad chéimeanna eile is tábhachtaí chun tuairisc a dhéanamh orthu thar thréimhse tuairiscithe ar bith. Ar an láimh eile, tháinig na forbairtí seo isteach i dtimpeallacht ina gcuirtear béim láidir ar ghnóthachtáil a ardú agus ina ndírítear ar réimsí amhail uimhearthacht/an mhatamaitic go háirithe. Rangaítear scoileanna go poiblí agus cuirtear iad i gcomparáid le scoileanna eile, agus is minic a bhíonn rannpháirtíocht ghníomhach na múinteoirí teoranta do mhachnamh ar na cuspóirí reatha.

An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile

Tugann an Oifig um Cháilíocht agus um Chuntasacht san Oideachas (Education Quality and Accountability Office) measúnuithe ar fud an chúige ar an léitheoireacht, ar an scríbhneoireacht agus ar an matamaitic.

Leagtar an caidreamh idir an measúnú agus na hionchais foghlama amach sa cháipéis *Growing Success: Assessment, Evaluation, and Reporting in Ontario Schools* (Ontario Ministry of Education, 2010)

Cé go bhfuil an-mheas ag gairmithe san oideachas ar an gcáipéis seo, aithníodh nuashonrú agus athsheoladh *Growing Success* chun tacú le cothromas agus le forbairtí reatha sa Mheasúnú agus sa Tuairisciú mar réimse amháin de na trí réimse déag a d'aithin an t-athbhreithniú Neamhspleách ar an Measúnú in 2017 mar réimsí a chaithfear a fheabhsú. Creideadh go láidir san athbhreithniú neamhspleách mórscála go raibh gá le hathruithe a chur i bhfeidhm ar mheasúnuithe de chuid na Oifige um Cháilíocht agus um Chuntasacht san Oideachas, agus cuireadh ceist maidir le cé chomh oiriúnach atá sé scoláirí i nGrád 3 suas go dtí Grád 9 a mheasúnú i bhfianaise an drochthionchair a bhíonn ag measúnuithe mórscála ar fholláin agus ar imní an scoláire(Campbell, Fullan, Hargreaves, James, & Longboat, 2018).

Leagtar caighdeán amach a bhfuiltear ag súil leis ar fud an chúige le haghaidh gach leibhéal gnóthachtála i gCairt Ghnóthachtála. Táthar ag súil go n-úsáidfidh múinteoirí é seo mar thagarmharc. Úsáideann múinteoirí an Chairt Ghnóthachtála chun breitheanna a dhéanamh ar obair an scoláire bunaithe ar fheidhmíocht agus í ailínithe leis na caighdeáin. Tuairiscíonn múinteoirí ar ghnóthachtáil an scoláire bunaithe ar chnuasach fianaise a bailíodh thar am. Ailíníonn an Chairt Ghnóthachtála le scileanna seachas leis na hIonchais Foghlama. Cé go mbaineann múinteoirí úsáid as na hIonchais

Foghlama sa phleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú, tá tomhas na gnóthachtála bunaithe ar Eolas agus Thuiscint; Smaointeoireacht; an gCumarsáid agus ar Chur i bhFeidhm.

Tá rannáin éagsúla i gCárta Tuairiscithe an Chúige don Bhunscolaíocht (Elementary Provincial Report Card) do theachtaireachtaí ar fhorbairt scileanna foghlama agus nósanna oibre agus do theachtaireachtaí ar ghnóthachtáil na n*Ionchas*. Tá spás i gCárta Tuairisce an Chúige don Mheánscolaíocht (Secondary Provincial Report Card) ina bhféadfaidh múinteoirí teachtaireachtaí ar fhorbairt scileanna foghlama agus nósanna oibre agus do theachtaireachtaí ar ghnóthachtáil na n*Ionchas* a chur. Tuairiscítear ar fhorbairt scileanna foghlama neamhspleách ón measúnú ar ghnóthachtáil an scoláire i dtéarmaí ionchas an churaclaim.

Déanann na múinteoirí na scoláirí a mheasúnú le linn na tréimhse a chaitheann siad ar scoil. Tuairiscítear na torthaí go foirmiúil ag deireadh ghrád 9 agus ghrád 12 ag úsáid cárta tuairisce an chúige. Tá seachtó faoin gcéad den ghrád sin bunaithe ar na measúnuithe a rinneadh le linn an chúrsa, ag léiriú leibhéal is leanúnaí gnóthachtála an scoláire. Tá tríocha faoin gcéad den ghrád bunaithe ar mheasúnú deiridh agus d'fhéadfadh go mbeadh scrúdú, feidhmíocht, aiste agus/nó modh measúnaithe eile atá oiriúnach d'inneachar an chúrsa agus is féidir a dhéanamh ag deireadh an chúrsa, a bheith mar chuid den mheasúnú deiridh seo. Mar aon le tuairisc ar na hIonchais Foghlama, tá taifead sa chárta tuairisce ar na scileanna foghlama a thaispeáin an scoláire i ngach cúrsa, faoi na cúig chatagóir seo a leanas: Oibríonn sé go Neamhspleách, Obair Foirne, Eagrú, Nósanna Oibre, agus Tionscnaíocht. Déantar na scileanna foghlama a mheasúnú ag úsáid scála a bhfuil cheithre pointe air (E=Excellent (Thar Barr), G=Good (Go Maith), S=Satisfactory (Sásúil), N=Needs Improvement (Feabhas de dhíth). Léirítear an tábhacht a bhaineann leis na cúig réimse seo i ngnóthachtáil an scoláire i leith na n*Ionchas* sa mheasúnú agus sa tuairisciú seo a dhéantar orthu. Ní chuirtear measúnú ar scileanna foghlama san áireamh sa chinneadh ar ghráid.

Déantar Litearthacht agus Uimhearthacht a scrúdú le scrúduithe seachtracha a chuirtear ar gach scoláire ar fud an chúige trí huaire le linn na tréimhse a chaitheann sé ar scoil. Riarann comhlacht eile, *an Oifig um Cháilíocht agus um Chuntasacht san Oideachas*, na measúnuithe litearthachta agus uimhearthachta. Déantar an scoláire a mheasúnú ar an léitheoireacht, an scríbhneoireacht agus ar an matamaitic ag grád 3 agus ag grád 6 (ar bhunscoil). Déantar an scoláire a mheasúnú ar an matamaitic ag deireadh ghrád 9, agus tugann an scoláire faoi scrúdú litearthachta i ngrád 10, tugtar *Ontario Secondary School Literacy Test* ar an scrúdú sin.

Ní mór don scoláire an scrúdú litearthachta seo a chur i gcrích chun dul ar aghaidh chuig an tríú leibhéal den oideachas, ach ní bhíonn tionchar ag na torthaí seo ar ghráid an scoláire. De réir na tuarascála dar

teideal OISE-Public-Attitudes-Report-2018[4], tá tacaíocht don mheasúnú a dhéantar ar fud an chúige ar leibhéal na bunscolaíochta ag laghdú, cé go bhfuil tacaíocht fós ann don mheasúnú a dhéantar ar fud an chúige ar scoláirí meánscoile ar an Litearthacht agus ar an matamaitic, chun sonraí a bhailiú a bheidh mar bhun agus mar thaca den fheidhmíocht ar an gcóras iomlán.

Torthaí Foghlama agus cultúr scoile

Maítear go forleathan gur chruthaigh Ontario sraith coinníollacha leathana éascaithe a thacaíonn le scoileanna feabhas rathúil a chur i bhfeidhm ina scoileanna (Glaze, 2013), ach tugann na húdair seo faoi deara go raibh conspóid ann i leith na ráiteas seo, agus maidir le sainmhíniú a fháil ar cad is feabhas agus rath ann go háirithe (m.sh. Pollock, 2013). Mar sin féin, infheistíodh go leor airgid i bhforbairt chóras cuimsitheach don luathfhoghlaim agus do chúram leanaí agus titeann siad seo faoi chúram na Roinne Oideachais anois agus tá tiomantas cultúrtha láidir ann do thábhacht an oideachais[5].

Cé go ndearnadh cáineadh ar líon agus ar scála na dtionscnamh a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar athchóirithe Rialtais (Coffield, 2012), is léir gur oibrigh dearthóirí athchóirithe in Ontario go dian le freagra córasach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar na fadhbanna agus na dúshláin a bhí acu sa chóras oideachais a bhí i bhfeidhm roimhe sin. Chruthaigh an rialtas agus na príomhpháirtithe leasmhara braistint de thuiscint chomhroinnte agus de chuspóir chomhroinnte, agus tá tuiscint ag an bpobal i gcoitinne ar an dá thionscnamh chórasacha a chuir siad i bhfeidhm – an Ardrúnaíocht Litearthachta agus Uimhearthachta[6] agus straitéis ar Rath an Scoláire – agus tacaítear leo.

Chruthaigh an Roinn *Ontario Education Partnership Table*, inar féidir le raon leathan páirtithe leasmhara casadh le hoifigigh ón Roinn idir dhá agus ceithre huaire in aghaidh na bliana. Bunaíodh Táblaí Oibre mar thoradh ar bhunú an chomhlachta seo, ina gcasann grúpaí níos lú de pháirtithe leasmhara le chéile chun oibriú ar fhadhbanna áirithe.

---

[4] https://www.oise.utoronto.ca/oise/UserFiles/Media/Media_Relations/OISE-Public-Attitudes-Report-2018_final.pdf

[5] https://www.ontario.ca/page/ministry-education

[6] http://www.ontla.on.ca/library/repository/mon/17000/263658.pdf

Cás-staidéar 3. British Columbia

An comhthéacs sochpholaitiúil

Is cúige é British Columbia i gCeanada a bhfuil córas oideachais ceannasach aige atá ar cheann de na córais oideachais is fearr i measúnuithe idirnáisiúnta ar scoláirí. Tá an Roinn Oideachais i gceannas ar an gcóras scolaíochta agus freastalaíonn sé ar thart ar 650,000 scoláire, tá 10% den líon scoláirí sin i scoileanna neamhspleácha, agus freastalaíonn an chuid eile ar scoileanna poiblí a bhainistíonn dlínsí scoile.

Thug BC faoi athchóiriú mór ar a chóras oideachais le déanaí le córas '*a chumasaíonn agus a thacaíonn le foghlaim phearsanta trí theagasc agus fhoghlaim ar ardchaighdeán agus trí solúbthacht agus roghanna agus chaighdeáin arda*' a chruthú[7]. Ba é an réasúnaíocht a bhí leis seo gur theastaigh curaclam ina bhfuil scoláirí níos rannpháirtí agus ina gcothaítear scileanna agus cumais a chaithfidh an scoláire a bhaint amach le dul chun cinn a dhéanamh san 21ú Aois.

Rinne BC neart athbhreithnithe ar threochtaí i ndlínsí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tugadh cuireadh do shaineolaithe curaclaim agus measúnaithe comhairle a thabhairt ar na hathruithe beartaithe (cé nach bhfuil tionchar na rannpháirtíochta seo soiléir, ní dhéantar tagairt d'údair acadúla ann mar shampla) agus bhí na hathbhreithnithe seo mar bhonn eolais an athbhreithnithe. Bunaíodh grúpa le caighdeáin nua a chumadh i leith inneachar. Thacaigh British Columbia Teachers' Federation (BCTF) agus saineolaithe curaclaim a d'oibrigh le Scoileanna Oideachais an chúige leis an ngrúpa seo. Chuir na grúpaí forbartha teorainn leis an méid a bhí siad in ann a scríobh faoi ábhar amháin agus faoi ghrád amháin, ní rabhthas in ann ach leathanach amháin a scríobh. Chum na grúpaí líon beag "idéanna móra" maidir le gach ábhar agus le haghaidh gach bliain freisin. Bhíothas ag súil go mbeifear in ann an teannas a bhíonn idir féinriail áitiúil agus cinntiú go bhforbraíonn gach scoláire an príomheolas i leith gach ábhar a shárú ag aontú ar na hidéanna seo ar leibhéal cúige.

Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama

Tá an Curaclam athbhreithnithe in BC bunaithe ar choincheapa agus tá sé treoraithe ag an inniúlacht, cuirtear béim ar thuiscint dhomhain a fháil ar choincheapa agus ar chur i bhfeidhm próiseas seachas fíricí agus faisnéis áirithe a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Rinneadh an curaclam iomlán a

[7] https://curriculum.gov.bc.ca/curriculum/overview

chomhoiriúnú in aon cháipéis bheartais amháin ina gcuirtear béim ar fhócas comhleanúnach agus níos mó ar inniúlachtaí a fhoghlaim don 21ú haois, cuir i gcás an chruthaitheacht, an nuálaíocht, smaointeoireacht chriticiúil agus pearsantacht. Cuireadh an t-athbhreithniú seo i gcrích agus bainfidh gach grád leas as an gcuraclam nua faoi 2019/20.



Fíor 10 - Struchtúr Torthaí in British Columbia

- Cuireadh na dréachtaí den churaclam i gcomhair Grád 10-12 ar fáil do mhúinteoirí ar fud an chúige le triail a bhaint astu in 2016/17. Rinneadh athbhreithniú orthu agus cuireadh feabhas i bhfeidhm orthu bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ón triail seo agus cuireadh iad i gcrích i samhradh 2018.
- Úsáidfidh gach scoil in BC an curaclam athdheartha do Ghrád 10 in 2018/19; beifear in ann an curaclam do na Gráid dheiridh 11 & 12 a úsáid ar bhonn trialach chomh maith.
- Úsáidfidh gach scoil in BC an curaclam athdheartha do Ghrád 11 & 12 in 2019/20.

Tá sraith Croí-Inniúlachtaí mar bhonn agus mar thaca ag an gcuraclam scoile in BC, agus tá na hinniúlachtaí seo comhleanúnach thar chéimeanna agus thar na réimsí foghlama.

Tá gach ceann de na réimsí foghlama sa churaclam bunaithe ar an tsamhail *Fios-Déan-Tuig* chun tacú leis na Croí-Inniúlachtaí. Tá na trí ghné, an tInneachar (*Fios*), Inniúlachtaí Curaclaim (*Déan*), agus Idéanna Móra (*Tuig*) nasctha le chéile chun tacú le foghlaim níos doimhne (Fíor 11).

Fíor 11 - Réimsí foghlama sa churaclam in BC

Tá na gnéithe seo a leanas mar chuid den churriculum:

- **Smaointe Móra (Tuiscint):** Is éard atá sna hidéanna móra ginearálú agus prionsabail agus na príomhchoincheapa i réimse foghlama. Léirítear cad a thuigfidh an scoláire faoin am a gcuireann sé an curaclam dá ghrád i gcrích. Táthar ag súil go mairfidh siad thar ghrád amháin agus go gcuirfidh siad le tuiscint a gheobhaidh an scoláire amach anseo.
- ***Caighdeáin Foghlama*** *(is ionann iad seo agus na Torthaí Foghlama in Éirinn)*
    - **Inniúlachtaí Curaclaim (Déan):** Is éard atá sna hinniúlachtaí curaclaim na scileanna, na straitéisí agus na próisis a fhorbraíonn an scoláire le himeacht aimsire. Cé go bhfuil baint níos dlúithe idir na hinniúlachtaí curaclaim agus an t-ábhar, tá nasc láidir acu leis na Croí-Inniúlachtaí chomh maith.
    - **Inneachar (Fios):** Sonraítear na topaicí agus an t-eolas riachtanach maidir le gach ábhar ag gach grád sna caighdeáin inneachair foghlama.

Táthar ag súil go bhforbróidh an scoláire inniúlacht san uimhearthacht agus sa litearthacht thar gach ábhar agus gach grád agus go mbeidh sé in ann an inniúlacht sin a thaispeáint. Forbraítear scileanna litearthachta agus uimhearthachta trí fheidhmeanna i ngach réimse curaclaim.

Féach ar Fhíor 12 thíos chun sampla a fháil den bhealach a gcuirtear an curaclam i láthair (ag úsáid Réimse Foghlama i gcomhair eolaíocht do ghrád 5).



Fíor 12 - Struchtúr an Churaclaim in BC

Tá an struchtúr agus na béimeanna comhleanúnach thar gach ábhar agus thar gach leibhéal.

Torthaí Foghlama a Bhainistiú

Le blianta beaga anuas, áitíonn oideachasóirí agus acadóirí in BC go bhfuil na curaclaim ag éirí níos plódaithe mar thoradh ar an athchóiriú leanúnach seo agus nach féidir le múinteoirí na Torthaí Foghlama a thugtar in aon cháipéis amháin a bhainistiú (Sun, Raptis, & Weaver, 2015). Rinneadh an curaclam a nuashonrú i sraitheanna, ábhar i ndiaidh ábhair, go traidisiúnta in BC. Cuireadh sraith ceanglán nua le chéile tar éis gach nuashonraithe agus cuireadh le líon na gcaighdeán inneachair a iarradh ar mhúinteoirí a chumhdach le gach nuashonrú. Rinneadh cáineadh ar an bpróiseas athchóirithe in BC toisc gur cuireadh leis an gcuraclam le gach athchóiriú ach ní baineadh aon rud de. Mar aon le níos mó inneachair agus inneachar nua agus reatha, chonacthas go raibh níos mó éilimh i ngach athbhreithniú chun tuiscint níos doimhne agus cur i bhfeidhm scileanna níos casta a fheiceáil sa churaclam. B'éigean do mhúinteoirí agus do scoláirí iarracht níos mó a chaitheamh leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim chun na cuspóirí inmhianaithe a bhaint amach san am a bhí ceadaithe dóibh (BCTF, 2013).

Agus an tsraith athchóirithe curaclaim is déanaí ag druidim leo, thuig na forbróirí curaclaim óna dtaithí féin agus as an obair a rinne siad le múinteoirí go raibh drochthionchar ag an líon caighdeán inneachar, a bhí ag méadú ar bhonn leanúnach, ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim agus go raibh sé in am an nós sin a athrú. Cuireadh níos lú topaicí agus inniúlachtaí atá níos leithne in áit an líon ard Torthaí Foghlama mar chuid den athbhreithniú curaclaim is déanaí.

Aithnítear cad atá riachtanach le haghaidh gach réimse foghlama—cad atáthar ag súil a bheidh ar eolas ag an scoláire, cad a bheidh sé in ann a dhéanamh, agus cad a thuigfidh sé ag gach grád sna Caighdeáin Foghlama agus sna hIdéanna Móra. Tá rogha ag an múinteoir maidir le conas a chuirtear an tsamhail seo i bhfeidhm; táthar ag súil go measchaidh sé trí ghné ar bhealach a oireann dó chun an fhoghlaim ina sheomra ranga a phearsantú. Dearadh an curaclam le bheith solúbtha ionas go mbeadh spás ag múinteoirí a bheith nuálach. Cuirtear *Samplaí Teagaisc* ar fáil le haghaidh gach Réime Foghlama chun cuidiú le múinteoirí an t-athrú seo a bhainistiú. Is samplaí réalaíocha iad na samplaí seo den bhealach inar léirmhínigh múinteoirí ón gcúige ar fad Curaclam nua BC chun eispéiris foghlama a phleanáil dá scoláirí. Aithnítear naisc shoiléire idir na hIdéanna Móra, na Caighdeáin Fhoghlama, agus na Croí-Inniúlachtaí i ngach sampla. Sonraítear úsáid nasc traschuraclaim, rogha a thabhairt don scoláire agus do mhúinteoirí, pointí iontrála iomadúla agus léirmhínithe sna samplaí. Cuirtear smaointe don mheasúnú agus samplaí ar obair an scoláire ar fáil sna samplaí chomh maith. Léirítear i roinnt samplaí conas a d'éirigh le múinteoirí naisc fhollasacha a dhéanamh leis an gcuraclam trí thimthriallta smaointeoireachta, pleanála agus machnaimh freisin.

Mar aon leis na samplaí teagaisc, cuirtear tacaíocht agus faisnéis chuimsitheach ar fáil do mhúinteoirí le cinntiú go bhfuil na Croí-Inniúlachtaí i gcroílár na foghlama. Léirítear conas na Croí-Inniúlachtaí a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim i roinnt Próifílí ar na Croí-Inniúlachtaí, a d'fhorbair múinteoirí BC agus atá bunaithe ar obair scoláirí. Baineann dhá ghné leis na Próifílí ar na Croí-Inniúlachtaí.

Próifílí ar na hInniúlachtaí: Cuirtear léargas agus sraith próifílí in iúl sna próifílí seo. Tugtar cúlra faoin inniúlacht sa léargas agus tá cur síos ann ar na gnéithe éagsúla a bhaineann léi chomh maith. Is éard atá sa tsraith próifílí cur síor ar scoláirí de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn agus a bhaineann siad céimeanna arda inniúlachta amach. Scríobhadh na próifílí ó dhearcadh an scoláire, agus léirítear úinéireacht agus freagracht an scoláire i leith na n-inniúlachtaí a thaispeáint iontu. Áirítear ráitis a thosaíonn leis an nath 'Is féidir liom' sna próifílí. Cuirtear béim ar leathnú agus ar an bhfás sna Próifílí ar na hInniúlachtaí agus tá siad forchéimnitheach agus cuireann siad lena chéile.

Léirithe ar na hInniúlachtaí: tá samplaí ar fáil sna léirithe ar na hinniúlachtaí ina dtaispeánann scoláirí ó chúlraí agus ó chultúir éagsúla an inniúlacht. Tá roinnt léirithe ann le haghaidh gach gné a

bhaineann leis an inniúlacht ag céimeanna forbartha éagsúla. Tá próifíl (céim forbartha), na ráitis a thosaíonn le *Is féidir liom* agus an Ghné (féach ar an sampla i bhfíor 18) mar chuid de na Léirithe.



Competency Illustrations

MORE ILLUSTRATIONS »

Monster Roommates

Students crafted a monster story and develop criteria to determine who would be good roommates.

Students in this French Immersion class had studied extracts of stories about monsters and now, were crafting their own monster stories. At this point, students had to figure out which monsters would be compatible roommates: how would they be able to live together – without eating or destroying each other! Students discussed each monster's habits and habitation, developed criteria for the roommates, and prepared 'contracts' for three monsters to live together.

"Contract between monster roommates"

"student drawing of monster roommates"

Profile	Description	Facets
2	I can use evidence to make simple judgments. I can ask questions, make predictions, and use my senses to gather information. I can explore with a purpose in mind and use what I learn. I can tell or show something about my thinking. I can contribute to and use simple criteria. I can find some evidence and make judgments.	Question and Investigate

Fíor 18-Léiriú Inniúlachta: smaointeoireacht chriticiúil

Beidh sé suimiúil a fheiceáil an n-úsáidfidh múinteoirí BC na léirithe seo mar shamplaí eiseamláireacha mar a rinneadh in Ontario.

Torthaí foghlama i gcleachtas

Chuir Rod Allen, iarleas-aire comhlach sa Roinn Oideachais in British Columbia, roinnt léargas in iúl ar na fadhbanna atá ag teacht chun cinn maidir leis an athchóiriú in BC, agus ar na tionchair a bhíonn ag na fadhbanna sin ar mhúinteoirí in agallamh le déanaí le *British Columbia's Curriculum: A Glimpse of the Future*?[8] D'aithin sé go mbíonn deacrachtaí ag múinteoirí mar teastaíonn curaclam ina bhfuil Torthaí Foghlama leathana a ligean dóibh a mbreith ghairmiúil a úsáid ach nach dtugtar faisnéis mhionsonraithe ann ar cad atá le foghlaim sa tsamhail sin. Tá an teannas seo le feiceáil sa tuairisc ar fhreagraí na múinteoirí nuair a chuathas i gcomhairle leo maidir leis na hathchóirithe (BCTF, 2016). Bhí

8 http://blogs.edweek.org/edweek/top_performers/2018/06/british_columbias_curriculum_a_glimpse_of_the_future.html

freagraí na múinteoirí dearfach, den chuid ba mhó, faoin gcur chuige traschuraclaim agus fiosrúcháin a chuirtear chun cinn sa churaclam athdheartha, lena n-áirítear an creat d'Idéanna Móra agus de Chroí-Inniúlachtaí. Cuir i gcás, dúirt múinteoir amháin go bhfuil an creat seo 'gonta agus leathan sa bhealach gur féidir le múinteoirí a rogha rud atá oiriúnach dá scileanna féin a dhéanamh'. Chuir siad fáilte roimh an tsolúbthacht atá le feiceáil sna Torthaí Foghlama mar síleadh gur cuireadh deis ar fáil dóibh na hábhair a oiriúnú le freastal ar na riachtanais shonracha a bhíonn ag grúpaí scoláirí éagsúla. Mar sin féin, cé gur chuir siad fáilte roimh an athchóiriú, bhí múinteoirí buartha faoi fhís an athraithe curaclaim a thabhairt le chéile le gach a tharlaíonn ina gcuid scoileanna agus seomraí ranga i ndáiríre. Síleann roinnt múinteoirí go gcuirtear isteach ar a neamhspleáchas proifisiúnta nuair a chuirtear cur chuige oideolaíochta i bhfeidhm ón mbun aníos, tá múinteoirí eile buartha nach bhfuil dóthain ama ná acmhainní acu do chuir chuige oideolaíochta nua.

Bhí tuairimí éagsúla ag múinteoirí maidir le raon an inneachair curaclaim. Mheas roinnt múinteoirí go gcuirtear níos mó 'roghanna ar fáil do mhúinteoirí le cinneadh a dhéanamh faoi cad a mhúinfidh siad agus faoin mbealach ina múinfidh siad é' sa churaclam nua, ag cruthú deiseanna chun 'ábhar a roghnú agus a fhiosrú go huile is go hiomlán', agus go mbíonn tuiscint agus léirthuiscint níos doimhne ag an scoláire dá bharr. Bhí múinteoirí eile den tuairim go raibh an curaclam athdheartha an-doiléir agus go raibh bearnaí san inneachar. Áitíonn siad go bhfuil an tsolúbthacht ann chun aimhleasa scileanna sonracha agus eolas ar leith agus go bhfuil an curaclam níos éasca nó ró-éasca anois mar gheall gur laghdaíodh an t-inneachar.

Mar fhreagra ar imní na múinteoirí, tugann Allen le fios go bhfuil cothromaíocht mhaith idir an tsonraíocht lárnach i gcreata an churaclaim agus solúbthacht do mhúinteoirí leis an gcuraclam nua a chur i bhfeidhm. Creideann sé gur baineadh an chothromaíocht cheart amach mar ceapann roinnt múinteoirí go bhfuil sé doiléir agus roinnt eile go bhfuil sé ró-shonrach. Tugann sé rabhadh go mbítear ag brath go mór ar thuiscint dhomhain an mhúinteora nuair a dtugtar saoirse do mhúinteoirí an curaclam a fhorbairt agus go mbeadh sé indéanta curaclam, ina ndírítear ar thuiscint agus gach atá ar eolas ag an scoláire agus gach a thuigeann sé a chur i bhfeidhm ar dhúshláin réadúla, a theagasc mura bhfuil tuiscint dhomhain ag an múinteoir ar an ábhar.

> *Is é an rud is tábhachtaí an smaoineamh go bhfuiltear ag múineadh an churaclaim a thréigean […] Ina áit sin, ba cheart don mhúinteoir eispéiris a chruthú don scoláire ina mbainfidh sé na torthaí inmhianaithe amach. Cruthófar dúshláin nach raibh aon súil ag na múinteoirí nó ag na scoláirí leo mar thoradh ar na heispéiris sin. Caithfidh an múinteoir a bheith in ann 'Níl a fhios agam. Ach gheobhaimid an freagra amach a rá'. (Rod Allen).*

Tá imní faoin measúnú sa churaclam nua chomh maith, agus síltear nach bhfuil an nasc idir na Torthaí Foghlama agus measúnuithe seachtracha reatha an rialtais sa Mhatamaitic agus sa Litearthacht láidir

go leor. Is beag an fhianaise impiriúil atá ann faoin tionchar a bheidh ag an athchóiriú ar mhúinteoirí, ar fhoghlaimeoirí agus ar chleachtas sa seomra ranga, mar nach bhfuiltear ach ag céim an-luath den athchóiriú seo; mar sin féin, beidh sé suimiúil súil a choinneáil ar cad a thagann chun cinn agus ar na ceachtanna ar féidir foghlaim uathu.

Múinteoirí agus Torthaí Foghlama

Tá ceardchumann ag gach dlínse scoile (ar a dtugtar cumann), agus tá múinteoirí ina mbaill de BCTF – Cónaidhm Múinteoirí an chúige chomh maith. Tá caidreamh achrannach ag BCTF agus an Roinn le fada an lá. Is iomaí uair a chuaigh múinteoirí ar stailc ó fuair siad an ceart le dul ar stailc 28 bliain ó shin. Sa bhliain 2012, chuir an Rialtas reachtaíocht i bhfeidhm chun teorainn a chur le cumas na múinteoirí dul ar stailc. Mar fhreagra air sin, chuir an BCTF cosc ar mhúinteoirí labhairt lena riarthóirí ar feadh bliain amháin beag ná mór idir 2012 agus 2013. Ansin sa bhliain 2014, chuaigh múinteoirí ar stailc ar feadh an tréimhse is fada i stair Cheanada agus cailleadh amach ar neart seachtainí scoile dá bharr. Tháinig deireadh leis i lár mhí Dheireadh Fómhair nuair a aontaíodh ar shocrú faoinar méadaíodh pá na múinteoirí ar bhonn measartha thar thréimhse sé bhliana agus tugadh ciste nua isteach chun níos mó múinteoirí agus saineolaithe a fhostú i scoileanna. D'aontaigh Cónaidhm Múinteoirí British Columbia (BCTF), mar ionadaí ar mhúinteoirí i scoileanna poiblí an chúige, agus Cumann Fostóirí do Scoileanna Poiblí BC (BCPSEA) mar ionadaí ar an 60 bord poiblí oideachais atá sa chúige, ar chomhaontú margála sa bhliain 2012. Rachaidh an comhaontú seo in éag ar an 30 Meitheamh 2019 agus táthar ag súil go gcuirfear tús le hidirbheartaíocht faoi chomhaontú margála nua i mí na Nollag 2018.

I ndiaidh an chomhaontaithe sa bhliain 2012 bhí neart míshástachta i measc múinteoirí faoin mbealach inar breathnaíodh ar a ngairmiúlacht. Déanann Cónaidhm Múinteoirí British Columbia comparáid idir an caidreamh atá ag an Roinn leis na múinteoirí agus an ré a raibh Harris, a raibh drochtheist air, i gceannas in Ontario.

> *D'fhéadfaí a rá go bhfilltear ar ais ar an meoin a bhí ann tráth a raibh Harris i gceannas ar na bealaí inar féidir monatóireacht a dhéanamh ar an oideachas agus é a rialú, agus infheistíocht, tacaíocht agus comhoibriú á gcoinneáil ag an leibhéal is ísle (BCTF, 2013) .*

Leis an gcúlra seo de chaidrimh thionsclaíocha achrannacha agus coimhlint le feiceáil sa chomhfhreagras idir BCTF agus BCPSEA, níl a fhios againn go fóill cén tionchar a bheidh ag an

gcaidreamh idir múinteoirí agus an rialtas ar an gcur i bhfeidhm le linn an chéad bhabhta eile den chomh-mhargáil. D'áitigh múinteoirí nach dtéann BCPSEA i dteagmháil le múinteoirí sna comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin idir múinteoirí agus na dlínsí scoile, agus go dtreoraíonn múinteoirí a bhforbairt ghairmiúil féin faoi na comhpháirtíochtaí seo.

Forbraíodh tionscnamh amháin, *K12 Innovation Partnership,* chun an dúshlán a bhaineann le hathsmaoineamh ar an oideolaíocht a roinnt agus seoladh é i mí Eanáir 2015[9]. Cuirtear tacaíocht ar fáil d'oideachasóirí ar fud BC ar spéis leo foghlaim faoin teagasc nuálach agus cleachtais foghlama a théann chun tairbhe an scoláire sa chóras K-12, nó a úsáideann an cur chuige seo cheana féin. Riarann an Grúpa Oibre don Chomhpháirtíocht Nuálaíochta an chomhpháirtíocht ar a bhfuil cleachtóirí atá ina saineolaithe, lena n-áirítear príomhoidí agus leas-phríomhoidí, feitheoirí, agus Cónaidhm na Múinteoirí. Cé go gcuireann an Roinn na cistí ar fáil i gcomhair tionscadail chomhpháirtíochta, roinntear an rialú idir na páirtithe leasmhara le cinntiú go mbeidh sé inbhuanaithe agus dlisteanach. Mhothaigh an Roinn go raibh sé tábhachtach go ndíreofaí ar an bhfoghlaim agus ba mhian leo go mbeadh an grúpa seo in ann feidhmiú as féin agus nach gcuirfeadh tosaíochtaí eile an rialtais isteach ar an obair sin.

Tá múinteoirí BC an-bhródúil as an ardleibhéal féinrialach agus inniúlachta atá acu. Measann siad gurb é post an mhúinteora é athsmaoineamh ar an oideolaíocht a ailíniú leis an gcuraclam nua. Comhaontaíodh líon beag Idéanna Móra i ngach ábhar ar leibhéal cúige, rud a chabhraíonn de bheagán leis an dearcadh go bhfuil féinriail áitiúil á hídiú a laghdú.

An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile

Is ábhar imní é an caidreamh idir na Torthaí Foghlama (Caighdeáin Fhoghlama) agus na Croí-Inniúlachtaí ó thosaigh an chéad chomhairliúchán ar athchóiriú curaclaim. Díríodh an plé ar mheasúnú agus tuairisciú agus ar an mbéim choibhneasta a leagtar ar inneachar in aghaidh inniúlachtaí.

Ina chomhairle bhunaidh, luaigh an Grúpa Comhairleach um an gCreat Curaclaim agus Measúnaithe gur chóir na Croí-Inniúlachtaí a shainmhíniú go soiléir chun críocha curaclaim agus measúnaithe araon. Shonraigh siad freisin gur chóir tacú leis na sainmhínithe sin le contanaim thuairisciúla agus samplaí ón scoláire, cosúil le caighdeáin feidhmíochta, chun cur síos agus léiriú a thabhairt ar chéimeanna forbartha gach inniúlachta, agus gur chóir ceangal soiléir a bheith acu le tascanna agus feidhmíocht chasta réadúil (MOE, 2012). Chomh maith leis sin, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le 'naisc

[9] http://k12innovation.ca/

inniúlachta' a bhunú d'fhonn na Croí-Inniúlachtaí a cheangal go díreach le gach réimse foghlama (lch. 6).

Bhí cuspóir soiléir sa cháipéis luathphleanála sin freisin maidir le measúnú de chineál éigin ar na hinniúlachtaí sin. Mhol an Grúpa Comhairleach go dtabharfadh múinteoirí tuairisc ag príomhamanna den bhliain ar Inniúlachtaí Tras-Churaclaim agus ar phríomhchoincheapa laistigh de réimsí foghlama, agus teanga shoiléir bunaithe ar fheidhmíocht in úsáid acu (lch. 7). Agus an chastacht a bhaineann le scéimeanna marcála traidisiúnta á sainaithint, leagadh béim ar fhéinmheasúnú agus ar sholúbthacht maidir le hinniúlacht a léiriú (lch. 7). Ina thuarascáil deiridh, chomhaontaigh an Grúpa Comhairleach um Measúnú Cúige, cé gur chóir díriú i gcónaí ar na réimsí léitheoireachta, scríbhneoireachta agus uimhearthachta, go bhfuil gá freisin le measúnú ar na hInniúlachtaí Tras-Churaclaim a fhorbairt agus gur chóir iad a chur san áireamh sa 'chóras measúnaithe cúige' (Magnusson & Frank, 2014).

Arís, d'fhéadfadh an difríocht sin tionchar a imirt ar an aird a thugtar ar na croí-scileanna sin, mar a samhlaíodh ar dtús ag an nGrúpa Comhairleach agus mar ar tacaíodh leis go forleathan san aiseolas ón bpobal agus ó oideoirí. Agus an Aireacht fós ag sainordú grádú de réir litreacha a úsáid do ghráid 4-12, leanfar d'aird na múinteoirí agus an scoláire a tharraingt ar tháscairí a rialaíonn an méid atá 'tábhachtach' ó thaobh Torthaí Foghlama. Mar a fheictear ó thosaigh an próiseas comhairliúcháin phoiblí, tá comhaontú ann ar an tábhacht a bhaineann le Croí-Inniúlachtaí maidir leis an tslí a n-éireoidh leis an scoláire sa todhchaí. Mar sin féin, tá baol i ndáiríre ann go ndéanfar dearmad ar an misean níos leithne seo mar thoradh ar an dúshlán suntasach a bhaineann le cur i bhfeidhm agus measúnú bríoch. D'fhéadfadh taighde amach anseo scrúdú a dhéanamh ar chuir chuige ar mheastóireacht atá idir éifeachtúil agus réadúil, nó iad a léiriú, agus fiosrú a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfaí féinmheasúnú a bhainistiú go bríoch nó a chumasc le cineálacha eile tuairiscithe, chun bonn a thabhairt don fhorbairt ar Chroí-Inniúlachtaí i dtuairim an scoláire, tuismitheoirí, oideoirí agus páirtithe leasmhara iar-bhunscoile.

Tá córas measúnaithe BC á athdhearadh chun é a ailíniú leis an gcuraclam nua. Deartar an measúnú seo chun tacú le cur chuige solúbtha, pearsantaithe ar an bhfoghlaim agus chun smaointeoireacht chasta níos doimhne a thomhas. Tá trí chlár sa chóras measúnaithe:

- Measúnú agus Tuairisciú sa Seomra Ranga
- Measúnú Cúige
- Measúnú Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Measúnú agus Tuairisciú sa Seomra Ranga

Tá próifíl i bhfad níos airde á tabhairt do Mheasúnú ar Chaighdeáin Foghlama sa Churaclam nua ná mar a tugadh dó roimhe seo. Forbraíodh Creat um Measúnú Rangbhunaithe[10] agus samplaí den mheasúnú chun tacú le tuiscint múinteoirí ar an gcaidreamh idir na hInniúlachtaí Tras-Churaclaim, an tInneachar agus na Caighdeáin Fhoghlama. Ceaptar na creatchláir mheasúnaithe ar na Caighdeáin Fhoghlama agus níl na Croí-Inniúlachtaí san áireamh iontu. Déantar measúnú orthu sin mar chuid den mheasúnú cúige. Is ionann na creatchláir agus bís fhairsing sonraíochta a thagann salach ar rúin an bheartais maidir le tranglam a ghlanadh as. Tagann dhá threocht éagsúla chun cinn: cé nach bhfuil an curaclam chomh plúchta is a bhí, de réir dealraimh, agus cé go bhfuil laghdú suntasach ar an líon Caighdeán Foghlama, tá na caighdeáin mheasúnaithe i ndiaidh éirí thar a bheith sonraithe, sa mhéid go bhfuil foleibhéil laistigh de leibhéil anois (féach fíoracha 13-16).

[10] https://curriculum.gov.bc.ca/sites/curriculum.gov.bc.ca/files/pdf/assessment/a-framework-for-classroom-assessment.pdf



Fíor 13 - Creat maidir le Measúnú Rangbhunaithe

Science	English Language Arts	Social Studies	Mathematics
Questioning	Engaging and Questioning	Inquiry and Questioning	Questioning and Investigating
Procedures and Evidence	Processing	Evidence and Interpretation	Connecting and Reflecting
Analysis	Analyzing	Analysis	Reasoning and Analyzing
Ethics	Recognizing Identity and Voice	Ethics and Decision-making	Understanding and Solving
Communicating	Constructing and Creating	Communication and Justification	Communicating and Representing

Fíor 14 - Catagóirí critéar don Eolaíocht, don ELA, do Staidéir Shóisialta agus don Mhatamaitic.

Criteria category	Criteria		
	Science: K	Science: Grades 3-4	Science: Grades 7-8
Questioning	• Makes observations about objects and events in familiar contexts • Uses observations and curiosity to form questions	• Makes and records observations about objects and events in familiar contexts • Asks questions about observations that can be investigated • Makes predictions based on prior knowledge	• Makes and records accurate and precise observations • Asks questions about their observations that lead to a scientific inquiry • Makes predictions about their scientific inquiries • Formulates a hypothesis
Procedures and Evidence	• Safely uses materials • Gathers simple data	• Suggests ways to plan and safely conduct an investigation • Collects, sorts, and classifies simple data • Recognizes that data comes from multiple sources	• Chooses appropriate methods and materials to safely conduct their own inquiry • Measures and controls variables • Accurately collects and records data using a variety of tools • Finds and uses data from multiple sources
Analysis	• Represents simple data in a variety of ways • Discusses observations	• Represents patterns and relationships in data using given methods (e.g., table, graph) • Uses data to infer the relationship between predictions and results • Reflects on evidence to determine whether an investigation was a fair test	• Identifies and represents patterns and relationships in data in a variety of ways • Uses data to support conclusions • Identifies possible sources of error and refines investigation methods • Identifies bias and assumptions in primary and secondary sources
Ethics		• Considers ethical responsibilities when designing an investigation	• Evaluates social, ethical, and environmental implications in investigations
Communicating	• Communicates observations and ideas reflecting personal experience of place	• Explains ideas and processes reflecting personal or shared experience of place	• Clearly and concisely communicates scientific ideas and information • Expresses and reflects on place through a variety of methods

Fíor 15 - Critéir Mheasúnaithe don Eolaíocht

Proficiency Scale	Emerging	Developing	Proficient	Extending
	The student demonstrates an initial understanding of the concepts and competencies relevant to the expected learning.	The student demonstrates a partial understanding of the concepts and competencies relevant to the expected learning.	The student demonstrates a complete understanding of the concepts and competencies relevant to the expected learning.	The student demonstrates a sophisticated understanding of the concepts and competencies relevant to the expected learning.

Fíor 16- Scála Inniúlachta na gCritéar Measúnaithe

Bíonn trí chárta tuairisce foirmiúla i scríbhinn do gach scoláire gach scoilbhliain, ceann ag deireadh na bliana san áireamh. Scríobhtar iad sin ar fhoirm cheadaithe, sainaithníonn siad dul chun cinn an

scoláire agus cuirtear iad i gcomhad buan an scoláire. Chomh maith leis na cártaí tuairisce foirmiúla, gintear dhá thuairisc neamhfhoirmiúla gach bliain. Cinneann gach scoil an tslí a ndéantar an tuairisciú neamhfhoirmiúil. Chomh maith leis an gCreat Measúnaithe atá thar a bheith sonraithe, sainordaítear san ordú (ciorclán) is déanaí[11] ón Aireacht go bhfuil gráid de réir litreacha fós le húsáid sa tuairisciú ar ghnóthachtáil do na gráid 4-12.

Measúnú Cúige

Déantar measúnuithe ar fud na gcúigí ar Litearthacht agus ar Uimhearthacht. Deartar na measúnuithe sin chun léargas a thabhairt ar fheidhmíocht an scoláire i bpríomhréimsí agus úsáidtear iad chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhthorthaí chóras oideachais BC. Is measúnuithe seachtracha iad na Measúnuithe Cúige.

Torthaí Foghlama agus cultúr scoile

Tugtar solúbthacht do mhúinteoirí timpeallachtaí foghlama a chruthú, bunaithe ar Chroí-Inniúlachtaí a fhorbairt, a bheidh ábhartha, spéisiúil agus nua. Chun cabhrú leo ina gcuid pleanála don teagasc agus don fhoghlaim, agus chun an fhoghlaim a chur i gcomhthéacs a saoil laethúil, tugtar tacaíocht do mhúinteoirí chun taispeáint dóibh conas Croí-Inniúlachtaí seachas inneachar a shocrú mar an rud a mbíonn béim ag an teagasc, ag an bhfoghlaim agus ag an measúnú air.

Tá sraith cáipéisí dá gcuid féin ag gach ceann de na trí Chroí-Inniúlacht, ina dtugtar mionsonraí faoin tslí ar chóir iad a fhorbairt trí gach gné d'eispéireas an scoláire. Déantar cur síos orthu sin mar shraitheanna inniúlachtaí intleachtúla, pearsanta, sóisialta agus mothúchánacha nach mór do gach scoláire a fhoghlaim le bheith rannpháirteach i bhfoghlaim dhomhain agus i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Tá an tslí a léiríonn na Croí-Inniúlachtaí iad féin i ngach disciplín tugtha sna caighdeáin fhoghlama. An sprioc d'fhoghlaimeoirí ná na Croí-Inniúlachtaí a úsáid gach lá ar scoil agus sa saol, agus na Croí-Inniúlachtaí a bheith mar chuid lárnach den fhoghlaim i ngach réimse den churaclam.

[11]https://www2.gov.bc.ca/assets/gov/education/administration/legislationpolicy/legislation/schoollaw/e/m192_94.pdf

Cás Staidéir 4. An Nua-Shéalainn

An comhthéacs sochpholaitiúil

Rinneadh athbhreithniú ar an gcuraclam in 2000-2002, agus cinneadh an tráth sin é a athchóiriú de réir an athraithe ar an tsochaí, an daonra a bhí ag éirí níos éagsúla, dul chun cinn sa teicneolaíocht agus éilimh a bhí ag athrú san áit oibre. I ndiaidh próisis forbartha a raibh tástálacha i scoileanna, meithleacha oibre comhoibríocha, díospóireachtaí ar líne agus iniúchadh ar thaighde ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar chuid de, foilsíodh dréacht-Churaclam na Nua-Shéalainne i gcomhair comhairliúcháin in 2007. Tá leagan athbhreithnithe á fhorbairt faoi láthair.

An phríomhfheidhm atá ag Curaclam na Nua-Shéalainne (NZC) ná treo a shocrú d'fhoghlaim an scoláire agus treoir a sholáthar do scoileanna agus iad ag dearadh agus ag athbhreithniú a gcuraclaim féin. Áirítear ann sraith prionsabal soiléir ar a mbunaíonn scoileanna a gcinnteoireacht féin maidir lena gcuraclam. Leagtar amach ann luachanna atá le spreagadh, le samhaltú agus le fiosrú. Tugtar sainmhíniú ann ar cúig Phríomhinniúlacht atá ríthábhachtach don fhoghlaim leanúnach agus don rannpháirtíocht éifeachtach sa tsochaí agus atá mar bhonn taca don bhéim ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama



Fíor 17 - Achoimre ar Struchtúr an Churaclaim

Aithnítear cúig Phríomhinniúlacht ardleibhéil, thras-churaclaim san NZC: smaointeoireacht; úsáid teanga; siombailí agus téacsanna; féinbhainistiú; caidreamh le daoine eile. Déantar na hinniúlachtaí tras-churaclaim a chomhtháthú thar na réimsí foghlama agus na leibhéil fhoghlama. Déantar cur síos orthu mar rudaí atá níos casta ná scileanna, mar go dtarraingíonn siad ar eolas, ar dhearcthaí agus ar luachanna, chomh maith le scileanna ar bhealaí a mbíonn gníomhú mar thoradh orthu. Tugann na ráitis faoi réimsí foghlama an churaclaim cuir síos leathana ar nádúr bunúsach gach réimse foghlama. Tá na réimsí foghlama roinnte ina snáitheanna, agus tá Torthaí Foghlama ardleibhéil ann, atá seasmhach trasna na leibhéal go léir, i gcomhair gach snáithe. Leagtar amach sna Cuspóirí Gnóthachtála na próisis foghlama roghnaithe, an t-eolas agus na scileanna a bhaineann le hocht leibhéal foghlama, agus is ionann iad agus Torthaí Foghlama i sonraíochtaí na hÉireann, ach tá difríocht thábhachtach ann; níl siad éigeantach agus is féidir le scoileanna agus le múinteoirí iad a oiriúnú go suntasach.

Fíor 18 - Forléargas ar churaclam na Nua Shéalainne

Torthaí Foghlama a Bhainistiú

I ndiaidh an beartas Scoileanna na Todhchaí[12] a thabhairt isteach i 1989, d'fhorbair an Nua-Shéalainn samhail rialachais scoileanna a bhraitheann go mór ar ghairmiúlacht múinteoirí agus ceannairí agus ar cháilíocht na comhpháirtíochta a bhunaíonn siad lena bpobail. Cuireann an tsamhail seo cuid mhór freagrachta ar cheannairí scoile agus ar mhúinteoirí, mar is iad na múinteoirí na príomh-mheasúnóirí ar dhul chun cinn a gcuid scoláirí. Trí bhíthin samhail féinbhainistithe a thabhairt isteach, thug athchóirithe na Nua-Shéalainne cuid mhór saoirse do scoileanna rogha a dhéanamh faoin tslí leis an gcuraclam náisiúnta a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, agus faoin tslí le tabhairt faoi mheasúnú agus tuairisciú. Cinneann an stát creat rialála ginearálta ach ní leagann sé amach an cleachtas féin. Cruthaíonn gach scoil a beartais measúnaithe agus tuairiscithe féin ag teacht leis na Treoirlínte Náisiúnta Oideachais (NAG), agus cinneann siad na huirlisí measúnaithe a úsáidfidh siad agus an tslí a thabharfaidh siad tuairisc ar ghnóthachtáil an scoláire. D'fhéadfaí athchóirithe forleathana ar na gnéithe thuas den chóras reatha a thabhairt isteach trí bhíthin an athbhreithnithe leanúnaigh ar an gcóras oideachais (m.sh. féach: https://conversation.education.govt.nz/assets/TSR/Tomorrows-Schools-Review-Report-13Dec2018.PDF).

An meon atá ag an NZC ná go gcruthaítear curaclam áitiúil gach scoile de réir riachtanas, spéiseanna agus dálaí an scoláire agus a phobail; tá stádas mar threoir seachas mar ordú ar na Cuspóirí Gnóthachtála agus tá siad faoi réir rogha na scoile. Mar sin féin, fiú i gcás múinteoirí muiníneacha i bpobail ina bhfuil cleachtas seanbhunaithe, tá fianaise ann go mbaineann dúshláin fós leis an leibhéal féinrialach seo ó thaobh an tslí a ndéantar Cuspóirí Gnóthachtála a bhainistiú (Wylie, McDowall, Ferral, Felgate, & Visser, 2018). Go sonrach, tá fianaise ag teacht chun solais maidir leis an gclaonadh múineadh de réir Chuspóirí Gnóthachtála chun an curaclam a theorannú. Sa Stair, mar shampla, tá sé tugtha ar aird ag Ormond (2017, lch. 599) go bhféadfaí beag a dhéanamh d'eolas stairiúil substainteach i bhfabhar an eolais ghnásúil agus go bhféadfadh tiomántóirí measúnaithe a bheith i gceannas ar roghnú eolais don stair nó cur isteach ar an roghnú sin (Ormond, 2017).

Tá cuid mhór solúbthachta ag scoileanna, mar sin, agus na mionsonraí faoin tslí a ndéanfaidh siad Cuspóirí Gnóthachtála a bhainistiú á gcinneadh acu. Tá réimsí foghlama éigeantacha ann a chaitear a mhúineadh, agus laistigh de na réimsí foghlama sin, tugtar breac-chuntas sa churaclam ar na luachanna agus ar na Príomhinniúlachtaí nach mór do scoláirí a fhorbairt. Tá cuid mhór tacaíochta ann

[12] Cáineadh na hathchóirithe sin go géar as a bheith nualiobrálach (mar shampla, as margadú agus réasúnaíocht eacnamaíochta a thabhairt isteach sa chóras oideachais. Féach, mar shampla, O'Neill, 1996).

do mhúinteoirí maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú a bhainistiú. Mar shampla, tá foireann uirlisí ann maidir le ceannaireacht churaclaim[13].

Torthaí foghlama i gcleachtas

I ndiaidh an churaclaim náisiúnta athchóirithe a chur i bhfeidhm in 2007, choimisiúnaigh an Aireacht Oideachais meastóireacht náisiúnta ar a chur i bhfeidhm (Sinnema, 2009). Taighdeoirí ag Dámh an Oideachais in Ollscoil Auckland a rinne an mheastóireacht. Sa tuarascáil, breathnaíodh go sonrach ar athrú sa chleachtas sa chéad dhá bhliain den chur i bhfeidhm, 2008/2009, agus go háirithe ar an méid a spreag an t-athrú ar an gcleachtas ag teacht le rúin bheartais – oscailteacht agus tuiscint. Fuarthas sa mheastóireacht go raibh dearcadh dearfach ar an gcuraclam nua agus gur bhreathnaigh formhór na múinteoirí air mar fheabhsúchán ar an gceann a bhí ann roimhe. Fuarthas sa tuarascáil gur fháiltigh múinteoirí roimh sholúbthacht an churaclaim, chomh ábhartha a bhí sé d'fhoghlaimeoirí san 21ú hAois, agus roimh an gcumas a bhí aige tacú le teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin don scoláire. Mar sin féin, d'ainneoin an dearcaidh dhearfaigh sin, ní bhfuarthas sa mheastóireacht fianaise ar bith ar dhul chun cinn i leith go leor príomhghnéithe den churaclam a chur i bhfeidhm i rith thréimhse ghearr na meastóireachta.

Níor tharla an easpa dul chun cinn sin mar gheall ar dhrogall a bheith ar na múinteoirí, ach mar gheall ar a gcuid muiníne ó thaobh tabhairt faoin gcuraclam mar a bhí beartaithe ag na forbróirí (múinteoirí ina measc, mar gur cuireadh an curaclam le chéile i gcomhar). Tá na torthaí sin (Sinnema, 2009) ag teacht leis an bhfianaise ó dhlínsí eile faoin laghad tionchair a d'fhéadfadh athrú curaclaim a imirt ar an gcleachtas teagaisc (Cohen, Raudenbush, & Loewenberg Ball, 2003; Levin, 2007; Wilson et al., 2018). Maidir leis an gcás sa Nua-Shéalainn, léiríodh gur príomhghné ab ea muinín na múinteoirí maidir le bheith ag obair leis na Cuspóirí Gnóthachtála, beag beann ar an gclár láidir tacaíochta a bhí ann. Moladh go bhféadfaí an easpa muiníne a lua le tuiscint dhomhain na múinteoirí féin ar na difríochtaí idir na gnéithe sa sean-churaclam agus sa churaclam nua. Thug freagraí na múinteoirí fianaise, sa chás gur mheas siad go raibh gnéithe nua curaclaim cosúil le seanghnéithe, go raibh an claonadh ann smaointe nua a chomhtháthú leis na cinn reatha. Maítear sa tuarascáil nach raibh ach mion-tuiscint ar mhéid na n-athruithe ar an gcur chuige a moladh sa churaclam nua. Fiú i gcás na múinteoirí sin a d'aithin méid na n-athruithe, agus a raibh ardmheas acu orthu, ní raibh siad ábalta i gcónaí athrú a chur i gcrích go bríoch ina seomra ranga féin. Cé go raibh cásanna ann inar chuir múinteoirí athruithe bríocha ar a gcleachtas, bhí cuid mhór díobh cráite ag an gcur isteach ar a

[13] https://curriculumtool.education.govt.nz/

gcleachtas reatha. Bhí siad oilte i modhanna agus in achoimrí curaclaim seanbhunaithe agus i gcoincheapa a cuireadh le chéile ag an gcultúr faoin tslí le hábhar faoi leith a mhúineadh, agus mhothaigh siad go minic go raibh bonn slán bainte díobh (lch. 33).

Ó foilsíodh an tuarascáil sin, tá an *Teaching and School Practices Survey Tool* (TSP) curtha i bhfeidhm ag an Nua-Shéalainn, uirlis suirbhé ar líne a dearadh i gcomhair scoileanna chun a gcleachtais teagaisc agus cleachtais cheannaireachta a bpríomhoidí a scrúdú. Suirbhé gan ainm atá ann; tugann múinteoirí tuairisc ar a gcleachtais teagaisc féin agus tugann siad a dtuairimí ar chleachtais na scoile agus ar cheannaireacht an phríomhoide. Sa tuarascáil is déanaí (Wylie et al., 2018), deich mbliana i ndiaidh na tuarascála bunaidh, tá fianaise ann go bhfuil obair le déanamh fós ag múinteoirí chun na Cuspóirí Gnóthachtála a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm sa tslí a shamhlaigh na daoine a phleanáil an curaclam. Ceann de na fáthanna a tugadh leis an easpa dul chun cinn sin ná an tuairim, cé gur aithin an múinteoir nádúr athraithe na gCuspóirí Gnóthachtála, gur dealraíodh gur chuir siad an tuiscint nua sin leis na struchtúir a bhí ann cheana féin, seachas a gcleachtas a athrú. Is tábhachtach a rá arís anseo gurb iad na ráitis ar na réimsí foghlama (ar a dtugtar na leathanaigh aonair go neamhfhoirmiúil) na codanna éigeandála, an curaclam forordaithe. Tá stádas treorach ag na Cuspóirí Gnóthachtála agus tá sé de shaoirse ag scoileanna iad a úsáid, a athrú, a gcuid féin a chur leo, gan ach a gcuid féin a úsáid, agus mar sin de.

Múinteoirí agus Torthaí Foghlama

Tá scoileanna sa Nua-Shéalainn i measc na gcinn is neamhspleáiche sna tíortha ECFE (cé gur dócha go n-athróidh sé sin i ndiaidh an athbhreithnithe reatha). Boird scoile a bhainistíonn scoileanna agus cuirtear béim ar ghnóthachtáil an scoláire. Leagann an rialtas cuspóirí bliantúla amach i Ráiteas Intinne dá ghníomhaireachtaí lárnacha oideachais agus forbraíonn an Aireacht Oideachais creat beartais náisiúnta.

Sa Nua-Shéalainn, féadfaidh múinteoirí measúnú ar obair an scoláire a bhunú ar Chuspóirí Gnóthachtála an churaclaim. Sainmhíníonn na Cuspóirí raon leathan eolais agus scileanna a mbítear ag súil leo ón scoláire. Tá na múinteoirí freagrach as tascanna measúnaithe a roghnú nó a dhearadh, chomh maith leis na breithnithe suimitheacha deiridh a dhéanamh. Mar gheall ar an gcastacht a bhaineann go nádúrtha leis na Cuspóirí Gnóthachtála (i.e. measúnú a lua le hinniúlachtaí agus le luachanna, rud atá ar scoileanna a lánpháirtiú ar feadh an phróisis deartha faoin gcuraclam), is minic a úsáideann múinteoirí tascanna measúnaithe a forbraíodh ar bhonn tráchtála (Edwards, 2013; Alison, 2005). Má bhreathnaítear ar Chuspóirí Gnóthachtála mar chuid de phictiúr níos mó, agus má chaitear leo mar ionchuir threoracha, ansin bíonn an claonadh ann iad a úsáid ar bhealach níos iomlánaíche.

Sa Nua-Shéalainn, nuair a úsáideann múinteoirí Cuspóirí Gnóthachtála mar cheann scríbe seachas mar chuid de phictiúr níos mó, ní bhíonn sa phróiseas forbartha curaclaim ach fianaise a shainaithint gur baineadh amach an Cuspóir Gnóthachtála. An toradh a bhíonn air sin, go dtagann cur chuige 'cuir tic sa bhosca' chun cinn maidir leis an bhfoghlaim, chomh maith le scoilteadh agus neamhréireacht, agus páirt-chlúdach oideachasúil ar an bpríomh-inneachar. Roghnaíonn múinteoirí píosaí eolais a thagann leis an gcuspóir gnóthachtála, seachas na scileanna, dearcthaí agus luachanna a bhfuiltear ag iarraidh iad a neadú i bpríomh-eolas substainteach (B. Ormond, 2011).

An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile

Le tamall anuas, an cur chuige atá sa Nua-Shéalainn ná gluaiseacht ó fhócas suimitheach cúng go dtí fócas níos leithne ar mheasúnú mar bhealach chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú. Tugann an straitéis measúnaithe tosaíocht do thacaíocht do mhúinteoirí agus do scoileanna, trí bhíthin fáil ar uirlisí nua measúnaithe agus foghlaim ghairmiúil a dhíríonn ar chumas measúnaithe a fheabhsú.[14]

Roimh 2018, baineadh amach cáilíochtaí scoile trí bhíthin obair an scoláire a mheas in aghaidh tacair Caighdeán Náisiúnta a bhí bunaithe ar na Cuspóirí Gnóthachtála. Fo-thacar de na Cuspóirí Gnóthachtála a bhain le critéir mheasúnaithe a bhí i ngach Caighdeán, go héifeachtach, maille leis an gcaighdeán feidhmíochta ba ghá leis chun inniúlacht san ábhar sin a thaispeáint. Ní raibh tóir ar bith ag múinteoirí ar na Caighdeáin Náisiúnta, mar gur bhreathnaigh siad orthu mar rudaí a chuir srian ar an tsolúbthacht a bhí mar chuid dhílis de na Cuspóirí Gnóthachtála.

> *Rinne Caighdeáin Náisiúnta an curaclam níos cúinge, chuir siad brú iomarcach ar leanaí, mhéadaigh siad an t-ualach oibre ar mhúinteoirí agus níor thug siad tomhas cruinn ar dhul chun cinn an linbh (Preasráiteas ó chumann múinteoirí na Nua-Shéalainne).*

Mar thoradh ar na *Cuspóirí Gnóthachtála* a ailíniú leis na Caighdeáin Náisiúnta, arbh éigean do mhúinteoirí tuairisciú orthu, cuireadh luach ar an bhfeidhmíocht a bhain le scileanna disciplíneacha roghnaithe agus eolas coincheapúil. An toradh neamhbheartaithe air sin ná gluaiseacht i dtreo eolas 'oiriúnach' a roghnú chun aimhleasa an eolais.

[14] http://assessment.tki.org.nz/Assessment-and-reporting-guide/Measuring-progress-across-the-curriculum

> *Agus an ghluaiseacht sin á tabhairt chun cinn, bhí cúinsí nós imeachta, amhail beartais an NZQA maidir le formáidí scrúdaithe agus cinntí scrúdaitheoirí maidir le ceisteanna cineálacha nó ceisteanna sonracha a bhain le hinneachar, ríthábhachtach agus sholáthair siad timpeallacht inar féidir glacadh le cur chuige róshimplí agus scoite ar an eolas disciplíneach* (B. Ormond, 2011).

Scaradh na Cuspóirí Gnóthachtála ó na comhábhair churaclaim eile nuair a tugadh isteach na Caighdeáin Mheasúnaithe, agus is léiriú é sin ar cé chomh tábhachtach is atá an caidreamh idir na comhábhair churaclaim chun cothromaíocht a bhaint amach idir forléargas ginearálta agus eolas domhain. Tugadh le fios (Counsell, 2011) gurb é an léargas is tábhachtaí atá tugtha ag múinteoirí le blianta beaga anuas, b'fhéidir, nach é forleithne an fhorléargais agus na doimhneachta atá tábhachtach, ach an t-idirghníomhú eatarthu. Is iad na caidrimh idir corpais eolais, nó coincheapa, agus an tslí a gcuirtear le heolas atá tábhachtach, seachas blúiríní eolais ar leithligh a bhailiú.

Torthaí Foghlama agus cultúr scoile

Ó tugadh isteach an curaclam nua, tá athrú tagtha ar na caidrimh idir an scoláire agus múinteoirí, ceannairí agus an pobal oideachais níos leithne, de réir mar a tháinig athrú ar oideolaíochtaí agus ar an éiteas oideachais. Cuimsítear le teagasc agus foghlaim tógáil luachanna agus tógáil na meonta a thabharfaidh daoine óga leo ón scoil go dtí a saol i ndiaidh na scoile. Maidir leis an scoláire, baineann an t-oideachas anois le hionstraimeachas a thógáil agus ar chumais agus inniúlachtaí a fhorbairt trí na *Cuspóirí Gnóthachtála*. Maidir le scoileanna, tá athrú tagtha ar an gcaidreamh le tuismitheoirí agus leis an bpobal níos leithne mar fhreagra ar na hathruithe ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú. Mar thoradh air sin, tá gá níos mó le tacaíocht chórasach, d'fhonn muinín na múinteoirí a chothú go mbeidh sé de chumas acu na Cuspóirí Gnóthachtála a léirmhíniú agus a úsáid ar bhealach comhtháite a fhreastalóidh ar riachtanais an scoláire aonair agus an phobail oideachais níos leithne. Is iad na scoileanna agus iad sin amháin atá freagrach as cén chaoi - nó cibé - a n-úsáidfear na *Cuspóirí Gnóthachtála* chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an scoláire aonair. Cuirtear leibhéal ard iontaoibhe iontu chun an curaclam is fearr a oireann do riachtanais an scoláire a fhorbairt. Ó tugadh isteach an curaclam nua, is léir go ndeachaigh ceannairí scoile i dtaithí go réasúnta maith ar na hathruithe, agus tá leibhéal ard muiníne ann go bhfuil scoileanna ag dul in oiriúint go maith dá ról nua. Níl sé de mhuinín ag cion suntasach de mhúinteoirí, áfach, glacadh go hiomlán leis an athrú ar fud an chórais a tháinig isteach le curaclam 2007. I Suirbhé Náisiúnta 2017, luaigh níos lú ná 25% de mhúinteoirí go ndearna siad go maith ó thaobh comhoibriú leis an bpobal nó a chinntiú go raibh an scoláire rannpháirteach leis an bhfoghlaim Ardoird agus go ndearna sé a fhoghlaim féin a bhainistiú

(Wylie et al., 2018). Breathnaíonn múinteoirí agus ceannairí scoile ar an am mar phríomh-acmhainn i gcónaí ó thaobh na Cuspóirí Gnóthachtála a chuimsiú go rathúil leis an gcleachtas.

Cás Staidéir 5. Hong Cong

An comhthéacs sochpholaitiúil

Cuireadh tús le hathchóiriú ollmhór ar chóras oideachais Hong Cong ag deireadh na 1990idí, go háirithe i ndiaidh 1997 nuair a bhunaigh Mórthír na Síne Sainréigiún Riaracháin Hong Cong (HKSAR) faoi Thír Amháin, Dhá Chóras. Bhí an geilleagar i ndiaidh athrú ón déantúsaíocht go dtí seirbhís agus bhí gá le creat oideachais nua, le go bhforbródh an scoláire leibhéil eolais níos doimhne agus an cumas oibriú i dtimpeallacht chasta, ilchultúrtha. Tá creat an churaclaim reatha (ón oideachas réamh-bhunscoile go dtí oideachas meánscoile íochtaraí) i bhfeidhm ó 2002, nuair a eisíodh dhá thuarascáil mhóra — *Foghlaim ón Saol* (2000) agus *Foghlaim le foghlaim* (2001) — a dhírigh ar an ngá le córas oideachais Hong Cong a aistriú ó cheann a bhí bunaithe ar fhoghlaim de ghlanmheabhair go dtí ceann ar aidhm leis scileanna don 21ú hAois a fhorbairt, an bun eolais a leathnú amach, agus luachanna agus meonta dearfacha a chur chun cinn. Cuireadh oideachas réamh-bhunscoile agus meánscoile uachtaraí leis an gcreat in 2006 agus 2009. Ó cuireadh athchóiriú curaclaim i bhfeidhm in 2002, tá torthaí as cuimse bainte amach ag scoláirí i Hong Cong i roinnt staidéar idirnáisiúnta. Tá tuarascálacha ann freisin ina léirítear feabhsúcháin shuntasacha ar chóras oideachais Hong Cong (Mourshed et al., 2010a) (OECD, 2016)

Tá an t-athchóiriú curaclaim mar chuid de thionscnaimh um Athchóiriú ar an gCóras Oideachais a mhol an Coimisiún Oideachais in 2000 (EC, 2000). Ceann de na saincheisteanna ollmhóra sna hathchóirithe a bhain le measúnú ná laghdú a chur ar na scrúduithe poiblí agus ar an tástáil iomarcach nach raibh gá léi agus a tharla sna hearnálacha meánscoile agus bunscoile araon. Gné den phlean oibriúcháin deich mbliana don athchóiriú a bhí sa cháipéis ar athchóiriú curaclaim dar teideal Learning to Learn*:* The Way Forward in Curriculum[15]. Chuir sé béim ar chomhdheiseanna foghlama/curaclaim do chách a sholáthar. Tugadh saoirse do scoileanna a misean oideachais laistigh den chreat beartais a chinneadh, rud a thug solúbthacht ó thaobh measúnú a dhéanamh ar riachtanais an scoláire, ó thaobh cúrsaí buiséid, fócas an churaclaim agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Le tuilleadh féinrialach do scoileanna tháinig cuntasacht as feidhmíocht an scoláire. Ag tógáil ar na heispéiris sin, in 2009, de bharr an Struchtúir Acadúil Nua, lenar tugadh trí bliana d'oideachas meánscoile uachtaraí do gach scoláire, agus Dioplóma nua Hong Cong san Oideachas Meánscoile (HKDSE), cuireadh athruithe leanúnacha ar an gcuraclam agus ar an measúnú sa bhreis ar an oideachas bunscoile agus meánscoile

[15] https://www.edb.gov.hk/en/curriculum-development/cs-curriculum-doc-report/wf-in-cur/index.html

íochtaraí saor in aisce 6+3. Cuireadh deireadh le scrúdú roghnaitheach amháin ag Meánscoil 5 agus leis an séú rang dhá bhliain. Tá sin beartaithe chun an scoláire a ullmhú níos fearr don chlár ollscoile ceithre bliana a thagann in áit an chláir trí bliana agus do bhealaí éagsúla staidéir agus oibre eile. Rinneadh croí-ábhar de Léann na Saorealaíon chun dul isteach san ollscoil. Tugann sé deis don scoláire a chlár staidéir féin a dhearadh ach cúrsaí reatha a úsáid, agus ábhair nach mbaineann le téacsleabhair agus déantar measúnú air dá réir. Tá a gcórais iontrála athraithe ag ollscoileanna chun ailíniú leis na hathruithe ar an gcuraclam.

Ar an timthriall iomlán athraithe ó 2002 go 2012 a thabhairt i gcrích san oideachas scoile, tá an t-athchóiriú curaclaim i Hong Cong ag gluaiseacht i dtreo athnuachana leanúnaí ar an gcuraclam anois, lena chinntiú go bhféadfaidh teagasc agus foghlaim fanacht ábhartha le hathruithe áitiúla, réigiúnacha agus domhanda, agus na Torthaí Foghlama a bheith ag teacht i gcónaí leis na torthaí níos leithne i leith an oideachais. Aithníonn scoileanna príomhphointí forbartha curaclaim mar fhreagra ar riachtanais sa todhchaí, de réir na gcomhthéacsanna scoile. Díríonn siad orthu sin i bpleanáil agus cur i bhfeidhm churaclam a scoile. Cuirtear an cineál sin athnuachana ar an gcuraclam in iúl mar chontanam, seachas mar mhír bhreise. (CDC,2013,2015,2017)

Struchtúr agus cuspóir na dTorthaí Foghlama



Fíor 19 - Struchtúr Churaclam Hong Cong

In Hong Cong, sainmhínítear Torthaí Foghlama mar

> *...an méid a bhfuiltear ag súil go bhfaighidh an scoláire máistreacht air faoi dheireadh chéim foghlama ar leith. Déantar iad a fhorbairt bunaithe ar spriocanna agus cuspóirí foghlama an churaclaim chun críocha éifeachtacht na foghlama a mheas. Déanann Torthaí Foghlama cur síos ar na leibhéil feidhmíochta gur chóir don scoláire a bhaint amach i ndiaidh dó príomhchéim foghlama áirithe a thabhairt chun críche (The Curriculum Development Council, 2017).*

Tógann an curaclam ar ocht bPríomhréimse Foghlama (KLA): Sínis; Béarla; Matamaitic; Eolaíocht; Teicneolaíocht; Oideachas Pearsanta, Sóisialta agus sna Daonnachtaí; Oideachas Ealaíon; Corpoideachas. Tugadh isteach ábhair Foghlama Feidhmí ina measctar foghlaim theoiriciúil le foghlaim phraiticiúil i sé réimse gairmeacha. Ina theannta sin, tá gach scoláire i dteideal tabhairt faoi Eispéiris Foghlama Eile (ina measc seirbhísí pobail, oideachas morálta agus sibhialta, eispéiris a bhaineann le

gairmréim, agus eispéiris ealaíon agus foghlama coirp) ina gcuimsítear forbairt ar an duine uile. Is ábhar idirdhisciplíneach é an réimse breise thuasluaite, Léann na Saorealaíon, a tugadh isteach ar leibhéal na meánscoile uachtaraí, a bhfuil sé mar aidhm leis scileanna smaointeoireachta criticiúla agus ardoird don 21ú hAois a chur chun cinn.

Tá treoir churaclaim uileghabhálach KLA ag gach KLA ina leagtar amach an méid a bhfuiltear ag súil leis ón scoláire ag gach céim. Mar sin féin, aithnítear go bhféadfadh nach bhfuil an méid a bhfuil súil leis cuí maidir le gach scoláire. Iarrtar ar mhúinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid agus curaclam leathan agus cothrom a phleanáil agus a sheachadadh, curaclam a bheidh oiriúnach do gach scoláire, agus an curaclam a shocrú ar bhealaí éagsúla lena chinntiú go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm. Tugtar breac-chuntas sa treoir churaclaim ar na coincheapa móra agus ar na prionsabail thábhachtacha atá le fáil; tugtar creat leathan faoinar féidir foghlaim agus gníomhaíochtaí teagaisc a fhorbairt. Tugann gach KLA comhthéacs chun scileanna cineálacha (m.sh. cumarsáid, scileanna comhoibrithe agus cruthaitheacht) agus scileanna a bhaineann go sonrach le hábhair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, chomh maith le luachanna agus meonta dearfacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí bhíthin úsáid chuí a bhaint as gníomhaíochtaí agus straitéisí foghlama agus teagaisc. D'fhéadfadh claonadh acadúil, sóisialta nó praiticiúil, nó meascán den trí rud sin, a bheith sa léann a thairgtear i ngach KLA, ag brath ar an gcuspóir/na cuspóirí atá leis. Is féidir é a eagrú in ábhair, modúil, aonaid, tascanna nó modhanna foghlama eile. Tá na trí chuid den churaclam comhtháite.



Fíor 20 - Trí Chomhpháirt Idirnasctha den Chreat Curaclaim

De réir na Treorach Curaclaim don Oideachas Meánscoile

> *Cuireann creat curaclaim struchtúr ar fáil a chabhraíonn le scoileanna pleanáil sholúbtha a dhéanamh agus a gcuraclaim féin a fhorbairt bunaithe ar an gcuraclam*

> *lárnach chun freastal ar riachtanais éagsúla an scoláire. Is iad eolas agus coincheapa, scileanna cineálacha, agus luachanna agus meonta a bhaineann le gach KLA na príomh-chomhpháirteanna i gcreat curaclaim. Leagtar amach sa chreat an méid gur chóir don scoláire a fhoghlaim agus a fhorbairt ag príomhchéimeanna éagsúla (The Curriculum Development Council, 2017).*

Is éard atá i scileanna cineálacha na scileanna bunúsacha a chabhraíonn leis an scoláire eolas a fháil, a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla. Déantar iad a fhorbairt trí bhíthin KLAnna/ábhair éagsúla a fhoghlaim agus a theagasc agus is féidir iad a aistriú ó chás amháin go cás eile.

Basic Skills	**Thinking Skills**	**Personal and Social Skills**
Communication Skills	Critical Thinking Skills	Self-management Skills
Mathematical Skills*	Creativity	Self-learning Skills*
Information Technology Skills	Problem Solving Skills	Collaboration Skills

Fíor 21- Scileanna cineálacha a chur i ngrúpaí

Is iad na luachanna agus na meonta sainaitheanta:

Buanseasmhacht, Meas ar Dhaoine Eile, Freagracht, Féiniúlacht Náisiúnta, Tiomantas, Ionracas, Cúram do Dhaoine Eile.

Deartar an curaclam chun leanúnachas agus dul chun cinn an oideachais a chinntiú ar feadh leibhéil na bunscoile agus na meánscoile. Déantar cur síos sa treoir churaclaim ar an idirnascacht idir na Spriocanna Foghlama, na Béimeanna Curaclaim agus na hAonaid. Mar shampla, féach Fíor 22, an Creat Curaclaim don Eolaíocht.



Fíor 22 - An Creat Curaclaim don Eolaíocht

Léiríonn na spriocanna foghlama, faoi na ceannteidil *Eolas agus Tuiscint, Scileanna agus Próisis* agus *Luachanna agus Dearcthaí,* an tslí ar chóir don scoláire dul chun cinn a dhéanamh ina eolas, scileanna, luachanna agus dearcthaí foriomlána san oideachas eolaíochta, agus é ag gluaiseacht ar aghaidh ina chuid oideachais. Seans go mbeidh an t-amharcléiriú ar Thorthaí Foghlama ar an tslí sin níos cabhraí do mhúinteoirí chun an bealach a dhéanann siad comhtháthú lena chéile a fheiceáil. Go ginearálta, cuirtear curaclaim i láthair mar cháipéisí líneacha, ach de réir beartais, bíonn Torthaí Foghlama casta agus neamhlíneach.

Tugtar liosta de na Torthaí Foghlama sna haonaid agus moltar gníomhaíochtaí foghlama gaolmhara. Tá síneadh ag roinnt aonad. Tá solúbthacht ann do mhúinteoirí topaicí a roghnú as Síneadh a bheidh oiriúnach do riachtanais agus do chumais an scoláire. Úsáidtear iad chun dúshláin a thabhairt don scoláire níos cumasaí nó don scoláire a bhfuil an-spéis aige san eolaíocht chun a acmhainneacht a fhorbairt tuilleadh.

Students should learn	Students should be able to	Suggested learning and teaching activities
4.1 Cells - the basic units of living things • Basic structure of a cell	• Recognise cells as the basic unit of living things • Distinguish between plant cells and animal cells • Use a microscope to examine prepared slides of plant and animal tissues • Identify the basic structures of cells, including cell wall (in plant cells), cell membrane, cytoplasm, nucleus, vacuole, chloroplasts (in plant cells) • State the functions of the basic structures	• Examine photomicrographs or prepared slides of various types of plant and animal cells • Prepare slides of plant and animal tissues (e.g. onion and ox eye cells), examine these slides under a microscope and draw diagrams of the observed cells

Fíor 23 - Torthaí Foghlama

Tá struchtúr comhchosúil ann don Churaclam meánscoile sinsearaí agus do na Treoracha Measúnaithe.

Torthaí Foghlama a Bhainistiú

Is tábhachtach a thabhairt ar aird go bhfuil traidisiún láidir curaclaim ag Hong Cong ina dtosaíonn teagasc agus foghlaim leis an méid is fiú a fhoghlaim. Baineann an sainmhíniú ar an gcoincheap Torthaí Foghlama níos mó leis an méid is féidir leis an scoláire a dhéanamh (mar thoradh ar foghlaim agus teagasc bunaithe ar intinní an churaclaim). Chun curaclam atá comhleanúnach go soiléir a bhaint amach, rinneadh iarrachtaí feabhas a chur ar leanúnachas ingearach an churaclaim scoile idir an leibhéal meánscoile sóisearaí (JS) agus an leibhéal meánscoile sinsearaí (SS) agus ar an gcomhleanúnachas cliathánach i measc na bPríomhréimsí Foghlama (KLA) éagsúla. Rinneadh sin trí bhíthin úsáid a bhaint as straitéisí amhail foghlaim tionscadail tras-churaclaim agus comhoibriú i measc ábhar. Chun é sin a bhainistiú, tá solúbthacht ag múinteoirí ó thaobh am curaclaim a úsáid chun eispéiris foghlama an scoláire a leathnú níos faide ná an seomra ranga, trí bhíthin gníomhaíochtaí foghlama *a chuimsíonn an saol uile*, lena n-áirítear eispéiris tras-churaclaim a bhaineann leis an ngairmréim. Cuirtear treoracha fairsinge, mionsonraithe ar fáil do mhúinteoirí chun cabhrú leo pleanáil agus teagasc a dhéanamh de réir chuspóirí curaclaim, agus na Torthaí Foghlama a bhainistiú sa chaoi is go gcuireann siad an comhleanúnachas ingearach agus cliathánach san áireamh, .i. pleanáil a dhéanamh do chomhleanúnachas ingearach an churaclaim scoile idir na ceithre leibhéal agus comhleanúnachas cliathánach idir na Príomhréimsí Foghlama (KLA) éagsúla. Mar chuid de na réimsí forbartha scoile, iarrtar ar cheannairí scoile cuimhneamh ar an tslí a bhféadfaidh a gcuid pleanála tacú leis an leanúnachas ingearach agus leis an gcomhleanúnachas cliathánach sa churaclam scoile.

Ó cuireadh athchóiriú curaclaim i bhfeidhm, tá an próiseas Pleanála, Cur i bhFeidhm agus Meastóireachta lánpháirtithe ag formhór na scoileanna ina bpleanáil forbartha scoile (Fíor 24). Is

timthriall pleanála atriallach, cúig-chéim é seo atá comhdhéanta de: Anailís ar Chomhthéacs; Pleanáil Churaclaim agus Feidhm a Bhaint as Acmhainní; Cur i bhFeidhm an Churaclaim; Monatóireacht Leanúnach; Athbhreithniú agus Meastóireacht.



Fíor 24 - Timthriall Cúig-chéim i gcomhair Pleanáil Churaclaim don Scoil Uile (Foinse: Leabhrán CSS)

Torthaí foghlama i gcleachtas

D'fhonn ailíniú leis na Torthaí Foghlama atá beartaithe san athchóiriú "Foghlaim le foghlaim", inar cuireadh béim ar shealbhú scileanna cineálacha ag an scoláire i gcomhthéacs eolas ar an ábhar seachas scileanna cineálacha a mhúineadh i bhfolús, b'éigean athrú suntasach ar oideolaíocht a chur ar mhúinteoirí agus ar an gcóras. Mar thoradh ar an athrú seo ar an gcleachtas, tháinig saincheisteanna maidir le cur i bhfeidhm chun cinn i scoileanna, agus is ábhar imní é cumas na scoileanna, na múinteoirí agus an scoláire a gcleachtas oideolaíochta a athrú agus na curaclaim a chur i bhfeidhm sa tslí a bhí beartaithe ag na forbróirí. Dúshlán mór eile do mhúinteoirí is ea gan na Torthaí Foghlama a úsáid le haghaidh measúnú a dhearadh nó an scoláire a chur ag foghlaim ruda de ghlanmheabhair (druileáil) roimh é a thuiscint, agus sin amháin; ina áit sin, tá siad beartaithe aidhmeanna an churaclaim maidir le heolas ar inneachar, agus scileanna agus luachanna cineálacha a chomhtháthú le gnáthchleachtas

oideolaíochta agus measúnaithe sa seomra ranga, ar bhealaí a chuireann ar chumas an scoláire an rud a d'fhoghlaim sé a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna nua, nach bhfuil taithí aige orthu.

Athrú mór eile ar an gcleachtas is ea an tslí a n-úsáidtear measúnú. Baineadh úsáid as measúnú tráth i gcomhair chuntasacht agus roghnú, agus sin amháin; anois tá sé le húsáid sa phróiseas teagaisc agus foghlama sa seomra ranga. Luaitear sna cáipéisí curaclaim gur chóir próisis na foghlama (m.sh. fiosrú, foghlaim neamhspleách, úsáid scileanna cineálacha, machnamh) agus torthaí na foghlama (m.sh. eolas/coincheapa, cumas réiteach fadhbanna) a mheas leis na modhanna measúnaithe is oiriúnaí dóibh (m.sh. béaltrialacha i gcomhair na cumarsáide ó bhéal, díospóireacht i gcomhair an chomhoibrithe, cur i láthair/taibhiú i gcomhair na cruthaitheachta, tástálacha agus scrúduithe i gcomhair eolais)'(Hong Kong Curriculum Development Council, 2017). I gcomparáid leis an gcleachtas measúnaithe a bhí ann roimh 2001, is athrú drámatúil é an t-athchóiriú ar mheasúnú ó thaobh spriocanna, inneachar, modh agus an cineál aiseolais don scoláire.

Ina theannta sin, tugadh isteach Measúnú Bun-Inniúlachtaí (BCA) nach bhfuil tábhacht rómhór leis ar leibhéal na Bunscoile, 4, 6, agus na Meánscoile 3 in 2004, 2005, agus 2006 faoi seach. Cuirtear comhpháirt ar a dtugtar Measúnú ar feadh na Críche (TSA) i bhfeidhm i leith gach scoláire sa chás go bhfuil croí-inniúlachtaí sa Bhéarla, sa tSínis agus sa Mhatamaitic á meas. Foilsítear Tuarascálacha bliantúla ar feadh na Críche mar chuid de chuntasacht an rialtais agus mar thagairt do scoileanna. Gheobhadh scoileanna tuairisc scoile ar mhaithe le teagasc agus foghlaim a fheabhsú. Is éard atá sa chomhpháirt Measúnú Scoláire ná measúnú ar líne chun foghlaim agus teagasc laethúil an mhúinteora a éascú. D'éirigh leis sonraí cáilíochta a sholáthar don mheasúnú i gcomhair foghlama, ach níor éirigh chomh maith sin leis maidir le hathrú a chur ar an tábhacht a bhraitear atá le 'measúnú' agus maidir leis an mbrú leanúnach ó roinnt tuismitheoirí nó scoileanna leanúint ar aghaidh leis an druileáil.

An caidreamh le comhpháirteanna curaclaim eile

Fíor 25 - An caidreamh idir comhpháirteanna Churaclam Hong Cong 2002 i gcomhair P1-6, S1-3

Tá na comhpháirteanna curaclaim comhdhéanta de thacar comhpháirteanna idircheangailte lena n-áirítear eispéiris foghlama riachtanacha, scileanna cineálacha, luachanna agus dearcthaí agus príomhréimsí foghlama. Leagtar amach sa chreat an méid ar chóir don scoláire a bheith ar eolas aige, meas a thabhairt air agus a bheith ábalta é a dhéanamh ag na céimeanna éagsúla den scolaíocht. Beartaítear na Torthaí Foghlama chun an fhorbairt ar inniúlacht agus scileanna, luachanna agus dearcthaí, eolas agus tuiscint a nascadh le chéile i bpróiseas foghlama iomlánaíoch. Deartar an caidreamh idir na comhpháirteanna chun cabhrú le múinteoirí solúbthacht a bheith acu sa tslí a bpléann siad le raon feidhme agus doimhneacht an inneachair chun freastal ar riachtanais éagsúla na scoláirí, agus ag an am céanna aird a tharraingt ar 'chroí-ghnéithe' nó inneachar riachtanach sa KLA.

Ó cuireadh athchóirithe ar an gcuraclam, tá an caidreamh idir na Torthaí Foghlama agus measúnú níos casta agus níl sé chomh líneach agus a bhíodh. Féachtar ar mheasúnú anois mar uirlis teagaisc agus foghlama a bhfuil aiseolas mar chuid lárnach de.



Fíor 26 - An Timthriall Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe

Ní féidir go leor de na Torthaí Foghlama a mheasúnú i gcomhthéacs scrúdú scríofa, go háirithe sa chás go bhfuil obair phraiticiúil i gceist, nó go dteastaíonn trealamh agus saoráidí speisialta (m.sh. saotharlanna, stiúideonna, amharclanna agus ceardlanna), nó sa chás go dteastaíonn tréimhsí fada ama (m.sh. chun tionscadal taighde a chur i gcrích, chun punann saothair a chruthú nó chun rud éigin a chumadh/a dhearadh/a dhéanamh). Mar sin féin, is féidir go leor de na measúnuithe sin a dhéanamh go héasca trí bhíthin Measúnú Scoilbhunaithe (SBA). An príomhbhunús don SBA ná cur le bailíocht an mheasúnaithe phoiblí agus é a leathnú amach chun Torthaí Foghlama éagsúla a chur san áireamh nach féidir measúnú a dhéanamh orthu go héasca trí bhíthin scrúduithe poiblí. Cuirtear marcanna a bhronntar san áireamh i dtorthaí an scoláire sa scrúdú HKDSE. Cé go bhfáiltíonn scoileanna roimh an measúnú scoilbhunaithe de ghnáth, tá raon ábhar imní ag go leor múinteoirí agus príomhoidí maidir leis an tionchar a bheidh aige, ina measc imní faoi mhí-úsáid agus caimiléireacht, ualach oibre breise do mhúinteoirí agus easpa ullmhachta chun measúnú scoilbhunaithe a chur i bhfeidhm. Cuireadh i mbaol é mar sin, sa mhéid is nár glacadh leis an SBA ach i gcás 12 ábhar as an 24 ábhar ar féidir an HKDSE a ghnóthú astu.



Fíor 27 - an caidreamh idir comhpháirteanna an churaclaim

Léiríonn creatchláir um dhul chun cinn san fhoghlaim fás foghlaimeoirí ar chontanam forbartha agus iad ag obair i dtreo Thorthaí Foghlama agus Chuspóirí an churaclaim. Tá siad comhdhéanta de Thorthaí Foghlama a eagraítear faoi scileanna agus a roinntear ina n-ocht leibhéal gnóthachtála. Deartar na creatchláir um dhul chun cinn, de ghnáth, chun cabhrú le múinteoirí feidhmíocht foghlaimeoirí a thuiscint agus a chur in iúl agus chun an tslí le feabhas a chur ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar mheasúnú a phleanáil go straitéiseach.

Ceann de ghnéithe an athchóirithe ab ea freagracht as bainistíocht ó lá go lá agus as eagrú na struchtúr curaclaim a chur ar scoileanna. An rud a bhí i gceist lena chinntiú go bhfuil comhpháirteanna uile an churaclaim ag teacht le chéile go comhleanúnach, ní hamháin gurbh éigean athchóirithe a dhéanamh ar an oideolaíocht, ach go ndearnadh athchóirithe oibriúcháin freisin, mar shampla, tá fócas nua ar an teicneolaíocht sa seomra ranga le blianta beaga anuas agus an toradh air sin ná go ndearnadh ollchóiriú ar bhonneagair teicneolaíochta scoileanna, gur cuireadh oiliúint i dteicneolaíocht na faisnéise ar mhúinteoirí agus gur forbraíodh tionscnamh ríomhfhoghlama. Chomh maith le bainistíocht scoilbhunaithe, tá tionscnaimh nua ann maidir le monatóireacht agus dearbhú cáilíochta. In 2003, tugadh isteach Féinmheastóireacht Scoile (SSE) nua agus Athbhreithniú Seachtrach ar Scoileanna (ESR) mar bhealach chun cuntasacht nua a dhéanamh ar bhainistíocht scoilbhunaithe agus athchóiriú curaclaim.

Tháinig fianaise chun solais ag céimeanna tosaigh an athchóirithe go raibh tionchar diúltach ag an rud ar a dtugtar 'siondróm scroige'. Bhí an siondróm sin in ann dochar a dhéanamh d'fholláine agus do choinníollacha oibre múinteoirí agus tuairiscíodh go raibh siad ag éirí spíonta agus faoi bhrú ag obair neamhriachtanach. An toradh a bhí air sin ná gur tháinig meath ar stádas ghairm na múinteoireachta,

gur tháinig laghdú ar an líon múinteoirí inniúla sa chóras agus go ndeachaigh cáilíocht an teagaisc agus na foghlama in olcas (Y. C. Cheng, 2007)



Fíor 28 - Siondróm an athchóirithe in Hong Cong: éifeacht na scroige(Y. C. Cheng, 2008)

Cruthaíonn na tionscnaimh féin bac nó tranglam ag an 'scroig' agus cuireann siad isteach ar chur i bhfeidhm athchóirithe nua eile (Fíor 28). Dá mhéad athchóirithe a gcuirtear tús leo, is ea is mó an tranglam ag an 'scroig' agus is ea is mó an brú ar mhúinteoirí agus ar scoileanna.

Sula ndearnadh an t-athchóiriú, bhí ualach oibre an-ard ar mhúinteoirí in Hong Cong; is iondúil go múineann siad níos mó ná 30 ceacht (40 nóiméad an ceann de ghnáth) gach seachtain. Idir 35-40 an líon scoláirí i ngach rang. Socraíodh na méideanna móra sin sna ranganna tráth a raibh an soláthar teagascach agus faoi cheannas múinteoirí. Níl siad inbhuanaithe i dtimpeallacht teagaisc ina mbítear ag súil go ndéanfaidh múinteoirí cúram de na difríochtaí idir scoláirí agus dá riachtanais fhoghlama. Níor cuireadh na méideanna móra sin sna ranganna san áireamh sna hathchóirithe ar an oideachas ná an tionchar a bheadh acu ar na hathruithe ar theagasc agus ar fhoghlaim san aistriú ó chur chuige a dhírigh ar an múinteoir go dtí cur chuige a dhírigh ar an scoláire. B'ionann an t-ualach oibre ard a bhí ann cheana féin agus na méideanna móra sna ranganna agus an chuid struchtúrach den 'scroig' (fíor

28), agus bhí tionchar aige sin ar chumas múinteoirí a gcleachtas a oiriúnú agus na Torthaí Foghlama a úsáid mar a beartaíodh.

Áirítear ar na tionscnaimh éagsúla ar tugadh fúthu ó shin chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, feabhsúcháin ar straitéisí tacaíochta do mhúinteoirí, bunaithe ar aiseolas leanúnach ó scoileanna, amhail tacaíocht scoilbhunaithe ar an láthair, tionscadail chomhpháirtíochta idir ollscoileanna agus scoileanna, cúrsaí inseirbhíse, maoiniú breise chun spás a thabhairt do mhúinteoirí, múinteoirí breise do scoileanna ina bhfuil daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu agus a dhéanann gnóthachtáil íseal, agus tacaíocht iarscoile. Cuireadh athruithe de réir a chéile ar chleachtais maidir le hoiriúnú curaclaim scoil-bhunaithe, teagasc agus foghlaim, measúnú agus cur leis an gcontanam foghlama ón seomra ranga go dtí taobh amuigh den seomra ranga, ag teacht le treo an athchóirithe.

Torthaí Foghlama agus cultúr scoile

Tá fianaise ann go ndealraítear go mbíonn tionchar ag an gcultúr láidir feidhmíochta, ag an gcóras iomaíoch oideachais agus ag an gcultúr a dhíríonn ar scrúduithe ar chleachtais oideolaíochta riarthóirí agus múinteoirí scoile (Zhan et al., 2016). Fuarthas amach trí bhíthin staidéar eile gurb é an scrúdú poiblí an fachtóir is suntasaí agus ábhair roghnacha á roghnú i gcuraclaim eolaíochta sinsearaí, d'ainneoin an Mheasúnaithe Scoilbhunaithe atá mar chuid de ghrád deiridh an scoláire. Go deimhin, seans go mbeadh sé deacair bunús an rialtais a bhaint amach maidir le heispéiris foghlama an scoláire a leathnú agus freastal ar dhifríochtaí aonair trí bhíthin modúil roghnacha a thairiscint laistigh d'ábhair eolaíochta (Yeung, Lee, & Lam, 2012). Mar sin féin, tá an HKDSE agus an riachtanas nua maidir le dul isteach san ollscoil beartaithe laghdú a chur ar scoláirí a roinnt ina sruthanna trí bhíthin iad a spreagadh le hábhair roghnacha ó KLA éagsúla a roghnú. I suirbhéanna iar-HKDSE i ndiaidh a chéile ar scoláirí, thug formhór na scoláirí le tuiscint go raibh siad in ann staidéar a dhéanamh ar na hábhair roghnacha a roghnaigh siad.

Ní mór measúnú nuálach a dhéanamh chun nuálaíocht churaclaim a chothú. Cé go bhfuil measúnú scoilbhunaithe, ina leagtar béim ar fhoghlaim trí phróiseas seachas ar dhruileáil i gcomhair scrúduithe, tugtha isteach, beidh amhras faoin mbunús leis sa chás nach bhfuil an t-eolas riachtanach ag múinteoirí ar an measúnú chun é a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tá fianaise ann go bhfuil múinteoirí ag modhnú gráid SBA de réir fheidhmíocht an scoláire sa scrúdú poiblí (Chan & Bray, 2014).

Bhí dhá chuid sna hathchóirithe oideachais in Hong Cong. Dhírigh ceann amháin ar athchóiriú a dhéanamh ar ghnéithe riaracháin, bainistíochta agus rialtais scoileanna agus dhírigh an ceann eile ar an gcuraclam, teagasc, foghlaim agus measúnú. Tá an t-athchóiriú ar riarachán scoileanna beartaithe an t-athchóiriú ar an gcuraclam a éascú trí níos mó féinrialach gairmiúla a thabhairt do scoileanna le

freastal ar riachtanais a gcuid scoláirí agus le bheith in oiriúint do chomhthéacs na scoile. Tugtar le fios ón taighde go bhfuil feabhas tagtha ar an gcultúr comhoibrithe agus ar cheannaireacht churaclaim ar leibhéal na meánbhainistíochta (CDC, 2013, 2015)

Plé

Téamaí

Tá roinnt téamaí i gcoiteann ag na cás-staidéir a roghnaíodh don athbhreithniú seo, cinn atá áisiúil a bhreithniú agus Torthaí Foghlama á bhforbairt agus á gcur i ngníomh in Éirinn. Go hachomair, is iad sin:

- Is léir i ngach cás an tábhacht a bhaineann le múinteoirí agus le cleachtóirí eile mar na gníomhaithe in athchóiriú ar bith ar churaclam. Tá ionstraimeachas gairmiúil múinteoirí riachtanach má tá rath le bheith ar an athchóiriú curaclaim, má tá sé le dul níos faide ná bheith ina shonraíocht do churaclam nua a bheartaítear agus a bheith curtha i ngníomh mar churaclam i scoileanna.
- Léirítear sna cás-staidéir go léir go bhfuil gá le foghlaim agus tacaíocht ghairmiúil ardchaighdeáin do chleachtóirí. Áirítear air sin deiseanna ar oideachas substainteach gairmiúil do mhúinteoirí, agus spásanna le haghaidh comhrá comhghleacúil a mbeadh mar aidhm leis feabhas a chur ar eolas gairmiúil múinteoirí agus cur ar a gcumas teacht ar an mbrí a bhfuil gá léi lena thuiscint cén chaoi a bhfuil athchóirithe cosúil le beartas agus le cleachtas reatha agus cén chaoi a bhfuil siad éagsúil uathu.
- Léirítear i roinnt cás-staidéar an luach atá le hathruithe ar an soláthar, mar shampla, codanna d'amchlár na scoile a athrú chun níos mó deiseanna a chur ar fáil don fhoghlaim atá comhtháite/idirdhisciplíneach agus/nó barántúil (m.sh. a léiríonn ábhair imní an phobail nó riachtanais an ghairmoideachais).
- Léirítear go láidir sna cás-staidéir an tábhacht a bhaineann le teachtaireachtaí beartais soiléire agus comhleanúnacha – ailíniú idir comhpháirteanna éagsúla den churaclam agus le beartais oideachais eile. Mar shampla, d'fhéadfadh go dtarlódh cúltionchar agus/nó teacht chun cinn dreasachtaí contráilte mar thoradh ar theannas idir cleachtais churaclaim agus chuntasachta. D'fhéadfaí cleachtais a bheadh in aghaidh aidhmeanna na n-athchóirithe curaclaim (m.sh. druileáil, múineadh chun críche na tástála) a choinneáil i bhfeidhm dá bharr. Is féidir le cuntasacht agus measúnú tábhachtach athchóiriú curaclaim a chur ó mhaith go suntasach.
- Tugtar le fios i roinnt de na cásanna go bhféadfadh mainneachtain ó thaobh dul i ngleic go dearfach le múinteoirí (mar shampla, trí chomhghleacaíocht d'aon ghnó nó curaclam a chomhthógáil ar bhealach bréige seachas dílis) drogall nó díomá a chothú i leith an athchóirithe. Ar an tslí chéanna, d'fhéadfadh an toradh céanna a bheith ag athchóirithe a chuireann méadú mór ar ualach oibre na múinteoirí.

Agus tátail á mbaint as na cásanna sin, is gá foláireamh a thabhairt ar aird. I ngach ceann de na cás-staidéir, is gá cothromaíocht tuairimí a thabhairt. Ar thaobh amháin, tá an bholscaireacht (pholaitiúil) a úsáidtear de ghnáth chun an beartas i gcáipéisí oifigiúla agus i dtráchtaireachtaí arna scríobh acu siúd a bhfuil baint acu leis na hathchóirithe a chur chun cinn a chosaint. Ar an taobh eile, tá an litríocht neamhspleách a bhíonn níos criticiúla go minic, mar shampla páipéir thaighde. In go leor de na cás-staidéir, ní bhíonn an dara cineál litríochta thuas luaite chomh cuimsitheach agus a d'fhéadfadh sí a bheith, agus bíonn an cathú ann, mar sin, tátail a bhaint as an gcéad chineál litríochta thuas luaite. Tá iarracht déanta ag údair an athbhreithnithe seo é sin a mhaolú, mar shampla, trí athbhreithniú piaraí neamhspleách ar dhréacht níos luaithe den tuarascáil a lorg (lena n-áirítear ceann le saineolaithe a bhaineann le tír faoi leith)

Tá athfhorbairt déanta ar chreatchláir náisiúnta curaclaim ar fud an domhain chun an fhorbairt a dhéanann an scoláire ar phríomhscileanna agus meonta don 21ú hAois a chur san áireamh (Shaheen, 2010). D'fhonn na hathruithe sin a chur i bhfeidhm, b'éigean do go leor córas náisiúnta raon tionscnamh agus athchóirithe maidir le beartas oideachais a thabhairt isteach, agus é mar aidhm leo athchumrú a dhéanamh ar an rud a sainmhíníonn Elmore mar chroí an chleachtais oideachais, agus, an tslí a dtuigeann múinteoirí nádúr an eolais agus ról an scoláire san fhoghlaim, agus an tslí a léirítear na smaointe sin faoin eolas agus faoin bhfoghlaim sa teagasc agus san obair ranga(Elmore, 1996 leathanach 2).

Tátail

Cé go bhfuil tacaíocht fhorleathan ó lucht an bheartais trasnáisiúnta do ghluaiseacht ó shonrú forordaitheach inneachair i dtreo cur chuige níos cineálaí, scil-bhunaithe, arna chur in iúl mar Thorthaí Foghlama, tá rioscaí mar chuid den chur chuige sin freisin, agus tá an cur chuige cáinte ag roinnt daoine, go háirithe i ndáil le heolas (Young & Muller, 2010; Priestley & Sinnema, 2014). Tá an cáineadh sin bailí go pointe; de réir mar a ghluais córais ó churaclaim faoi threoir inneachair go dtí creatchláir dírithe ar an scoláire, níl scoileanna, cheal sonraíocht mhionsonraithe faoin méid atá le múineadh acu, ag dul i ngleic leis an gceist faoi cad é an t-eolas is luachmhaire – nó chun é a chur ar bhealach eile, cad é an t-eolas is gá do dhuine óg oilte a fháil le bheith ina bhall atá éifeachtach agus rannpháirteach go criticiúil i sochaí dhaonlathach, chasta, nua-aimseartha. Go minic, is é an toradh a bhíonn ar mhainneachtain dul i ngleic le cúrsaí eolais ná curaclam scoilte agus curaclam ina bhfuil bearnaí eolais suntasacha. Is gá cur chuige córasach maidir an gcuraclam uile a mhapáil agus ceisteanna eolais a choinneáil ar intinn nuair atá Torthaí Foghlama cineálacha nó cinn atá dírithe ar scileanna á n-úsáid chun curaclam a phleanáil. Is éard a bheadh i gceist leis sin, dul níos faide ná déscaradh simplí

eolas/scileanna agus pleanáil do chothromaíocht mhaith sa churaclam maidir le eolas tairiscintiúil nó cuimsitheach (fios go bhfuil), agus eolas gnásúil (fios conas).

Ar ndóigh, tá castachtaí cultúrtha agus oideolaíochta ag baint le hathrú ar an scála sin a chur i bhfeidhm i gcórais oideachais ina bhfuil taithí ag múinteoirí ar inneachar a bheith sonraithe agus ina bhfuil gnásanna seanbhunaithe maidir le scolaíocht phríomhshrutha a chúitíonn sealbhú eolais disciplínigh agus feidhmíocht i scrúduithe seachtracha. Tá ceisteanna ann freisin faoin tslí le Torthaí Foghlama a dhíríonn ar luachanna, dearcthaí agus scileanna a mheasúnú, agus faoin gcuspóir atá ag an measúnú sin, ní hamháin ar leibhéal an duine aonair ach ar leibhéal cuntasachta scoile freisin.

Tá an t-athchóiriú domhanda ag tarlú mar fhreagra, i bpáirt, ar an domhandú, lena n-áirítear brú ó thaobh feabhas a chur ar iomaíocht eacnamaíochta agus saoránacht (Yates & Young, 2010). Mar is léir ó na cás-staidéir sa cháipéis seo, tá tacar uathúil fearann sóisialta, polaitiúil agus cultúrtha ag gach dlínse agus tá córais chuimhne éagsúla ag múinteoirí; mar sin féin, d'ainneoin na ndifríochtaí stairiúla sna dlínsí, tá taighdeoirí ar aon intinn, cé gurb iad na rialtais atá i gceannas ar churaclaim ar bhonn náisiúnta fós, is iad na múinteoirí atá i gceannas ar na comhthéacsanna ina soláthraítear na curaclaim sin sa seomra ranga (Biesta & Priestley, 2013; Oates, 2011). Tá athrú suntasach ar an méid a chreideann múinteoirí go pearsanta agus go gairmiúil i gceist leis an athrú cultúrtha sin (Young, 2014; Sinnema & Aitken, 2013; Priestley, Biesta, & Robinson, 2015; Yates & Young, 2010). In áit eolas canónta a chur ar aghaidh de réir foirmlí chun riachtanais shiollabais scrúduithe a chomhlíonadh, bítear ag súil go n-úsáidfidh múinteoirí foirmeacha tógachaíocha den oideolaíocht chun dul níos faide ná eolas ar fhíricí a shealbhú agus sin amháin; chun cur ar chumas an scoláire tuiscint níos doimhne a fhorbairt, chun naisc a chruthú idir fearainn eolais éagsúla, agus chun a bheith in ann eolas a chur i bhfeidhm. D'fhonn é sin a dhéanamh, ní hamháin go gcaithfidh múinteoirí a gcuid Eolais ar Inneachar Oideolaíoch a mhéadú, ach caithfidh siad a gcuid eolais disciplínigh a mhéadú freisin le go mbeidh an scoláire rannpháirteach i dtuiscint dhomhain agus eolas cumhachtach a fhorbairt (Biesta, 2014). Baineann cuid den phróiseas le múinteoirí ag baint brí as beartais nua, rud atá bainte amach ag córais rathúla mar atá san Fhionlainn i ndáil lena n-athchóirithe curaclaim (Pyhältö et al., 2018); cuireann próisis den sórt sin ar chumas múinteoirí brí a bhaint as coincheapa nua curaclaim, agus idirdhealú a dhéanamh idir iad sin agus cleachtais reatha; gné thábhachtach ná go gcuireann siad ar chumas múinteoirí feabhas a chur ar a dteoiricí ar eolas agus ar chleachtas, rud a thugann deis a bheith rannpháirteach le curaclaim nua ar bhealach níos leithne.

Lean Éire na treochtaí idirnáisiúnta i ndáil le Torthaí Foghlama. Chomh fada siar le 2003, sa cháipéis *Treoracha don Fhorbairt,* leag CNCM amach a spriocanna don athchóiriú curaclaim.

> *…….. a chinntiú go dtabharfaidh an t-eispéireas [athchóiriú curaclaim] bunús do gach scoláire chun leas a bhaint as deiseanna saoil, oibre agus breisoideachais sa todhchaí i sochaí an eolais. Cuireann siad le dáileadh cothrom bhuntáistí an oideachais ar gach scoláire. Cuireann siad béim ar an méid a chuireann an t-oideachas leis na comh-aidhmeanna comhtháthú sóisialta agus forbairt leanúnach eacnamaíochta (CNCM, 2003)*

Is féidir Torthaí Foghlama a scríobh ar go leor bealaí agus ní féidir glacadh leis go soláthróidh siad luach ar an tslí a mbítear ag súil leis. Agus sinn ag fiosrú na gcás-staidéar, rinneamar iarracht na dúshláin a fhiosrú freisin, chomh maith leis na deiseanna a bhíonn i gceist agus Torthaí Foghlama á sainmhíniú agus á gcur i ngníomh. Is léir an tábhacht a bhaineann le nádúr agus méid an chuir i bhfeidhm, agus leis an tslí a bhfuil comhthuiscint ag na daoine éagsúla a bhaineann leis an gcur i bhfeidhm ar an gcaidreamh idir Torthaí Foghlama agus teagasc, foghlaim agus measúnú. Ní féidir le Torthaí Foghlama go háirithe a bheith ann leo féin; ní éireoidh leo ach amháin sa chás go gcaithfear leo ar bhealach iomlánaíoch, mar chuid threorach de phictiúr i bhfad níos mó. Is minic a lorgaíonn múinteoirí liosta fianaise a léiríonn go bhfuil toradh foghlama faoi leith bainte amach. An baol leis sin ná go laghdaítear an Toradh go dtí fo-thacar de mhíreanna a gcuirtear tic sa bhosca ina leith.

Tá samplaí de Thorthaí Foghlama sna cúig chás-staidéar, iad scríofa ar bhealaí éagsúla agus chun críocha éagsúla. Tá feidhm le torthaí ar leibhéal an-ard, amhail 'Idéanna Móra', Scileanna don 21ú hAois, Coincheapa Bunúsacha agus Croí-Inniúlachtaí ar fud gach réimse foghlama agus gach leibhéal foghlama, agus déanann siad cur síos ar an eolas, ar na scileanna, ar na dearcthaí agus ar an iompraíocht a chabhróidh leis an scoláire a bheith ag maireachtáil agus obair go rathúil sa 21ú hAois. Tá Torthaí Foghlama níos sainiúla ag réimsí foghlama agus de ghnáth bíonn siad nasctha go soiléir leis na Torthaí Foghlama ardleibhéil agus mar aidhm leo comhleanúnachas agus comhthéacs a chur ar fáil – cé go bhfuil baol ann go mbeidh fíorfhadhbanna le comhleanúnachas agus dul chun cinn mar gheall go dtagann torthaí sonracha ó ráitis chineálacha.

Cé go mbaineann siad le córais oideachais atá an-éagsúil óna chéile, tá leanúnachas i gceist leis na cás-staidéir. Ar dtús, féachtar ar an gcuraclam náisiúnta mar sheift don athchóiriú. Tá raon agus scóip an méid a bhfuil meas air san oideachas leathnaithe amach go mór agus deartar Torthaí Foghlama chun an curaclam a dhéanamh inrochtana don raon scoláirí is leithne agus is féidir. Is léir sin in inneachar substainteach na dTorthaí Foghlama agus sna hoideolaíochtaí intuigthe. Aithnítear sna curaclaim nua rannpháirtíocht níos mó ag raon éagsúil foghlaimeoirí, agus dírítear curaclaim an 21ú hAois ar an todhchaí. Dealraítear, i ngach cás, gur forbraíodh curaclaim chun eolas oiriúnaitheach, tuiscint agus scileanna a thabhairt don scoláire chun iad a ullmhú don saol i ndiaidh na scoile, cé, mar atá tugtha ar aird ag criticeoirí amhail Young agus Muller (2010), gur annamh a shonraítear sna curaclaim sin cad is eolas ann (cé gur minic a leagtar béim ar a thábhachtach atá an t-eolas), agus nach sonraítear iontu

an tslí ar chóir do scoileanna dul i ngleic le cúrsaí eolais. Comhartha suntasach leanúnachais eile, go ndírítear ar chomhleanúnachas ar fud an churaclaim uile. Táthar ag gluaiseacht ó shiollabais ábhair aonair i dtreo creatchláir churaclaim ina lonnaítear Réimsí Foghlama. Tá laghdú curtha ar an inneachar i ngach gceann de na dlínsí trí bhíthin an 'tranglam' agus inneachar scoilte, dícheangailte a bhaint amach agus Torthaí Foghlama leathana, cineálacha atá nasctha go soiléir le cuspóirí an oideachais a chur ina n-áit. Bíodh sin mar atá, cé go bhfuil sé i gceist leis sin treoir a sholáthar do mhúinteoirí chun eispéiris fhoghlama a dhearadh a bheidh oiriúnach do chásanna iolracha agus éagsúla sa seomra ranga, tugaimid ar aird arís an fhadhb a bhaineann le heolas.

Tá na ráitis bheartais ó gach dlínse an-uaillmhianach agus leagtar amach iontu go léir cuspóirí oideachais thar a bheith soiléir agus réasúnaíocht shoiléir faoin tslí a fhreastalaíonn an curaclam ar na cuspóirí sin. Má bhreathnaítear níos géire ar na dúshláin maidir le cur i bhfeidhm i ngach cás, feictear nach dtagann eispéiris sa seomra ranga go huathoibríoch as bheith uaillmhianach sa churaclam. Déanann Torthaí Foghlama eolas cumhachtach a nascadh le luachanna, dearcthaí agus inniúlachtaí, ach ní mór do mhúinteoirí atá ag obair i scoileanna na naisc sin a chur i mbun oibríochta. Léiríonn ceachtanna ó chás-staidéir an tábhacht a bhaineann le próiseas soiléir agus tacaíocht ó acmhainní maithe le go dtarlóidh sin. Tá ról lárnach ann don phlé gairmiúil fairsing chun na naisc sin, chomh maith leis an tslí a gcuirtear isteach sa teagasc iad, a shainaithint agus chun brí a bhaint astu. Ní mór do na gníomhaithe go léir san athchóiriú oideachais tuiscint ar gach gné den athchóiriú a fhorbairt - gnéithe oideolaíochta, cultúrtha agus polaitiúla. Caithfidh idirphlé gairmiúil ar an athchóiriú a bheith leanúnach agus atriallach, le déantóirí beartas agus múinteoirí ag foghlaim go leanúnach ó na nithe a oibríonn agus iad sin nach n-oibríonn.

Is tábhachtach gan beag a dhéanamh den dúshlán do mhúinteoirí. Dúshlán ollmhór is ea na castachtaí cultúrtha agus oideolaíochta a bhaineann le nuálaíochtaí oideachais a chur i bhfeidhm laistigh de ghnásanna seanbhunaithe na scolaíochta príomhshrutha. Ba chóir don aistriú chuig samhlacha curaclaim ina gcuirtear béim ar sholúbthacht i ndéanamh curaclaim, lena ndéantar forbróirí neamhspleácha an churaclaim de mhúinteoirí, a chur san áireamh go raibh múinteoirí ag obair le déanaí le curaclaim a bhí forordaitheach agus múinteoir-dhíonach (rialú ionchuir), agus a raibh sásraí láidre cuntasachta (rialú aschuir) acu (Kuiper & Berkvens, 2013; Kneyber & Evers, 2015). An toradh dóchúil ar a bheith ag obair mar sin ná go rachfaí i dtaithí ar chleachtais áirithe nach mbeadh oiriúnach do churaclaim nua agus a bheadh deacair a athrú thar oíche. Tá fadhb maidir le cumas nasctha leis sin - seans go mbeidh cumas teoranta ag múinteoirí ó thaobh curaclam a dhéanamh, os rud é gur annamh a iarraidh orthu tabhairt faoi churaclam scoilbhunaithe a fhorbairt agus gan an scéimre coincheapúil chun oibriú ar bhealaí éagsúla forbartha acu. Is ionann athruithe ar chleachtais teagaisc agus athruithe suntasacha ar chreideamh pearsanta agus gairmiúil in go leor cásanna. Tugtar le tuiscint ag an méid

uile thuas go bhfuil gá le modh substainteach agus córasach chun brí a bhaint as rudaí mar réamhtheachtaí ar athchóiriú curaclaim mórscála.

An rud a tháinig chun solais sna cás-staidéir ná nach mór breithniú cúramach a dhéanamh ar an gcineál forbartha gairmiúla agus tacaíochta ar bhonn leanúnach a bheidh riachtanach do mhúinteoirí chun an t-athchóiriú a thuiscint go hiomlán agus, ar bhealaí, chun úinéireacht a ghlacadh air. Ní leor díreach aontú leis an athchóiriú – an rud ar thug Priestley agus Minty (2013) rannpháirtíocht chéad ord air – chun cleachtas a athrú; teastaíonn tuiscint dhomhain ar an gcuraclam mar eintiteas ilghnéitheach, iomlánaíoch – rannpháirtíocht dara ord – ó mhúinteoirí. Tugtar le tuiscint ag taithí ó dhlínsí na gcás-staidéar gur gá tacaíocht agus acmhainní a thabhairt do mhúinteoirí le bheith rannpháirteach i bpróisis forbartha curaclaim leanúnacha agus bríocha bunaithe ar fhorbairt choincheapúil agus ar chuir chuige nua ar an teagasc a fhoghlaim. Is gá deiseanna a thabhairt dóibh freisin comhoibriú le comhghleacaithe chun dul i mbun plé faoi breithiúnais a thabhairt ar cad is fianaise ar fhoghlaim ann. Ar an tslí sin, féadfaidh siad a gcumas a fhorbairt agus a bheith muiníneach as cinntí mionsonraí a dhéanamh faoi inneachar agus faoi na modhanna oiriúnacha do gach eispéireas foghlama ar leith, seachas bheith orthu brath ar shamplaí cineálacha a bheadh forbartha ag daoine eile chun críocha eile. An toradh neamhbheartaithe a bhíonn ar Thorthaí Foghlama a dhéanamh róchasta le samplaí sonracha de chleachtas ná nach mbíonn iontu ach ticbhoscaí le haghaidh measúnaithe nó díreach le cur i gcrích. Le Torthaí Foghlama leathana agus cineálacha ina leagtar amach cuspóirí an oideachais agus ina luaitear go soiléir cad iad na scileanna, cumais agus meonta a mbeifeá ag súil le bheith forbartha ag daoine óga faoi dheireadh gach céim den oideachas, agus a mbíonn tacar teoranta torthaí cineálacha comhlántacha do gach fearann ábhair, soláthrófar an spás a theastaíonn ó mhúinteoirí chun a gcuid féin a dhéanamh den churaclam. Tugtar le fios ón taighde go spreagtar na cuir chuige "ticbhosca" thuas luaite (Priestley & Minty, 2013) ach Torthaí Foghlama a róshonrú. An baol a bhaineann leis sin ná gur inneachar scoilte a bhíonn sa teagasc agus go ndéantar é a iarfheistiú sna Torthaí Foghlama, seachas eolas cumhachtach a fhorbairt agus a úsáid mar chomhthéacs chun torthaí a bhaint amach.

Is féidir le heolas cumhachtach teacht chun cinn má chuirtear tús le pleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú trí bhíthin breithniú cúramach a dhéanamh ar na cuspóirí ardleibhéil oideachais a leagtar amach sna torthaí cineálacha, agus ar cheisteanna eolais (.i. conas a roghnaítear eolas le leanúnachas agus dul chun cinn sa churaclam a chinntiú?). Bíonn treoir agus samplaí cleachtais níos áisiúla sa chás go ndíríonn siad ar na cuspóirí ardleibhéil oideachais agus freisin ar eiseamláirí mionsonraithe a bhaineann le hábhair faoi leith. Féadfaidh treoir den sórt sin scafláil a chur ar fáil don chinnteoireacht ghairmiúil, agus deis a thabhairt freastal ar riachtanais áitiúla chomh maith le comhleanúnachas ar feadh an chórais a chinntiú, mar gheall go mbíonn na gníomhaithe go léir ar gach leibhéal dírithe ar na torthaí ardleibhéil. Ní mór aon fhormhíniú nó aon ábhar tacaíochta a cheapadh

go cúramach le go dtacóidh siad le rannpháirtíocht dhíreach leis na 'hidéanna móra' agus le teachtaireachtaí agus cuspóirí an oideachais.

Tá taithí ag go leor múinteoirí ar a bheith sáite i gcultúr inarb é sealbhú eolais a bhaineann go sonrach le hábhar an príomhthomhas lena dtugtar breithiúnas ar a scoláirí agus ar a rath féin. Tugtar aird sna cás-staidéir ar an tábhacht a bhaineann le Torthaí Foghlama a úsáid ar bhealach iomlánaíoch mar threoracha chun timpeallachtaí foghlama a chruthú a bheidh cuiditheach, solúbtha agus dírithe ar an scoláire. Má úsáidtear iad mar liosta míreanna le múineadh, beidh sé deacair feabhsúcháin oideolaíocha substainteacha agus inbhuanaithe a thabhairt isteach, d'ainneoin tiomantas láidir sa bheartas chun é sin a dhéanamh. Is fearr a fhorbraítear léirmhíniú agus úsáid Torthaí Foghlama i gcúinsí éagsúla nuair a roinneann múinteoirí samplaí d'fheidhmíocht an scoláire agus nuair a phléann siad a mbreithiúnais ar leithligh ar Thorthaí Foghlama áirithe a thaispeáint.

Léiríonn gach ceann de na dlínsí ardleibhéal comhleanúnachais churaclaim go hingearach trí bhíthin leibhéil foghlama agus go cliathánach thar na réimsí foghlama. I gcásanna áirithe (m.sh. Singeapór) tá cáipéis churaclaim amháin a chuimsíonn an t-oideachas go léir, ón mbunscoil go dtí an meánscoil uachtarach. Bíonn cáipéisí ar leithligh ann, de ghnáth, don oideachas naíscoile agus luathbhlianta. An buntáiste a bhaineann leis an leibhéal sin comhleanúnachais ná tacar iomlán idéanna idirghaolmhara a bhfuil naisc shoiléire eatarthu. Is gné de go leor de na córais a ndearnadh athchóiriú orthu le déanaí athbhreithniú rollach ar an gcuraclam. Cuidíonn an próiseas leanúnach agus atriallach sin le leanúnachas a choinneáil agus coinnítear idirphlé idir múinteoirí agus an córas ar chuspóirí an churaclaim leis.

Tá roinnt fianaise feicthe againn sna cás-staidéir faoina laghad tionchair a fhéadfaidh athrú ar an gcuraclam a imirt ar an gcleachtas teagaisc, beag beann ar fhorbairt agus tacaíocht ghairmiúil agus formhíniú mór ar Thorthaí Foghlama. Ceann de na deacrachtaí a bhíonn ann ná nuair a mheasann múinteoirí go bhfuil gnéithe den churaclam cosúil le gnéithe atá ann cheana féin, nuair a bhíonn siad sách difriúil i ndáiríre; bíonn an claonadh ann teanga an bheartais nua a úsáid chun lipéad a chur ar chleachtais atá ann cheana féin (féach Biesta, Priestley & Robinson, 2017). Is léir ó na cás-staidéir go gcabhraíonn comhoibriú idir lucht déanta beartais, cleachtóirí agus taighdeoirí oideachais chun samplaí iontaofa de Thorthaí Foghlama i gcleachtas a thabhairt, i bpáirt, le léiriú a thabhairt ar na hoideolaíochtaí a bhíonn ag athrú agus ar na caidrimh idir Torthaí Foghlama na n-ábhar agus torthaí inmhianaithe an oideachais. Is cuid ríthábhachtach den phróiseas sin go mbainfidh cleachtóirí brí as rudaí ar bhealach struchtúrtha a bhfuil tacaíocht aige.

Nótaí Buíochais

Is mian leis na húdair buíochas a ghabháil leis an gcúigear acadóirí neamhspleácha a roinn tuairimí criticiúla ar dhréacht roimhe seo den tuarascáil.

Tagairtí

Albright, J., & Kramer-Dahl, A. (2009). The legacy of instrumentality in policy and pedagogy in the teaching of English: The case of Singapore. *Research Papers in Education*, *24*(2).

Alison, J. (2005). *Teachers talk about NCEA Research Report on Summary Version*.

BCTF. (2013). BCTF Research Report, 1–8.

BCTF. (2016). *Discussion paper: Diverse perspectives of BCTF members on the redesigned BC curriculum*. British Columbia.

Biesta, G., & Priestley, M. (2013). A curriculum for the twenty-first century? In M. Priestley & G. J. J. Biesta (Eag.), *Reinventing the curriculum: New trends in curriculum policy and practice* (lgh. 229–236). Londain: Bloomsbury.

Biesta, G.J.J., Priestly, M.& Robinson, S. (2017). Talking about education: exploring the significiance of teachers' talk for teacher agency. *Journal of curriculum studies 49:138-54,* http://dx.doi.org/10.1080/00220272.2016.1205143

Campbell, C., Fullan, M., Hargreaves, A., James, C., & Longboat, K. (2018). *Ontario: A Learning Province, Findings and Recommendations*. Ontario.

CEDEFOP. (2009). *The shift to learning outcomes: Policies and practices in Europe*. *Education + Training* (Vol. 51). https://doi.org/10.1108/et.2009.00451cab.002

Chan, C., & Bray, M. (2014). Marketized private tutoring as a supplement to regular schooling: Liberal studies and the shadow sector in Hong Kong secondary education. *Journal of Curriculum Studies*, *46*(3).

Cheng, Y. C. (1992). A preliminary study of school management initiative: responses to induction and implementation of management reforms. *Educational Research Journal*.

Cheng, Y. C. (2007). Future developments of educational research in the Asia-Pacific Region: paradigm shifts, reforms and practice. *Educational Research for Policy and Practice*, *6*.

Cheng, Y. C. (2008). Symposium on Educational Research: International Perspectives, American Educational Research Association, Annual Meeting, New York,. In *Reform syndrome and educational research in the Asia-Pacific Region*. Nua-Eabhrac.

Coffield, F. (2012). Why the McKinsey reports will not improve school systems. *Journal of Education*

Policy, *27*, 131–149. https://doi.org/10.1080/02680939.2011.623243

Cohen, D., Raudenbush, S., & Loewenberg Ball, D. (2003). Resources , Instruction , and Research, *25*(2), 119–142.

Counsell, C. (2011). Disciplinary knowledge for all, the secondary history curriculum and history teachers' achievement. *Curriculum Journal*, *22*(2), 201–225. https://doi.org/10.1080/09585176.2011.574951

De Souza, D. E. (2018). Educational change in Singapore and its 'tinkering' around the edges: A critical realist perspective. *Journal of Educational Change*, *19*(1), 19–49. https://doi.org/10.1007/s10833-017-9314-z

ROS. (2011). Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol. Baile Átha Cliath. Faighte ó: http://www.education.ie/en/publications/policy-reports/lit_num_strategy_full.pdf

Education Commission. (1997). *Report No. 7. (ECR7), Quality School Education*. Hong Cong.

Edwards, F. (2013). Assessing New Zealand high school science: Considerations for teachers' assessment literacy. *Asia-Pacific Forum on Science Learning and Teaching*, *14*(2), 1–18. https://doi.org/10.1590/S0102-05362003000300026

Elmore, R. F. (1996). Getting to scale with good educational practice. *Harvard Educational Review*, 66 (1), 1-26.

FitzPatrick, B., & Schulz, H. (2015). Do Curriculum Outcomes and Assessment Activities in Science Encourage Higher Order Thinking? *Canadian Journal of Science, Mathematics and Technology Education*, *15*(2), 136–154. https://doi.org/10.1080/14926156.2015.1014074

Fullan, M. (2013). Great to Excellent:Launching the Next Stage of Ontario's Education Agenda. Ontario.

Glaze, A.(2013). How Ontario Spread Successful Practices across 5000 schools published on line at Phi Delta Kappan imtec.org/wp-content/uploads/2017/04/How-Ontario-spread-successful-practices-across-5000-schools.pdf

Gopinathan, S., & Lee, M. H. (2013). Globalization and the Singapore curriculum: From policy to classroom classroom. In *Globalization, the state and curriculum reform* (lgh. 15–32).

Hargreaves, A., & Fink, D. (2006). *Sustainable leadership*. San Francisco, CA: Jossey Bass.

Hart, D., & Kempf, A. (2018). *Public attitudes towards education in Ontario 2018*. Toronto. Faighte ó:

http://tspace.library.utoronto.ca/handle/1807/801

Heng, S. . (2014). 2014 International Association for Educational Assessment (IAEA) Conference, MOE, Singapore. In *Opening address by Mr Heng Swee Kea*.

Hogan, D., Chan, M., Rahim, R., Maung, A. K., Chen, L. S., Zhe, S. Y., & Wenshu, L. (2013). Context and Implications Document for: Assessment And The Logic Of Instructional Practice In Secondary 3 English And Mathematics Classrooms In Singapore. *Review of Education*, *1*(1), 122–123. https://doi.org/10.1002/rev3.3009

Hong Kong Curriculum Development Council. (2014). Senior secondary curriculum guide. The future is now: from vision to realisation. Hong Cong: Curriculum Development Council.

Hong Kong Curriculum Development Council. (2017). Secondary Education Curriculum Guide Draft (May 2017) Booklet 11 Professional Development and Schools as Learning Organisations. Hong Cong: Curriculum Development Council.

Keddie, A., Mills, M., & Pendergast, D. (2011). Fabricating an identity in neo-liberal times: Performing schooling as "number one." *Oxford Review of Education*, *37*(1), 75–92. https://doi.org/10.1080/03054985.2010.538528

Koh, A. (2004). Singapore education in 'new times': Global/local imperatives. *Studies in the Cultural Politics of Education*, *25*(3), 335–349.

Leat, D. Livingstone, K., & Priestley, M. (2013). Curriculum deregulation in England and Scotland: Different directions of travel? In W.Kuiper & J. Berkvens (Ed.), *Balancing Curriculum Regulation and Freedom across Europe, CIDREE Yearbook 2013* (lgh. 229–267). Enschede: SLO. https://doi.org/10.1017/CBO9781107415324.004

Lee, S. K. (2008). *Toward a better future: Education and Training for Economic Development in Singapore since 1965*. Washington DC: The World Bank.

Levin. (2007). Curriculum and Politics, 7–24.

Lim-Ratnam, C., Atencio, M., & Lee, C. K. E. (2016). Managing the paradox of control: the case of ground-up implementation of active learning in Singapore's primary schools. *Educational Research for Policy and Practice*, *15*(3), 231–246. https://doi.org/10.1007/s10671-016-9191-x

MOE. (2012). *Enabling innovation transforming curriculum and assessment*. https://doi.org/10.1007/978-3-662-49275-8

MOE. (2016). *Secondary School Education Booklet*. MOE. Singeapór. Faighte ó:

https://www.moe.gov.sg/docs/default-source/document/education/secondary/files/secondary-school-education-booklet.pdf

Mourshed, M., Chijioke, C., & Barber, M. (2010a). *How the world's most improved school systems keep getting better*. Londain.

Mourshed, M., Chijioke, C., & Barber, M. (2010b). *How the world's most improved school systems keep getting better*. Londain. Faighte ó: https://www.mckinsey.com/~/media/mckinsey/industries/social sector/our insights/how the worlds most improved school systems keep getting better/how_the_worlds_most_improved_school_systems_keep_getting_better.ashx

National Public Education Support Fund. (2011). System on the Move: Story of the Ontario Education Strategy, (June), 1–21.

CNCM. (2003). Senior Cycle Education, Directions For Development.

Ng Tee, P. (2008). Educational reform in Singapore: from quantity to quality. *Journal of Educational Research for Policy and Practice*, *7*(1), 5–15.

Oats, T. (2011). Could do better: using international comparisons to refine the National Curriculum in England. *The Curriculum Journal*, *22*(2), 121–150. https://doi.org/10.1163/1574-9347_bnp_e501480

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). (2010). Ontario, Ceanada: Reform to Support High Achievement in a Diverse Context. *Strong Performers and Successful Reformers in Education: Lessons from PISA for the United States*, 65–81. https://doi.org/10.1787/888932366655

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). (2011). Singeapór: Rapid Improvement Followed by Strong Performance. *Lessons from PISA for the United States Strong Performers and Successful Reformers*, 159–176.

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). (2013). *Key Findings from the Teaching and Learning International Survey (TALIS)*. *Teaching and Learning International Survey*. https://doi.org/https://www.oecd.org/netherlands/TALIS-2013-Netherlands.pdf

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). (2016). *PISA 2015 Results (Volume I): Excellence and Equity in Education* (Vol. 1). Páras: Faighte ó http://dx.doi.org/10.1787/9789264266490-en

OER-CRPP. (2016). INNOVATIONS FOR PEDAGOGICAL CHANGE : Singeapór: MOE.

Ontario Ministry of Education. (2010). Growing Success: Assessment, Evaluation, and Reporting in Ontario Schools. *Growing Success*, 1–168. https://doi.org/10.1017/CBO9781107415324.004

Ormond, B. (2011). Shifts in Knowledge Teaching : The unexpected consequences of assessment practices on secondary history, *23*(1), 5–22.

Ormond, B. M. (2017). Curriculum decisions–the challenges of teacher autonomy over knowledge selection for history. *Journal of Curriculum Studies*, *49*(5), 599–619. https://doi.org/10.1080/00220272.2016.1149225

Osmond-johnson, P. (2016). Discourses of Teacher Professionalism : " From Within " and " From Without " or Two Sides of the Same Coin ? *Canadian Journal of Educational Administration and Policy,* 61–72.

O'Neill.A-M.(1996) *Curriculum Development in Aotearoa/New Zealand:an editorial introdcution, in:* O'Neill,A.M. (ED) *Delta; Policy and Practice in Education 48/1, 3-10*

Pietarinen, J., Pyhältö, K., & Soini, T. (2017). Shared Sense-making in Curriculum Reform: Orchestrating the Local Curriculum Work. *Scandinavian Journal of Educational Research*, *3831*, 1–15. https://doi.org/10.1080/00313831.2017.1402367

Pollock, K. (2013). Administrators and Teachers' Perceptions of School Success in a Publicly Funded Catholic school in Ontario, Canada. *Journal of Catholic education, 16 (2).* http://dx.doi.org/10.15365/joce.1602052013

Priestley, M., Biesta, G., & Robinson, S. (2015). *Teacher Agency, an ecological approach*. Londain: Bloomsbury.

Priestley, M., & Minty, S. (2013). Curriculum for Excellence:'A brilliant idea, but...'. *Scottish Educational Review*, *45*, 39–52. Faighte ó: https://dspace.stir.ac.uk/handle/1893/11356

Priestley, M., & Sinnema, C. (2014). Downgraded curriculum? An analysis of knowledge in new curricula in Scotland and New Zealand. *Curriculum Journal*, *25*(1), 50–75. https://doi.org/10.1080/09585176.2013.872047

Pyhältö, K., Pietarinen, J., & Soini, T. (2018). Dynamic and shared sense-making in large-scale curriculum reform in school districts. *Curriculum Journal*, *29*(2), 181–200. https://doi.org/10.1080/09585176.2018.1447306

Siennema, C., & Aitken, G. (2013). Trends in international forbairt curaclaim. In J. J. Biesta (Ed.),

Reinventing the curriculum: New trends in curriculum policy and practice (lgh. 141–164). Londain: Bloomsbury.

Sinnema, C. (2009). *Monitoring and Evaluating Curriculum Implementation*.

Smith, J. (Forthcoming). First Bruce, then the Nazis: Curriculum autonomy and knowledge fragmentation in Scottish high school history syllabi.

Sun, C., Raptis, H., & Weaver, A. J. (2015). Crowding the curriculum? Changes to grades 9 and 10 science in British Columbia, 1920-2014. *Canadian Journal of Education*, *38*(3).

Tan, C., & Ng, P. T. (2007). Dynamics of change: Decentralised centralism of education in Singapore. *Journal of Educational Change*, *8*(2), 155–168. https://doi.org/10.1007/s10833-006-9016-4

Tan, J. (2013). Aims of Schooling for the Twenty-First Century: The Desired Outcomes of Education. In Z. Deng, S. Gopinathan, & C. Lee (Eag.), *Globalization and the Singapore Curriculum*.

Tan, J. P., Koh, E., Chan, M., Onishi-Costes, P., & Hung, D. (2017). Advancing 21st century competencies in East Asian education systems. In K. M. Cheng. (Eag.), *Advancing 21st century competencies in East Asian education systems.* Singeapór: Asia Society, Centre for Global Education. Faighte ó: https://asiasociety.org/sites/default/files/2017-10/advancing-21st-century-competencies-insingapore.pdf

The Curriculum Development Council. (2017). *Secondary Education Curriculum Guide*.

Tiberghien, A. (2000). Designing teaching situations in the secondary school. In R. Millar, J. Leach, & J. Osbourne (Eag.), *Improving science education: the contribution of research* (lgh. 27–47). Buckingham, UK: Open University Press.

Toh, Y., Hung, W. L. D., Chua, P. M. H., He, S., & Jamaludin, A. (2016). Pedagogical reforms within a centralised-decentralised system: A Singapore's perspective to diffuse 21st century learning innovations. *International Journal of Educational Management*, *30*(7), 1247–1267. https://doi.org/10.1108/IJEM-10-2015-0147

Wilson, S. M., Peterson, P. L., Ball, D. L., Cohen, D. K., Peterson, P. L., Ball, L., & Cohen, D. K. (2018). Learning by all, *77*(7), 474–476.

Wolf, A. (1995). *Competence-Based Assessment*. (Open University Press, Ed.), *Competence-Based Assessment*. Buckingham: Open University Press. https://doi.org/10.1049/esej:19930010

Wylie, C., McDowall, S., Ferral, H., Felgate, R., & Visser, H. (2018). *Teaching Practices, School Practices, and Principal Leadership: The first national picture 2017*.

Yates, L., & Young, M. (2010). Globalisation, Knowledge and the Curriculum. *European Journal of Education*, *45*(1), 4–10. https://doi.org/10.1111/j.1465-3435.2009.01412.x

Yeung, Y. Y., Lee, Y. C., & Lam, I. C. M. (2012). Curriculum reform and restructuring of senior secondary science education in Hong Kong: Teachers' perceptions and implications. *Asia-Pacific Forum on Science Learning and Teaching*, *13*(2), 1–34.

Young, M. (2014). What is a curriculum and what can it do? *Curriculum Journal*, *25*(1), 7–13. https://doi.org/10.1080/09585176.2014.902526

Young, M., & Muller, J. (2010). Three Educational Scenarios for the Future : lessons. *European Journal of Education*, *45*(1), 11–27.

Zhan, Y., So, W. M. W., & Cheng, N. Y. I. (2016). Implementation Matters: Teachers' Pedagogical Practices During the Implementation of an Interdisciplinary Curriculum in Hong Kong. *Asia-Pacific Education Researcher*, *25*(4), 527–539. https://doi.org/10.1007/s40299-016-0278-1